

IONSTRAIM
I dTAOBH CHOINNÍOLLACHA AONTACHAIS
PHOBLACHT NA BULGÁIRE AGUS NA RÓMÁINE
AGUS OIRIÚNUITHE AR NA CONARTHAÍ AR A BHFUL
AN tAONTAS EORPACH FOTHAITHE

I gcomhréir le hAirteagal 2 den Chonradh Aontachais, mura mbeidh an Conradh ag bunú Bunreachta don Eoraip i bhfeidhm an 1 Eanáir 2007, beidh an Ionstraim seo infheidhme go dtí dáta an Chonartha ag bunú Bunreachta don Eoraip a theacht i bhfeidhm.

CUID A hAON**NA PRIONSABAIL****AIRTEAGAL 1**

Chun críocha na hIonstraime seo:

- ciallaíonn an abairt "Conarthaí bunaidh":
 - (a) an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh ("Conradh CE") agus an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ("Conradh CEFA"), mar atá arna bhforlónadh nó arna leasú le conarthaí nó le gníomhartha eile a tháinig i bhfeidhm roimh an aontachas,

- (b) an Conradh ar an Aontas Eorpach ("Conradh AE"), mar atá arna fhorlónadh nó arna leasú le conarthaí nó le gníomhartha eile a tháinig i bhfeidhm roimh an aontachas;
- ciallaíonn an abairt "Ballstáit láithreacha" Ríocht na Beilge, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Éire, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laityva, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann;
 - ciallaíonn an abairt "an tAontas" an tAontas Eorpach mar atá arna bhunú le Conradh AE;
 - ciallaíonn an abairt "an Comhphobal" ceann amháin nó an dá cheann de na Comhphobail dá dtagraítear sa chéad fhleasc, de réir mar a bheidh;
 - ciallaíonn an abairt "Ballstáit nua" Poblacht na Bulgáire agus an Rómáin;
 - ciallaíonn an abairt "na hinstituíidí" na hinstituíidí arna mbunú leis na Conarthaí bunaidh.

AIRTEAGAL 2

Amhail ó dháta an aontachais, beidh forálacha na gConarthaí bunaidh agus na gníomhartha a ghlac na hinstitiúidí agus an Banc Ceannais Eorpach roimh an aontachas ina gceangal ar an mBulgáir agus ar an Rómáin agus beidh siad infheidhme sna Stáit sin faoi na coinníollacha atá leagtha síos sna Conarthaí sin agus san Ionstraim seo.

AIRTEAGAL 3

1. Aontaíonn an Bhulgáir agus an Rómáin do na cinntí agus do na comhaontuithe arna nglacadh ag Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle.
2. Tá an Bhulgáir agus an Rómáin sa staid chéanna leis na Ballstáit láithreacha i leith dearbhuithe nó rún nó seasamh eile ón gComhairle Eorpach nó ón gComhairle, agus ina leith siúd arna nglacadh ag na Ballstáit de thoil a chéile maidir leis an gComhphobal nó leis an Aontas; dá réir sin urramóidh siad na prionsabail agus na treoirlínte a chineann ó na dearbhuithe, rúin nó seasaimh eile sin agus glacfaidh siad cibé bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad.

3. Aontóidh an Bhulgáir agus an Rómáin do na coinbhinsiúin agus na prótacail atá liostaithe in Iarscríbhinn I. Tiocfaidh na coinbhinsiúin agus na prótacail sin i bhfeidhm i ndáil leis an mBulgáir agus an Rómáin ar dháta arna chinneadh ag an gComhairle sna ci ntí dá dtagraítear i mír 4.
4. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, gach oiriúnú is gó de thoradh an aontachais ar na coinbhinsiúin agus na prótacail dá dtagraítear i mír 3 agus déanfaidh sí an téacs arna oiriúnú a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
5. Gabhann an Bhulgáir agus an Rómáin orthu féin, i leith na gcoinbhinsiúin agus na bprótacal dá dtagraítear i mír 3, socruite riarracháin agus eile a thabhairt isteach, ar nós a bhfuil glactha faoi dháta an aontachais ag na Ballstáit láithreacha nó ag an gComhairle, agus comhar praiticiúil a éascú idir institiúidí agus eagraíochtaí de chuid na mBallstát.
6. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, Iarscríbhinn I a fhorlónadh leis na coinbhinsiúin, na comhaontuithe agus na prótacail sin arna síniú roimh dháta an aontachais.

AIRTEAGAL 4

1. Forálacha acquis Schengen mar atá arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh leis an bPrótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (dá ngairtear "Prótacal Schengen" anseo feasta), agus na hionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, atá liostaithe in Iarscríbhinn II, mar aon le haon ionstraimí breise den sórt sin arna nglacadh roimh dháta an aontachais, beidh siad ina gceangal ar an mBulgáir agus ar an Rómáin agus beidh feidhm acu iontu ó dháta an aontachais.
2. Na forálacha sin de acquis Schengen mar atá arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh agus na hionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile nach dtagraítear dóibh i mír 1, agus iad ina gceangal ar an mBulgáir agus ar an Rómáin ó dháta an aontachais,ní bheidh feidhm acu i ngach ceann de na Stáit sin ach de bhun cinnidh ón gComhairle chuige sin tar éis fíorú, i gcomhréir le nósanna imeachta infheidhme measúnachta Schengen, go bhfuil na coinníollacha riachtanacha chun gach cuid den acquis i dtrácht a chur i bhfeidhm comhalla sa Stát sin.

Glacfaidh an Chomhairle a cinneadh, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di le haontoilíocht a comhaltaí a ionadaíonn Rialtais na mBallstát a bhfuil na forálacha dá dtagraítear sa mhír seo curtha in éifeacht cheana ina leith agus an ionadaí do Rialtas an Bhallstáit a bhfuil na forálacha sin le cur in éifeacht ina leith. Glacfaidh na comhaltaí den Chomhairle a ionadaíonn Rialtais na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann páirt i gcinneadh den sórt sin a mhéad a bhaineann sé le forálacha acquis Schengen agus na hionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile ina bhfuil na Ballstáit sin rannpháirteach.

AIRTEAGAL 5

Beidh an Bhulgáir agus an Rómáin rannpháirteach san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta ó dháta an aontachais mar Bhallstáit go maolú de réir bhrí Airteagal 122 de Chonradh CE.

AIRTEAGAL 6

1. Beidh na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin arna dtabhairt i gcrích nó arna gcur i bhfeidhm go sealadach ag an gComphphobal nó i gcomhréir le hAirteagal 24 nó le hAirteagal 38 de Chonradh AE, le tríú Stát amháin nó níos mó, le heagraíocht idirnáisiúnta nó le náisiúnach de thríú Stát, ina gceangal ar an mBulgáir agus ar an Rómáin faoi na coinníollacha atá leagtha síos sna Conarthaí bunaidh agus san Ionstraim seo.
2. Gabhann an Bhulgáir agus an Rómáin orthu féin aontú, faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Ionstraim seo, do na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin arna dtabhairt i gcrích nó arna síniú ag na Ballstáit láithreacha agus ag an gComphphobal, ag gníomhú dóibh go comphpháirteach.

Déanfar aontachas na Bulgáire agus na Rómáine leis na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin arna dtabhairt i gcrích nó arna síniú ag an gComphphobal agus ag na Ballstáit láithreacha, ag gníomhú dóibh go comphpháirteach, le tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta áirithe a chomhaontú trí phrótacal arna chur i gceangal le comhaontuithe nó coinbhinsiúin den sórt sin a thabhairt i gcrích idir an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil thar ceann na mBallstát, agus agus an tríú tir nó na tríú tíortha nó an eagraíocht idirnáisiúnta i dtrácht. Déanfaidh an Coimisiún na prótacail sin a chaibidil thar ceann na mBallstát ar bhonn treoracha caibidlíochta arna bhformheas ag an gComhairle, ag gníomhú di d'aon toil, agus i gcomhairle le coiste ar a mbeidh ionadaithe na mBallstát. Tíolacfaidh sé dréacht de na prótacail don Chomhairle lena dtabhairt i gcrích.

Tá an nós imeachta seo gan dochar d'fheidhmiú inniúlachtaí dílse an Chomhphobail agus ní dhéanann sé difear do chionroinnt na gcumhachtaí idir an Comhphobal agus na Ballstáit i dtaca le comhaontuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích sa todhchaí nó aon leasuithe eile nach mbaineann leis an aontachas.

3. Amhail óna n-aontachas leis na comhaontuithe agus na coinbhinsiúin dá dtagraítear i mír 2, gheobhaidh an Bhulgáir agus an Rómáin na cearta agus na hoibleagáidí céanna faoi na comhaontuithe agus na coinbhinsiúin sin atá ag na Ballstáit láithreacha.

4. Amhail ó dháta an aontachais, agus go dtí go dtiocfaidh na prótacail riachtanacha dá dtagraítear i mír 2 i bhfeidhm, cuirfidh an Bhulgáir agus an Rómáin i bhfeidhm forálacha na gcomhaontuithe nó na gcoinbhinsiún arna dtabhairt i gcrích go comhpháirteach ag na Ballstáit láithreacha agus ag an gComhphobal roimh an aontachas, amach ón gcomhaontú maidir le saorghluaiseacht daoine arna thabhairt i gcrích leis an Eilvéis. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin freisin maidir leis na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin sin atá an tAontas agus na Ballstáit láithreacha tar éis comhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach.

Go dtí go dtiocfaidh na prótacail dá dtagraítear i mír 2 i bhfeidhm, déanfaidh an Comhphobal agus na Ballstáit, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach mar is iomchuí faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, aon bheart is iomchuí a ghlacadh.

5. Aontóidh an Bhulgáir agus an Rómáin don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí den Ghrúpa Stát san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile¹, arna shíniú in Cotonou an 23 Meitheamh 2000.

6. Gabhann an Bhulgáir agus an Rómáin orthu féin aontú, faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Ionstraim seo, don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch², i gcomhréir le hAirteagal 128 den Chomhaontú sin.

7. Amhail ó dháta an aontachais, déanfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin na comhaontuithe agus na comhshocraíochtaí déthaobhacha teicstílí arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal le tríú tíortha a chur i bhfeidhm.

Déanfar na srianta cainníochtúla arna gcur i bhfeidhm ag an gComhphobal ar allmhairí táirgí teicstíle agus éadaigh a oiriúnú chun aontachas na Bulgáire agus na Rómáine leis an gComhphobal a chur san áireamh. Chuige sin, féadfaidh an Comhphobal leasuithe ar na comhaontuithe agus na comhshocraíochtaí déthaobhacha dá dtagraítear thusa a chaibidil leis na tríú tíortha i dtrácht roimh dháta an aontachais.

Mura mbeidh na leasuithe ar na comhaontuithe agus na comhshocraíochtaí déthaobhacha teicstíle tagtha i bhfeidhm faoi dháta an aontachais, déanfaidh an Comhphobal na hoiriúnuithe is gá ar a rialacha maidir le táirgí teicstíle agus éadaigh a allmhairí ó thríú tíortha chun aontachas na Bulgáire agus na Rómáine a chur san áireamh.

¹ IO L 317, 15.12.2000, lch. 3.

² IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

8. Déanfar na srianta cainníochtúla ar allmhairí cruach agus táirgí cruach arna gcur i bhfeidhm ag an gComhphobal a oiriúnú ar bhonn allmhairí na Bulgáire agus na Rómáine sna blianta deireanacha de tháirgí cruach de thionscnamh na dtíortha is soláthraithe i dtrácht.

Chuige sin, déanfar na leasuithe is gá ar na comhaontuithe agus na comhshocraíochtaí déthaobhacha cruach arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal le tríú tíortha a chaibidil roimh dháta an aontachais.

Mura mbeidh na leasuithe ar na comhaontuithe agus na comhshocraíochtaí déthaobhacha tagtha i bhfeidhm faoi dháta an aontachais, beidh feidhm ag forálacha na chéad fhomhíre.

9. Déanfaidh an Comhphobal na comhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích roimh an aontachas ag an mBulgáir nó ag an Rómáin le tríú tíortha a bhainistiú.

Ní dhéanfar difear do na cearta ná na hoibleagáidí a leanann don Bhulgáir agus don Rómáin ó na comhaontuithe sin i rith na tréimhse a mbeidh forálacha na gcomhaontuithe sin á gcoimeád ar bun go sealadach.

A thúisce is féidir agus ar chaoi ar bith roimh na comhaontuithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dhul in éag, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na cíntí iomchuí i ngach cás chun go leanfaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a thig ó na comhaontuithe sin, lena n-áirítear an chaoi chun comhaontuithe áirithe a fhadú go ceann tréimhsí nach mó ná bliain amháin.

10. Le héifeacht ó dháta an aontachais, tarraingeoidh an Bhulgáir agus an Rómáin siar ó aon chomhaontuite saorthrádála le tríú tíortha, lena n-áirítear Comhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa.

Sa mhéid nach bhfuil na comhaontuithe idir an Bhulgáir, an Rómáin nó an dá Stát sin ar thaobh amháin agus tríú thír amháin nó níos mó ar an taobh eile ag luí leis na hoibleagáidí a thig ón Ionstraim seo, glacfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin gach céim iomchuí chun deireadh a chur leis an neamhluí arna bhunú. Má bhaineann deacrachartaí don Bhulgáir nó don Rómáin le linn oiriúnú a dhéanamh ar chomhaontú arna thabhairt i gcrích roimh an aontachas le tríú thír amháin nó níos mó, tarraingeoidh sí siar ón gcomhaontú sin de réir théarmaí an chomhaontaithe.

11. Faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Ionstraim seo, aontaíonn an Bhulgáir agus an Rómáin do na comhaontuithe inmheánacha arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit láithreacha chun na comhaontuite nó na coinbhinsiúin dá dtagraítear i míreanna 2, 5 agus 6 a chur chun feidhme.

12. Glacfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin, más gá, bearta iomchuí chun a seasamh i ndáil le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus leis na comhaontuithe idirnáisiúnta sin a bhfuil an Comhphobal nó Ballstáit eile ina bpáirtithe iontu freisin a oiriúnú do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn óna n-aontachas leis an Aontas.

Tarraingeoidh siad siar go háirithe ar dháta an aontachais nó ar an dáta is túisce is féidir ina dhiaidh ó chomhaontuite agus eagraíochtaí idirnáisiúnta iascaigh ar páirtí iontu freisin an Comhphobal, mura mbaineann a gcomholtas le hábhair seachas ábhair iascaigh.

AIRTEAGAL 7

1. Mura bhforáiltear a mhalaírt inti,ní fhéadfar forálacha na hIonstraime seo a fhionraí, a leasú ná a aisghairm seachas tríd an nós imeachta atá leagtha síos sna Conarthaí bunaidh chun gur féidir na Conarthaí sin a athbhreithniú.
2. Coinneoidh gníomhartha arna nglacadh ag na hinstiúidí lena mbaineann na bearta idirthréimhseacha atá leagtha síos san Ionstraim seo a stádas dlítheanach; ach go háirithe, leanfaidh na nósanna imeachta chun na gníomhartha sin a leasú d'fheidhm a bheith acu.

3. Na forálacha den Ionstraim seo arb é is aidhm nó is éifeacht dóibh gníomhartha arna nglacadh ag na hinstitiúidí a aisghairm nó a leasú, seachas mar bheart idirthréimhseach, beidh an stádas dlítheanach céanna acu atá ag na forálacha a aisghairtear nó a leasaíttear leo agus beidh siad faoi réir na rialacha céanna leis na forálacha sin.

AIRTEAGAL 8

Beidh cur i bhfeidhm na gConarthaí bunaidh agus na ngníomhartha arna nglacadh ag na hinstitiúidí faoi réir na maoluithe dá bhforáiltear san Ionstraim seo, mar bheart idirthréimhseach.

CUID A DÓ

OIRIÚNUITHE AR NA CONARTHAÍ

TEIDEAL I

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

AIRTEAGAL 9

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 189 de Chonradh CE agus an dara mír d'Airteagal 107 de Chonradh CEFA:

"Ní rachaidh líon chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa thar 736."

2. Le héifeacht ó thús théarma 2009-2014, cuirfear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 190(2) de Chonradh CE agus d'Airteagal 108(2) de Chonradh CEFA:

"2. Is mar a leanas a bheidh líon na n-ionadaithe a thoghfar i ngach Ballstát:

An Bheilg	22
An Bhulgáir	17
Poblacht na Seice	22
An Danmhairg	13
An Ghearmáin	99
An Eastóin	6
An Ghréig	22
An Spáinn	50
An Fhrainc	72
Éire	12
An Iodáil	72
An Chipir	6
An Laitvia	8

An Liotuáin	12
Lucsamburg	6
An Ungáir	22
Málta	5
An Ísiltír	25
An Ostair	17
An Pholainn	50
An Phortaingéil	22
An Rómáin	33
An tSlóivéin	7
An tSlóvaic	13
An Fhionlainn	13
An tSualainn	18
An Ríocht Aontaithe	72."

AIRTEAGAL 10

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 205(2) de Chonradh CE agus Airteagal 118(2) de Chonradh CEFA:

"2. Nuair a cheanglaítear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach cáilithe, déanfar vótaí a comhaltaí a ualú mar a leanas:

An Bheilg	12
An Bhulgáir	10
Poblacht na Seice	12
An Danmhairg	7
An Ghearmáin	29
An Eastóin	4
An Ghréig	12
An Spáinn	27
An Fhrainc	29

Éire	7
An Iodáil	29
An Chipir	4
An Laitvia	4
An Liotuáin	7
Lucsamburg	4
An Ungáir	12
Málta	3
An Ísiltír	13
An Ostair	10
An Pholainn	27
An Phortainngéil	12
An Rómáin	14
An tSlóivéin	4
An tSlóvaic	7
An Fhionlainn	7
An tSualainn	10
An Ríocht Aontaithe	29

Chun go nglacfar gníomhartha na Comhairle, is gá cuid nach lú ná 255 vóta ina bhfabhar arna gcaitheamh ag tromlach na gcomhaltaí sa chás ina gceanglaítear sa Chonradh seo iad a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún.

Chun go nglacfar gníomhartha na Comhairle i gcásanna eile, is gá cuid nach lú ná 255 vóta ina bhfabhar arna gcaitheamh ag dhá thrian de na comhaltaí ar a laghad."

2. In Airteagal 23(2) de Chonradh AE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"Déanfar vótaí chomhaltaí na Comhairle a ualú i gcomhréir le hAirteagal 205(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh. Chun go nglacfar cinntí, is gá cuid nach lú ná 255 vóta ina bhfabhar arna gcaitheamh ag dhá thrian de na comhaltaí ar a laghad. Nuair atá cinneadh le glacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe, féadfaidh comhalta den Chomhairle a iarraidh go bhfíoraítear go bhfuil na Ballstáit a chomhdhéanann an tromlach cáilithe in ionannas le 62% ar a laghad de dhaonra iomlán an Aontais. Más léir nach bhfuil an coinníoll sin comhalla, ní ghlacfar an cinneadh i dtrácht."

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34(3) de Chonradh AE:

"3. Nuair a cheanglaítear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach cáilithe, déanfar vótaí a comhaltaí a ualú i gcomhréir le hAirteagal 205(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus, chun go nglacfar gníomhartha na Comhairle, is gá cuid nach lú ná 255 vóta ina bhfabhar arna gcaitheamh ag dhá thrian de na comhaltaí ar a laghad. Nuair atá cinneadh le glacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe, féadfaidh comhalta den Chomhairle a iarraidh go bhfíoraítéar go bhfuil na Ballstáit a chomhdhéanann an tromlach cáilithe in ionannas le 62% ar a laghad de dhaonra iomlán an Aontais. Más léir nach bhfuil an coinníoll sin comhalla, ní ghlacfar an cinneadh i dtrácht."

AIRTEAGAL 11

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre d'Airteagal 9 den Phrótacal atá i gceangal le Conradh AE, Conradh CE agus Conradh CEFA ar Reacht na Cúirte Breithiúnais:

"Nuair a athrófar cuid de na Breithiúna gach trí bliana, athrófar ceithre Bhreitheamh déag agus trí Bhreitheamh déag díobh gach re seach.".

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 48 den Phrótacal atá i gceangal le Conradh AE, Conradh CE agus Conradh CEFA ar Reacht na Cúirte Breithiúnais:

"Airteagal 48

Seacht mBreitheamh is fiche a bheidh ar an gCúirt Chéadchéime."

AIRTEAGAL 12

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 258 de Chonradh CE agus an dara mír d'Airteagal 166 de Chonradh CEFA maidir le comhdhéanamh an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta:

"Is mar seo a leanas a bheidh líon chomhaltaí an Choiste:

An Bheilg	12
An Bhulgáir	12
Poblacht na Seice	12
An Danmhairg	9
An Ghearmáin	24
An Eastóin	7
An Ghréig	12
An Spáinn	21
An Fhrainc	24
Éire	9
An Iodáil	24
An Chipir	6
An Laitvia	7
An Liotuáin	9

Lucsamburg	6
An Ungáir	12
Málta	5
An Ísiltír	12
An Ostair	12
An Pholainn	21
An Phortaingéil	12
An Rómáin	15
An tSlóivéin	7
An tSlóvaic	9
An Fhionlainn	9
An tSualainn	12
An Ríocht Aontaithe	24".

AIRTEAGAL 13

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír d'Airteagal 263 de Chonradh CE maidir le comhdhéanamh Choiste na Réigiún:

"Is mar seo a leanas a bheidh lín chomhaltaí an Choiste:

An Bheilg	12
An Bhulgáir	12
Poblacht na Seice	12
An Danmhairg	9
An Ghearmáin	24
An Eastóin	7
An Ghréig	12
An Spáinn	21
An Fhrainc	24
Éire	9
An Iodáil	24
An Chipir	6
An Laitvia	7
An Liotuáin	9
Lucsamburg	6

An Ungáir	12
Málta	5
An Ísiltír	12
An Ostair	12
An Pholainn	21
An Phortaingéil	12
An Rómáin	15
An tSlóivéin	7
An tSlóvaic	9
An Fhionlainn	9
An tSualainn	12
An Ríocht Aontaithe	24".

AIRTEAGAL 14

Leasaítear leis seo an Prótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta atá i gceangan le Conradh CE, mar a leanas:

1. In Airteagal 3, cuirtear isteach an méid seo a leanas idir na hiontrálacha a bhaineann leis an mBeilg agus le Poblacht na Seice:

"— Poblacht na Bulgáire,"

agus an méid seo a leanas idir na hiontrálacha a bhaineann leis an bPortaingéil agus leis an tSlóivéin:

"— An Rómáin,"

2. Sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(1):

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

"1. Is é is caipiteal don Bhanc EUR 164 795 737 000, arna shuibscríobh ag na Ballstáit mar a leanas *:

* Is táscach iad na figiúirí don Bhulgáir agus don Rómáin agus tá siad bunaithe ar na sonraí do 2003 atá foilsithe ag Eurostat."

- (b) cuirtear isteach an méid seo a leanas idir na hiontrálacha a bhaineann le hÉirinn agus leis an tSlóvaic:

"An Rómáin 846 000 000"; agus

- (c) cuirtear isteach an méid seo a leanas idir na hiontrálacha a bhaineann leis an tSlóivéin agus leis an Liotuáin:

"An Bhulgáir 296 000 000".

3. In Airteagal 11(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, an dara fomhír agus an tríú fomhír:

"Ocht stiúrthóir is fiche agus ocht stiúrthóir malartacha déag a bheidh ar an mBord Stiúrthóirí."

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na Stiúrthóirí a cheapadh go ceann cúig bliana, stiúrthóir amháin arna ainmniú ag gach Ballstát, agus stiúrthóir amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún.

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na malartaigh a cheapadh go ceann cúig bliana mar a thaispeántar thíos:

- beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht Chónaighme na Gearmáine,
- beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht na Fraince,
- beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht na hIodáile,
- beirt mhalartach arna n-ainmniú ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,
- malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Spáinne agus ag Poblacht na Portaingéile,

- malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Beilge, Ard-Diúcacht Lucsamburg agus ag Ríocht na hÍsiltíre,
- beirt mhalartach arna n-ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Danmhairge, ag an bPoblacht Heilléanach, ag Éirinn agus ag an Rómáin,
- beirt mhalartach arna ainmniú de thoil a chéile ag Poblacht na hEastóine, ag Poblacht na Laitvia, ag Poblacht na Liotuáine, ag Poblacht na hOstaire, ag Poblacht na Fionlainne agus ag Ríocht na Sualainne,
- triúr malartach arna n-ainmniú de thoil a chéile ag Poblacht na Bulgáire, ag Poblacht na Seice, ag Poblacht na Cipire, ag Poblacht na hUngáire, ag Poblacht Mhálta, ag Poblacht na Polainne, ag Poblacht na Slóivéine agus ag Poblacht na Slóvaice,
- malartach amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún.".

AIRTEAGAL 15

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 134(2) de Chonradh CEFA maidir le comhdhéanamh an Choiste Eolaíoch agus Theicniúil:

"2. Comhalta is daichead a bheidh ar an gCoiste agus is í an Chomhairle a cheapfaidh iad tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún."

TEIDEAL II**OIRIÚNUITHE EILE****AIRTEAGAL 16**

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deiridh d'Airteagal 57(1) de Chonradh CE:

"I ndáil le srianta atá ann faoin dlí náisiúnta sa Bhulgáir, san Eastóin agus san Ungáir, is é an dáta ábhartha an 31 Nollaig 1999."

AIRTEAGAL 17

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 299(1) de Chonradh CE:

"1. Beidh feidhm ag an gConradh seo maidir le Ríocht na Beilge, le Poblacht na Bulgáire, le Poblacht na Seice, le Ríocht na Danmhairge, le Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, le Poblacht na hEastóine, leis an bPoblacht Heilléanach, le Ríocht na Spáinne, le Poblacht na Fraince, le hÉirinn, le Poblacht na hIodáile, le Poblacht na Cipire, le Poblacht na Laitvia, le Poblacht na Liotuáine, le hArd-Diúcacht Lucsamburg, le Poblacht na hUngáire, le Poblacht Mhálta, le Ríocht na hÍsiltíre, le Poblacht na hOstaire, le Poblacht na Polainne, le Poblacht na Portaingéile, leis an Rómáin, le Poblacht na Slóivéine, le Poblacht na Slóvaice, le Poblacht na Fionlainne, le Ríocht na Sualainne agus le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann."

AIRTEAGAL 18

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 314 de Chonradh CE:

" De bhun na gConarthaí Aontachais, is leaganacha údarásacha iad freisin na leaganacha den Chonradh seo sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Ghaeilge, sa Ghréigis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris."

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 225 de Chonradh CEFA:

" De bhun na gConarthaí Aontachais, is téacsanna údarásacha iad freisin na leaganacha den Chonradh seo sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Ghaeilge, sa Ghréigis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris."

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 53 de Chonradh AE:

"De bhun na gConarthaí Aontachais, is téacsanna údarásacha iad freisin na leaganacha den Chonradh seo sa Bhulgáiris, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, sa Pholainnis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa tSualainnis, agus san Ungáiris."

CUID A TRÍ**BUANFHORÁLACHA****TEIDEAL I****OIRIÚNUITHE AR GHNÍOMHARTHA ARNA nGLACADH AG NA hINSTITIÚIDÍ****AIRTEAGAL 19**

Déanfar na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Ionstraim seo a oriúnú mar atá sonraithe san Iarscríbhinn sin.

AIRTEAGAL 20

Déanfar na hoiriúnuithe is gá de thoradh an aontachais ar na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Ionstraim seo a tharraingt suas ar cothrom leis na treoirlínte atá leagtha amach san Iarscríbhinn sin.

TEIDEAL II**FORÁLACHA EILE****AIRTEAGAL 21**

Déanfar na bearta atá liostaithe in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Ionstraim seo a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

AIRTEAGAL 22

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na hoiriúnuithe a dhéanamh ar na forálacha den Ionstraim seo a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta a fhéadfaidh a bheith riachtanach de bharr modhnú ar rialacha Comhphobail.

CUID A CEATHAIR**FORÁLACHA SEALADACHA****TEIDEAL I****BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA****AIRTEAGAL 23**

Beidh na bearta atá liostaithe in Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann leis an Ionstraim seo infheidhme maidir leis an mBulgáir agus maidir leis an Rómáin faoi na coinníollacha atá leagtha síos sna hIarscríbhinní sin.

TEIDEAL II**FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA****AIRTEAGAL 24**

1. De mhaolú ar an líon uasta de chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa arna shocrú sa dara mír d'Airteagal 189 de Chonradh CE agus sa dara mír d'Airteagal 107 de Chonradh CEFA, méadófar ar líon chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa chun aontachas na Bulgáire agus na Rómáine a chur san áireamh leis an líon comhaltaí seo a leanas ó na tíortha sin i rith na tréimhse ó dháta an aontachais go dtí tús théarma 2009-2014 de Pharlaimint na hEorpa:

An Bhulgáir	18
An Rómáin	35.

2. Roimh an 31 Nollaig 2007, déanfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin araon toghchán trí vótáil chomhchoiteann dhíreach a bpobal a chur ar siúl do Pharlaimint na hEorpa don líon ionadaithe atá socraithe i mír 1, i gcomhréir le forálacha na hIonstraime maidir le toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach¹.

3. De mhaolú ar Airteagal 190(1) de Chonradh CE agus Airteagal 108(1) de Chonradh CEFA, más i ndiaidh dháta an aontachais a chuirfear na toghcháin ar siúl, is iad Parlaimintí na Bulgáire agus na Rómáine a cheapfaidh as a líon féin comhaltaí Pharlaimint na hEorpa a ionadóidh pobail na Stát sin i bPharlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis an nós imeachta arna leagan síos ag gach ceann de na Stáit sin, go ceann na tréimhse ó dháta an aontachais go dtí gach ceann de na toghcháin dá dtagraítear i mír 2.

¹ IO L 278, 8.10.1976, lch. 5. Ionstraim mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh 2002/772/CE,CEFA ón gComhairle (IO L 283, 21.10.2002, lch. 1).

TEIDEAL III

FORÁLACHA AIRGEADAIS

AIRTEAGAL 25

1. Ó dháta an aontachais, íocfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin na méideanna seo a leanas a fhreagraíonn dá scair den chaipiteal suibscríofa mar atá sé sainithe in Airteagal 4 de Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta¹:

An Bhulgáir	EUR	14 800 000
An Rómáin	EUR	42 300 000.

Íocfar na ranníocaíochtaí sin ina n-ocht dtráthchuid chomhionanna a bheidh dlite an 31 Bealtaine 2007, 31 Bealtaine 2008, 31 Bealtaine 2009, 30 Samhain 2009, 31 Bealtaine 2010, 30 Samhain 2010, 31 Bealtaine 2011 agus 30 Samhain 2011.

¹ Is táscach iad na figiúirí atá luaite agus tá siad bunaithe ar na sonraí do 2003 atá foilsithe ag Eurostat.

2. Ranníocfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin, in ocht dtráthchuid chomhionanna a bheidh dlite ar na dátaí dá dtagraítear i mír 1, do na cúnchistí agus do na soláthairtí is coibhéiseach le cúnchistí, mar aon leis an méid atá le leithreasú fós do na cúnchistí agus soláthairtí, a chuimsíonn iarmhéid an chuntais sochair agus dochair, arna mbunú ag deireadh na míosa roimh an aontachas, mar atá siad iontráilte i gclár comhardaithe an Bhainc, i méideanna a fhreagraíonn do na céatadáin seo a leanas de na cúnchistí agus soláthairtí ¹:

An Bhulgáir	0,181%
An Rómáin	0,517%.

3. An caipiteal agus na híocaíochtaí dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2, íocfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin iad in airgead tirim in euro ach amháin i gcás maolaithe arna chinneadh d'aon toil ag an mBord Gobharnóirí.

¹ Is táscach iad na figiúirí atá luaite agus tá siad bunaithe ar na sonraí do 2003 atá foilsithe ag Eurostat.

AIRTEAGAL 26

1. Íocfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin na méideanna seo a leanas leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach dá dtagraítear i gCinneadh 2002/234/CEGC ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 27 Feabhra 2002 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde do Ghual agus Cruach¹:

(EUR milliún, praghsanna reatha)

An Bhulgáir	11,95
An Rómáin	29,88.

2. Íocfar na ranníocaíochtaí sin don Chiste Taighde um Ghual agus Cruach ina gceithre thráthchuid ag tosú i 2009 agus íocfar mar a leanas iad, i ngach cás ar an gcéad lá oibre den chéad mhí de gach bliain:

- 2009: 15%
- 2010: 20%
- 2011: 30%
- 2012: 35%.

¹ IO L 79, 22.3.2002, lch. 42.

AIRTEAGAL 27

1. Déanfaidh gníomhaireachtaí cur chun feidhme sa Bhulgáir agus sa Rómáin bainistiú amhail ó dháta an aontachais ar thairiscint, ar chonraitheoireacht, ar chur chun feidhme agus ar íocaíochtaí do chúnamh réamhaontachais faoi chlár Phare¹ agus faoi chlár Phare CTT² agus do chúnamh faoin Áis Trasdula dá dtagraítear in Airteagal 31.

Déanfar rialú ex-ante ag an gCoimisiún ar thairiscint agus ar chonraitheoireacht a tharscaoileadh le cinneadh ón gCoimisiún chuige sin, tar éis nós imeachta creidiúnaithe arna sheoladh ag an gCoimisiún agus tar éis Córais Fhadaithe Dhílárnaithe Cur chun Feidhme (CFDCF) arna mheasúnú go dearfach, i gcomhréir leis na critéir agus na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1266/1999 an 21 Meitheamh 1999 ón gComhairle maidir le cabhair le haghaidh na dtíortha iarrthacha a chomhordú faoi chuimse na straitéise réamhaontachais agus ag leasú Rialachán (CEE) Uimh. 3906/89³ agus in Airteagal 164 den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComphobal Eorpach⁴.

Mura mbeidh an cinneadh sin ón gCoimisiún rialú ex-ante a tharscaoileadh glactha roimh dháta an aontachais, ní bheidh aon chonarthaí arna síniú idir dáta an aontachais agus an dáta a nglacfar an cinneadh ón gCoimisiún cáilithe do chúnamh réamhaontachais.

¹ Rialachán (CEE) Uimh. 3906/89 ón gComhairle an 18.12.1989 maidir le cabhair eacnamaíoch do thíortha áirithe Lár agus Oirtheor na hEorpa (IO L 375, 23.12.1989, lch. 11). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 769/2004 (IO L 123, 27.4.2004, lch. 1).

² Rialachán (CE) Uimh. 2760/98 ón gCoimisiún an 18.12.1998 maidir le clár um chomhar trastearann a chur chun feidhme faoi chuimsíú Chlár PHARE (IO L 345, 19.12.1998, lch. 49). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1822/2003 (IO L 267, 17.10.2003, lch. 9).

³ IO L 161, 26.6.1999, lch. 68.

⁴ Rialachán (CE, CEFA) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25.6.2002 (IO L 248, 16.9.2002, lch. 1).

Ar a shon sin, ar dhóigh eisceachtúil, má chuirtear moill ar an gcinneadh ón gCoimisiún rialú ex-ante a tharscaoileadh thar dháta an aontachais ar chuíseanna nach bhfuil inchurtha i leith údaráis na Bulgáire ná na Rómáine, féadfaidh an Coimisiún, i gcásanna a bhfuil call cuí leo, glacadh leis go bhfuil cáilitheacht do chúnamh réamhaontachais ag conarthaí arna síniú idir dáta an aontachais agus dáta an chinnidh ón gCoimisiún agus go leantar den chabhair réamhaontachais a chur chun feidhme ar feadh tréimhse teoranta, faoi réir rialú ex-ante ag an gCoimisiún ar thairiscint agus ar chonraitheoireacht.

2. Gealltanais bhuiséadacha arna nglacadh roimh an aontachas faoi na hionstraimí airgeadais réamhaontachais dá dtagraítear i mír 1 mar aon leo siúd arna nglacadh tar éis an aontachais faoin Áis Trasdula dá dtagraítear in Airteagal 31, lena n-áirítear gealltanais dhlítheanacha leithleacha arna ndéanamh ina dhiadh sin agus íocaíochtaí arna ndéanamh tar éis an aontachais a thabhairt i gcrích agus a chlárú, leanfaidh siad de bheith faoi rialú ag rialacha agus rialacháin na n-ionstraimí maoinithe réamhaontachais agus de bheith á muirearú ar na caibidlí buiséadacha comhfhireagracha go dtí go gcuirfear an clabhsúr ar na cláir agus na tionscadail i dtrácht. Dá ainneoin sin, déanfar nósanna imeachta um sholáthar poiblí arna dtionscnamh i ndiaidh an aontachais a chur i gcrích i gcomhréir leis na Treoracha Comhphobail ábhartha.

3. Déanfar an clárú deireanach don chúnamh réamhaontachais dá dtagraítear i mír 1 sa bhliain dheireanach roimh an aontachas. Caithfear conraitheoireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí faoi na cláir sin laistigh den dá bhliain a leanfaidh. Ní dhéanfar aon fhaduithe a dheonú don tréimhse chonraitheoireachta. Go heisceachtúil agus i gcásanna a bhfuil call cuí leo, deonófar faduithe teoranta ó thaobh a ré chun conarthaí a chomhlíonadh.

Dá ainneoin sin, féadfar gealltanais a dhéanamh sa chéad dá bhliain tar éis an aontachais i leith cistí réamhaontachais chun costais riaracháin, mar atá sainithe i mír 4, a chumhdach. I dtaca le costais iniúchóireachta agus measúnachta, féadfar gealltanais a dhéanamh suas go cúig bliana tar éis an aontachais i leith cistí réamhaontachais.

4. D'fhonn a áirithiú go ndéanfar an céimniú amach is gá ar na hionstraimí airgeadais réamhaontachais dá dtagraítear i mír 1 mar aon le clár ISPA¹, féadfaidh an Coimisiún gach beart is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcoimeádfar an fhoireann reachtúil is gá ar bun sa Bhulgáir agus sa Rómáin ar feadh naoi mí dhéag ar a mhéad i ndiaidh an aontachais. I rith na tréimhse sin, oifigigh, foireann shealadach agus foireann chonarthach arna sannadh chuig poist sa Bhulgáir agus sa Rómáin roimh an aontachas a gcuirfear d'iallach orthu fanacht i seirbhís sna Stáit sin tar éis dháta an aontachais, tairbheoidh siad, go heisceachtúil, de na dálaí céanna airgeadais agus ábhartha mar a bhí arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún roimh an aontachas i gcomhréir le Rialacháin Foirne Oifigigh na gComphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComphobal sin atá leagtha síos i Rialachán (CEE, CEFA, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle². Déanfar an caiteachas riarracháin, lena n-áirítear tuarastail le haghaidh fairne riachtanaí eile, a fholú faoin gceannteideal "Céimniú amach cúnaimh réamhaontachais le haghaidh Ballstát nua" nó a choibhéis faoin réimse iomchuí beartais de bhuiséad ginearálta na gComphobal Eorpach a bhaineann le méadú.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1267/1999 ón gComhairle an 21.6.1999 ag bunú Ionstraime le haghaidh Beartas Struchtúrach Réamhaontachais (IO L 161, 26.6.1999, lch. 73). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 769/2004 (IO L 123, 27.4.2004, lch. 1).

² IO L 56, 4.3.1968, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE, CEFA) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1).

AIRTEAGAL 28

1. Bearta a bheidh, ar dháta an aontachais, tar éis a bheith ina n-ábhar do chinntí maidir le cúnamh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1267/1999 ón gComhairle ag bunú Ionstraime le haghaidh Beartas Struchtúrach Réamhaontachais agus nach mbeidh a gcur chun feidhme críochnaithe faoin dáta sin, measfar go bhfuil siad formheasta ag an gCoimisiún faoi Rialachán (CE) Uimh. 1164/94 ón gComhairle an 16 Bealtaine 1994 ag bunú Ciste Comhtháthaithe¹. Méideanna a gcaithfear fós gealltanais a dhéanamh ina leith d'fhonn bearta den sórt sin a chur chun feidhme, déanfar gealltanais ina leith faoin Rialachán maidir leis an gCiste Comhtháthaithe a bheidh i bhfeidhm ar dháta an aontachais agus déanfar iad a chionroinnt don chaibidil a fhreagraíonn don Rialachán sin faoi bhuiséad ginearálta na gComphobal Eorpach. Mura sonraítear a mhalaир i míreanna 2 go 5, beidh feidhm maidir leis na bearta arna bhformheas de bhun an Rialacháin déanaigh ag na forálacha a rialaíonn a gcur chun feidhme.

¹ IO L 130, 25.5.1994. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le hIonstraim Aontachais 2003 (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33).

2. Aon nós imeachta soláthair a bhaineann le beart dá dtagraítear i mír 1 a bheidh cheana ar dháta an aontachais tar éis a bheith ina ábhar do chuireadh do thairiscint arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na rialacha arna leagan síos sa chuireadh sin do thairiscint. Ní bheidh feidhm, áfach, ag na forálacha in Airteagal 165 den Rialachán Airgeadais atá infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach. Aon nós imeachta soláthair a bhaineann le beart dá dtagraítear i mír 1 nach mbeidh fós ina ábhar do chuireadh do thairiscint arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, luífidh sé le forálacha na gConarthaí, leis na gníomhartha arna nglacadh dá mbun agus le beartais an Chomhphobail, lena n-áirítear beartais a bhaineann le cosaint an chomhshaoil, le hiompar, le gréasáin thraseorpacha, le hiomaíocht agus le dámhachtain conarthaí poiblí.
3. Déanfar íocaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún faoi bheart dá dtagraítear i mír 1 a bhreacadh don ghealltanás oscailte is túisce arna dhéanamh i dtosach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1267/1999 agus ina dhiaidh sin de bhun an Rialacháin a bhaineann leis an gCiste Comhtháthaithe agus atá i bhfeidhm an tráth sin.
4. I dtaca leis na bearta dá dtagraítear i mír 1, leanfaidh na rialacha a rialaíonn cálitheacht chaiteachais de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1267/1999 de bheith infheidhme, ach amháin i gcásanna a bhfuil call cuí leo agus a gcinnfidh an Coimisiún ina leith arna iarraigdh sin don Bhallstát i dtrácht.

5. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, i gcásanna eisceachtúla a bhfuil call cuí leo, eisceachtaí sonracha a údarú ó na rialacha is infheidhme de bhun an Rialacháin a bhaineann leis an gCiste Comhtháthaíthe agus atá i bhfeidhm ar dháta an aontachais i gcás na mbeart dá dtagraítear i mír 1.

AIRTEAGAL 29

Nuair a théann an tréimhse le haghaidh gealltanais ilbhliantúil arna ndéanamh faoi chlár SAPARD¹ i dtaca le coillteoireacht talún talmhaíochta, tacaíocht do ghrúpaí táirgeoirí nó scéimeanna talamh-chomhshaoil thar an dáta deireanach is incheadaithe d'íocaíochtaí faoi SAPARD, cumhdófar na gealltanais gan íoc laistigh de chlár forbartha tuaithe 2007-2013. Más gá bearta idirthréimhseacha sonracha i dtaca leis sin, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 50(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 ag leagan síos forálacha ginearálta maidir leis na Cistí Struchtúracha².

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1268/1999 ón gComhairle an 21.6.1999 maidir le tacaíocht Chomhphobail do bhearta réamhaontachais le haghaidh talmhaíochta agus forbartha tuaithe i dtíortha iarrthacha Lár agus Oirthear na hEorpa sa tréimhse réamhaontachais (IO L 161, 26.6.1999, lch. 87). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 2008/2004 (IO L 349, 25.11.2004, lch. 12).

² IO L 161, 26.6.1999, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le hIonstraim Aontachais 2003 (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33).

AIRTEAGAL 30

1. Agus í tar éis Aonad 1 agus Aonad 2 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Kozloduy a dhúnadh – i gcomhréir lena gealltanais – go críochnaitheach roimh dheireadh na bliana 2003 le haghaidh díchoimisiúnú iardain, gabhann an Bhulgáir ar láimh Aonad 3 agus Aonad 4 den ghléasra sin a dhúnadh go críochnaitheach i 2006 agus iad a dhíchoimisiúnú iardain.
2. I rith na tréimhse 2007-2009, soláthróidh an Comhphobal cúnamh airgeadais don Bhulgáir d'fhonn tacú lena hiarrachtaí chun Aonaid 1 go 4 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Kozloduy a dhíchoimisiúnú agus chun déileáil le hiarmhaintí a ndúnta agus a ndíchoimisiúnaithe.

Folóidh an cúnamh, inter alia: bearta tacaíochta do dhíchoimisiúnú Aonaid 1 go 4 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Kozloduy; bearta um uasghrádú comhshaoil ar cothrom leis an acquis; bearta chun na hearnálacha táirgeachta, idirthurais agus dáileacháin fuinnimh ghnásúil sa Bhulgáir a nuachóiriú; bearta chun feabhas a chur ar an éifeachtacht fuinnimh, chun cur le húsáid foinsí inathnuaithe fuinnimh agus chun feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair fuinnimh.

Don tréimhse 2007-2009, is é EUR 210 milliún (praghhsanna 2004) méid an chúnaimh i leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí a ndéanfar gealltanais ina leith i dtráinsí bliantúla cothroma EUR 70 milliún (praghhsanna 2004).

Cuirfear an cúnamh, nó codanna de, ar fáil mar ranníocaíocht Chomhphobail do Chiste Idirnáisiúnta Tacaíochta um Dhíchoimisiúnú Kozloduy, arna bhainistiú ag an mBanc Eorpach Atógála agus Forbartha.

3. Féadfaidh an Coimisiún rialacha a ghlacadh chun an cúnamh dá dtagraítear i mír 2 a chur chun feidhme. Glacfar na rialacha i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na nóstána imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhaint don Choimisiún¹. Chuige sin, beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh feidhm ag Airteagail 4 agus 7 de Chinneadh 1999/468/CE. Is sé seachtaine a bheidh sa tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 4(3) de Chinneadh 1999/468/CE. Glacfaidh an coiste a rialacha nós imeachta.

AIRTEAGAL 31

1. Ar feadh na chéad bhliana den aontachas, soláthroidh an tAontas cúnamh airgeadais sealadach, dá ngairtear an "Áis Trasdula" anseo feasta, le haghaidh na Bulgáire agus na Rómáine ar mhaith lena gcumas riarracháin agus breithiúnach a fhorbairt agus a neartú chun reachtaíocht Chomhphobail a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus ar mhaith le malartú dea-chleachtais idir piaraí. Cisteoidh an cúnamh sin tionscadail tógála institiúidí agus infheistíochtaí teoranta ar an mionchóir atá coimhdeach leo.

¹ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

2. Cuirfear cúnamh ar fáil chun díriú ar an ngá leanúnach atá ann cumas institiúideach a neartú i réimsí áirithe trí ghníomhaíocht nach féidir a mhaoiniú trí na Cistí Struchtúracha ná trí na Cistí Forbartha Tuaithe.

3. I gcás tionscadal um nascadh idir riarracháin phoiblí d'fhoinn institiúidí a thógáil, leanfaidh an nós imeachta chun tograí a ghlaoch trí ghréasán na bpointí tadhlaill sna Ballstáit d'fheidhm a bheith aige, mar atá bunaithe sna Comhaontuithe Réime leis na Ballstáit chun críocha cúnaimh réamhaontachais.

Is é EUR 82 milliún, ag praghsanna 2004, na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí don Áis Trasdula don Bhulgáir agus don Rómáin sa chéad bhliain tar éis an aontachais chun déileáil le tosaíochtaí náisiúnta agus cothrománacha. Údaróidh an t-údarás buiséadach na leithreasaí laistigh de theorainneacha na peirspictíochta airgeadais.

4. Déanfar cúnamh faoin Áis Trasdula a chinneadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (CEE) Uimh. 3906/89 ón gComhairle maidir le cabhair eacnamaíoch do thíortha áirithe Lár agus Oirthear na hEorpa.

AIRTEAGAL 32

1. Cruthaítear leis seo Áis Sreafa Airgid Thirim agus Schengen mar ionstraim shealadach d'fhonn cuidiú leis an mBulgáir agus leis an Rómáin idir dáta an aontachais agus deireadh 2009 chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú ag teorainneacha seachtracha nua an Aontais d'fhonn acquis Schengen agus rialú teorainneacha seachtracha a chur chun feidhme agus chun feabhas a chur ar shreabhadh airgid thirim i mbuiséid náisiúnta.

2. Le haghaidh na tréimhse 2007-2009, cuirfear na méideanna seo a leanas (praghsanna 2004) ar fáil don Bhulgáir agus don Rómáin i bhfoirm íocaíochtaí cnapshuime faoi Áis Sreafa shealadach Airgid Thirim agus Schengen:

(EUR milliún, praghsanna 2004)

	2007	2008	2009
An Bhulgáir	121,8	59,1	58,6
An Rómáin	297,2	131,8	130,8

3. Úsáidfear 50% ar a laghad de chionroinnt gach tíre faoi Áis Sreafa shealadach Airgid Thirim agus Schengen chun tacú leis na mBulgáir agus leis an Rómáin ina n-oibleagáid gníomhaíochtaí a mhaoiniú ag teorainneacha seachtracha nua an Aontais d'fhonn acquis Schengen agus rialú teorainneacha seachtracha a chur chun feidhme.
4. Beidh an dóú cuid de gach méid bliantúil le híoc leis an mBulgáir agus leis an Rómáin ar an gcéad lá oibre de gach mí sa bhliain chomhfhreagrach. Úsáidfear na híocaíochtaí cnapshuime laistigh de thrí bliana ón gcéad íocaíocht. Tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an tréimhse sin trí bliana a dhul in éag, déanfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin tuarascáil chuimsitheach a thíolacadh ar fheidhmiú airgeadais na n-íocaíochtaí cnapshuime faoi chuid Schengen d'Áis Sreafa shealadach Airgid Thirim agus Schengen, maille le ráiteas ag fírinniú an chaiteachais. Aisghabhfaidh an Coimisiún aon chistí gan caitheamh nó arna gcaitheamh gan chall.
5. Féadfaidh an Coimisiún aon fhórálacha teicniúla a ghlacadh is gá chun Áis Sreafa shealadach Airgid Thirim agus Schengen a oibriú.

AIRTEAGAL 33

1. Gan dochar do chinntí beartais sa todhchaí, is mar a leanas a bheidh na leithreasaí foriomlána faoi chomhair oibleagáidí le haghaidh gníomhaíochtaí struchtúracha a chuirfear ar fáil don Bhulgáir agus don Rómáin don tréimhse trí bliana 2007-2009:

(EUR milliún, praghsanna 2004)

	2007	2008	2009
An Bhulgáir	539	759	1 002
An Rómáin	1 399	1 972	2 603

2. I rith na dtrí bliana 2007-2009, déanfar raon feidhme agus cineál na n-idirghabhálacha laistigh de na holl-chionranna náisiúnta arna socrú do na tíortha sin a chinneadh ar bhonn na bhforálacha a bheidh infheidhme an tráth sin maidir le caiteachas ar ghníomhaíochtaí struchtúracha.

AIRTEAGAL 34

1. De bhereis ar na rialacháin a bhaineann le forbairt na tuaithe agus atá i bhfeidhm ar dháta an aontachais, beidh feidhm maidir leis an mBulgáir agus maidir leis an Rómáin ag na forálacha atá leagtha síos i Ranna I go III d'Iarscríbhinn VIII don tréimhse 2007-2009 agus beidh feidhm maidir leis an mBulgáir agus maidir leis an Rómáin ag na forálacha airgeadais sonracha atá leagtha síos i Roinn IV d'Iarscríbhinn VIII i rith na tréimhse cláraithe 2007-2013.

2. Gan dochar do chinntí beartais sa todhchaí, is é EUR 3 041 milliún (praghsanna 2004) a bheidh sna leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí ó Roinn Ráthaíochta CETRT le haghaidh fhorbairt na tuaithe don Bhulgáir agus don Rómáin don tréimhse trí bliana 2007-2009.
3. Déanfar rialacha cur chun feidhme do chur i bhfeidhm fhorálacha Iarscríbhinn VIII a ghlacadh, nuair is gá sin, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 50(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999.
4. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, oiriúnuithe ar fhorálacha Iarscríbhinn VIII nuair is gá sin chun comhchuibheas a áirithíú leis na rialacháin a bhaineann le forbairt na tuaithe.

AIRTEAGAL 35

Déanfaidh an Coimisiún na méideanna dá dtagraítéar in Airteagail 30, 31, 32, 33 agus 34 a oiriúnú gach bliain ar cothrom le gluaiseachtaí praghsanna mar chuid de na hoiriúnuithe teicniúla bliantúla ar an bpeirspictíocht airgeadais.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA EILE

AIRTEAGAL 36

1. Más rud é, go dtí deireadh tréimhse suas go trí bliana tar éis an aontachais, go dtagann deacraí chun cinn atá tromchúiseach agus gur dóigh go seasfaidh siad in aon earnáil den gheilleagar nó go dtagann deacraí chun cinn a d'fhéadfadh trochlú tromchúiseach a thabhairt i gcion ar staid eacnamaíoch limistéir áirithe, féadfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin údarú a iarraidh bearta cosanta a ghlacadh d'fhoínn an staid sin a cheartú agus an earnáil i dtrácht a choigeartú do gheilleagar an mhargaidh inmheánaigh.

Féadfaidh aon Bhallstát láithreach, sna himthosca céanna, údarú a iarraidh bearta cosanta a ghlacadh i dtaca leis an mBulgáir, leis an Rómáin nó leis an dá Stát sin.

2. Arna iarraidh sin don Stát i dtrácht, déanfaidh an Coimisiún, trí nós imeachta éigeandála, na bearta cosanta a chinneadh a mheasfaidh sé is gá agus sonróidh sé coinníollacha agus rialacha mionsonraithe a gcur in éifeacht.

I gcás deacrachtaí eacnamaíocha tromchúiseacha agus arna iarraidh sin go sainráite don Bhallstát i dtrácht, gníomhóidh an Coimisiún laistigh de chúig lá oibre tar éis dó an iarraidh, maille leis an eolas cúlra ábhartha, a fháil. Beidh na bearta arna gcinneadh amhlaidh infheidhme láithreach, tabharfaidh siad aird ar leas na bpáirtithe uile i dtrácht agus ní bhéarfaidh siad rialuithe teorann.

3. Féadfaidh na bearta atá údaraithe faoi mhír 2 maoluithe a thabhairt ar rialacha Chonradh CE agus ar an Ionstraim seo, go feadh méid agus go ceann tréimhsí atá fíor-riachtanach chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a ghnóthú. Tabharfar tosaíocht do cibé bearta is lú a shuaithfidh oibriú an mhargaidh inmheánaigh.

AIRTEAGAL 37

Má tá an Bhulgáir nó an Rómáin tar éis mainneachtain gealltanais arna nglacadh ar láimh i gcomhthéacs na gcaibidlí aontachais a chur chun feidhme, agus gur cúis é sin le sárú tromchúiseach ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear aon ghealltanais i dtaca leis na beartais earnálacha uile a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil éifeacht trasteorann acu, nó gur cúis é le garbhaol go mbeidh sárú den sórt sin ann, féadfaidh an Coimisiún, go dtí deireadh tréimhse suas go trí bliana tar éis dháta an aontachais, bearta iomchuí a ghlacadh, arna iarraidh sin go réasúnaithe do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin.

Beidh na bearta comhréireach agus tabharfar tosaíocht do bhearta is lú a shuaithfidh oibriú an mhargaíd inmheánaigh agus, nuair is iomchuí, do chur i bhfeidhm na sásraí coimirce earnálacha atá ann. Ní agrófar na bearta coimirce sin le haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar an trádáil idir Ballstáit. Féadfar an clásal coimirce a agairt fiú roimh an aontachas ar bhonn chonclúidí an fhaireacháin agus tiocfaidh na bearta arna nglacadh i bhfeidhm amhail ó chéad lá an aontachais mura bhforálfar iontu do dháta níos déanaí. Ní choimeádfar na bearta ar bun níos faide ná mar is fíoraghá agus, ar aon chuma, foirceannfar iad nuair a chuirfear an gealltanás ábhartha chun feidhme. Féadfar iad a chur i bhfeidhm, áfach, thar an tréimhse atá sonraithe sa chéad mhír fad nach bhfuil na gealltanais ábhartha comhalla. Mar fhreagra ar dhul chun cinn arna dhéanamh ag an mBallstát nua i dtrácht i gcomhall a ghealltanás, féadfaidh an Coimisiún na bearta a oiriúnú mar is iomchuí. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas in am tráthá sula ndéanfaidh sé na bearta coimirce a chúlghairm agus tabharfaidh sé aird chuí ar aon bharúlacha ón gComhairle i dtaca leis sin.

AIRTEAGAL 38

Cinntí réime nó aon ghealltanás ábhartha eile, aon ionstraim ábhartha eile comhair agus aon chinneadh ábhartha eile a bhaineann le haitheantas frithpháirteach i réimse an dlí choiriúil faoi Theideal VI de Chonradh AE agus Treoracha agus Rialacháin a bhaineann le haitheantas frithpháirteach in ábhair shibhialta faoi Theideal IV de Chonradh CE, má tá easnaimh thromchúiseacha ann sa Bhulgáir nó sa Rómáin nó aon gharbhaol go mbeidh easnaimh den sórt sin ann ina dtrasuí, i staid a gcur chun feidhme, nó ina gcur i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún, go dtí deireadh tréimhse suas go trí bliana tar éis an aontachais, bearta iomchuí a ghlacadh agus na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe faoina gcuirfear na bearta sin in éifeacht a shonrú, arna iarraidh sin go réasúnaithe do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin agus tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit.

Féadfaidh na bearta sin a bheith i bhfoirm fionraíochta sealadaí ar chur i bhfeidhm na bhforálacha agus na gcinntí ábhartha sa chaidreamh idir an Bhulgáir nó an Rómáin agus aon Bhallstát nó Ballstáit eile, gan dochar do leanúint de dhlúthchomhar breithiúnach. Féadfar an clásal coimirce a agairt fiú roimh an aontachas ar bhonn chonclúidí an fhaireacháin agus tiocfaidh na bearta arna nglacadh i bhfeidhm amhail ó chéad lá an aontachais mura bhforálfar iontu do dháta níos déanaí. Ní choimeádfar na bearta ar bun níos faide ná mar is fíoraghá agus, ar aon chuma, tarscaoilfear iad nuair a leigheasfar na heasnaimh. Féadfar iad a chur i bhfeidhm, áfach, thar an tréimhse atá sonraithe sa chéad mhír fad a sheasfaidh na heasnaimh sin. Mar fhreagra ar dhul chun cinn arna dhéanamh ag an mBallstát nua i dtrácht i gceartú na n-easnamh arna sainaithint, féadfaidh an Coimisiún na bearta a oiriúnú mar is iomchuí tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas in am tráthá sula ndéanfaidh sé na bearta coimirce a chúlghairm agus tabharfaidh sé aird chuí ar aon bharúlacha ón gComhairle i dtaca leis sin.

AIRTEAGAL 39

1. Más rud é, ar bhonn fhaireachán leanúnach an Choimisiúin ar ghealltanais arna nglacadh ar láimh ag an mBulgáir agus ag an Rómáin i gcomhthéacs na gcaibidlí aontachais agus go háirithe ar bhonn na dtuarascálacha faireacháin ón gCoimisiún, go bhfuil fianaise shoiléir ann gurb é an riocht atá ar na hullmhúcháin i dtaca leis an acquis a ghlacadh agus a chur chun feidhme sa Bhulgáir nó sa Rómáin go bhfuil baol tromchúiseach ann go bhfuil ceachtar den dá Stát neamhullamh go follasach ceanglais na ballraíochta a chomhlíonadh faoi dháta aontachais an 1 Eanáir 2007 i roinnt réimsí tábhachtacha, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar bhonn molta ón gCoimisiún, a chinneadh go ndéanfar dáta aontachais an Stáit sin a iarchur de bhliain amháin go dtí an 1 Eanáir 2008.
2. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar bhonn molta ón gCoimisiún, an cinneadh dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh i leith na Rómáine má breathnaíodh easnaimh thromchúiseacha i gcomhall ag an Rómáin de cheann amháin nó níos mó de na gealltanais agus na ceanglais atá liostaithe in Iarscríbhinn IX, pointe I.

3. D'ainneoin mhír 1 agus gan dochar d'Airteagal 37, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar bhonn molta ón gCoimisiún agus tar éis measúnú mionsonraithe a dhéanfar i bhfómhar 2005 ar an dul chun cinn arna dhéanamh ag an Rómáin i réimse an bheartais iomaíochta, an cinneadh dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh i leith an Rómáine má breathnaíodh easnaimh thromchúiseacha i gcomhall ag an Rómáin de na hoibleagláidí arna nglacadh ar láimh faoin gComhaontú Eorpach¹ nó de cheann amháin nó níos mó de na gealltanais agus na ceanglais atá liostaithe in Iarscríbhinn IX, pointe II.

4. Má ghlactar cinneadh faoi mhír 1, 2 nó 3, cinnfidh an Chomhairle láithreach, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, cibé oriúnuithe ar an Ionstraim seo, lena n-áirítear a hIarscríbhinní agus a Foscríbhinní, a bheidh sár-riachtanach de thoradh an chinnidh i dtaca le hiarchur.

AIRTEAGAL 40

Chun nach gcuirfear treampán ar oibriú cuí an mhargaídhe inmheánaigh, ní thiocfaidh rialuithe teorann idir Ballstáit as forfheidhmiú rialacha náisiúnta na Bulgáire agus na Rómáine i rith na n-idirthréimhsí dá dtagraítear in Iarscríbhinní VI agus VII.

¹ Comhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Rómáin, den pháirt eile (IO L 357, 31.12.1994, Ich. 2)

AIRTEAGAL 41

Más gá bearta idirthréimhseacha chun an trasdul a éascú ón gcóras atá ann sa Bhulgáir agus sa Rómáin go dtí an córas a leanfaidh ón gcomhbheartas talmhaíochta a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha amach san Ionstraim seo, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1784/2003 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 maidir le comheagraíocht na margáí i ngránaigh¹, nó, mar is iomchuí, sna hAirteagail chomhfhereagracha de na Rialacháin eile maidir le comheagraíocht na margáí talmhaíochta nó i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme. Féadfar na bearta idirthréimhseacha dá dtagraítear san Airteagal seo a ghlacadh i rith tréimhse trí bliana ó dháta an aontachais agus ní rachaidh a gcur i bhfeidhm thar an tréimhse sin. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an tréimhse sin a fhadú.

Na bearta idirthréimhseacha a bhaineann le cur chun feidhme na n-ionstraimí maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta, nach bhfuil sonraithe san Ionstraim seo agus atá riachtanach de thoradh an aontachais, glacfaidh an Chomhairle iad roimh dháta an aontachais ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún nó, nuair a dhéanann siad difear d'ionstraimí arna nglacadh i dtosach ag an gCoimisiún, is é an Coimisiún a ghlacfaidh iad i gcomhréir leis an nós imeachta is gá chun na hionstraimí i dtrácht a ghlacadh.

¹ IO L 270, 21.10.2003, lch. 78.

AIRTEAGAL 42

Más gá bearta idirthréimhseacha chun an trasdul a éascú ón gcóras atá ann sa Bhulgáir agus sa Rómáin go dtí an córas a leanfaidh ó rialacha Comhphobail tréidliachta, fíteasláintíochta agus sábháilteachta bia a chur i bhfeidhm, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme. Déanfar na bearta sin a ghlacadh i rith tréimhse trí bliana ó dháta an aontachais agus ní rachaidh a gcur i bhfeidhm thar an tréimhse sin.

CUID A CÚIG**FORÁLACHA I dTAOBH AN IONSTRAIM SEO A CHUR CHUN FEIDHME****TEIDEAL I****NA hINSTITIÚIDÍ AGUS NA COMHLACHTAÍ A CHUR AR BUN****AIRTEAGAL 43**

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

AIRTEAGAL 44

Déanfaidh an Chomhairle cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

AIRTEAGAL 45

Ceapfar náisiúnach de gach Ballstát nua don Choimisiún amhail ó dháta an aontachais. Ceapfaidh an Chomhairle comhaltaí nua an Choimisiúin, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe agus de chomhthoil le hUachtarán an Choimisiúin tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí a cheapfar amhlaidh in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

AIRTEAGAL 46

1. Ceapfar beirt Bhreithiúna don Chúirt Bhreithiúnais agus ceapfar beirt Bhreithiúna don Chúirt Chéadchéime.

2. Rachaidh téarma oifige duine de Bhreithiúna na Cúirte Breithiúnais a cheapfar i gcomhréir le mír 1 in éag ar an 6 Deireadh Fómhair 2009. Is trí chrannchur a roghnófar an Breitheamh sin. Rachaidh téarma oifige an Bhreithimh eile in éag an 6 Deireadh Fómhair 2012.

Rachaidh téarma oifige duine de Bhreithiúna na Cúirte Céadchéime a cheapfar i gcomhréir le mír 1 in éag an 31 Lúnasa 2007. Is trí chrannchur a roghnófar an Breitheamh sin. Rachaidh téarma oifige an Bhreithimh eile in éag an 31 Lúnasa 2010.

3. Déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

Déanfaidh an Chúirt Chéadchéime, le comhaontú na Cúirte Breithiúnais, cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

Is gá formheas ón gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a bheith leis na Rialacha Nós Imeachta mar atá arna n-oiriúnú.

4. Chun breithiúnas a thabhairt i gcásanna a bheidh ar feitheamh os comhair na gCúirteanna ar dháta an aontachais agus ar tionscnaíodh imeachtaí ó bhéal ina leith roimh an dáta sin, is sa chomhdhéanamh a bhí orthu roimh an aontachas a shuífidh na Cúirteanna i seisiún iomlánach nó na Dlísheomraí agus cuirfidh siad na Rialacha Nós Imeachta céanna i bhfeidhm a bhí i bhfeidhm an lá roimh dháta an aontachais.

AIRTEAGAL 47

Cuirfear le líon na Cúirte Iniúchóirí trí bheirt chomhaltaí breise a cheapadh ar feadh téarma oifige sé bliana.

AIRTEAGAL 48

Cuirfear le líon an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta trí 27 comhalta a cheapadh a ionadaíonn na heilimintí éagsúla eacnamaíocha agus sóisialta den tsochaí shibhialta eagraithe sa Bhulgáir agus sa Rómáin. Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí a cheapfar amhlaidh in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

AIRTEAGAL 49

Cuirfear le líon Choiste na Réigiún trí 27 comhalta a cheapadh a ionadaíonn comhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla sa Bhulgáir agus sa Rómáin a bhfuil sainordú toghchánach acu i gcomhlacht réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa. Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí a cheapfar amhlaidh in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

AIRTEAGAL 50

A luaithe is féidir tar éis an aontachais, déanfar na hoiriúnuithe is gá de thoradh an aontachais ar reachtanna agus rialacha nós imeachta na gCoistí arna mbunú leis na Conarthaí bunaidh.

AIRTEAGAL 51

1. Déanfar comhaltaí nua de na coistí, meithleacha nó comhlachtaí eile arna gcruthú leis na Conarthaí nó le gníomh de chuid na n-institiúidí a cheapadh faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos do cheapadh chomhaltaí na gcoistí, na meithleacha nó na gcomhlachtaí eile sin. Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí a cheapfar amhlaidh in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

2. Déanfar na coistí nó na meithleacha arna gcruthú leis na Conarthaí nó le gníomh de chuid na n-institiúidí a ndéantar líon a gcomhaltaí a shocrú gan spleáchas do líon na mBallstát a athnuachan go hiomlán amhail ón aontachas, mura rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí láithreacha in éag i rith na bliana tar éis an aontachais.

TEIDEAL II**INFHEIDHMEACHT GHNÍOMHARTHA NA nINSTITIÚIDÍ****AIRTEAGAL 52**

Amhail ón aontachas, measfar gur díríodh chuig an mBulgáir agus chuig an Rómáin treoracha agus cinntí de réir bhrí Airteagal 249 de Chonradh CE agus Airteagal 161 de Chonradh CEFA, ar chuntar gur díríodh na treoracha agus na cinntí sin chuig gach Ballstát láithreach. Ach amháin i gcás treoracha agus cinntí a tháinig i bhfeidhm de bhun Airteagal 254(1) agus (2) de Chonradh CE, measfar go bhfuair an Bhulgáir agus an Rómáin fógra i dtaobh na dtreoracha agus na gcinntí sin amhail ón aontachas.

AIRTEAGAL 53

1. Cuirfidh an Bhulgáir agus an Rómáin in éifeacht na bearta is gá chun go gcomhlíonfaidís, ó dháta an aontachais, forálacha na dtreoracha agus na gcinntí de réir bhrí Airteagal 249 de Chonradh CE agus Airteagal 161 de Chonradh CEFA, mura bhforáiltear teorainn ama eile san Ionstraim seo. Cuirfidh siad na bearta sin in iúl don Choimisiún tráth nach déanaí ná dáta an aontachais nó, más iomchuí, laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear san Ionstraim seo.
2. A mhéad a éilíonn leasuithe ar na treoracha de réir bhrí Airteagal 249 de Chonradh CE agus Airteagal 161 de Chonradh CEFA arna dtabhairt isteach leis an Ionstraim seo modhnú ar fhorálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riarracháin na mBallstát láithreach, cuirfidh na Ballstáit láithreacha in éifeacht na bearta is gá chun go gcomhlíonfaidís, ó dháta an aontachais, na treoracha arna leasú, mura bhforáiltear teorainn ama eile san Ionstraim seo. Cuirfidh siad na bearta sin in iúl don Choimisiún faoi dháta an aontachais nó, más déanaí, laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear san Ionstraim seo.

AIRTEAGAL 54

Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riarracháin atá ceaptha chun cosaint a áirithiú, ar chríoch na Bulgáire agus na Rómáine, do shláinte na n-oibrithe agus an ghnáthphobail in aghaidh na gcontúirtí a thig ó radaíochtaí ianúcháin, cuirfidh na Stáit sin i bhfios don Choimisiún iad, i gcomhréir le hAirteagal 33 de Chonradh CEFA, laistigh de thrí mhí ón aontachas.

AIRTEAGAL 55

Ar iaraidh chuí-réasúnaithe a bheith tíolactha don Choimisiún ag an mBulgáir nó ag an Rómáin tráth nach déanaí ná dáta an aontachais, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, nó an Coimisiún más eisean a ghlac an gníomh bunaidh, bearta a ghlacadh arb éard iad maoluithe sealadacha ar ghníomhartha na n-institiúidí arna nglacadh idir an 1 Deireadh Fómhair 2004 agus dáta an aontachais. Glacfar na bearta i gcomhréir leis na rialacha vótála a rialaíonn glacadh an ghnímh a n-iarrtar maolú sealadach air. Má ghlactar na maoluithe sin tar éis an aontachais, féadfar iad a chur i bhfeidhm amhail ó dháta an aontachais.

AIRTEAGAL 56

Más gá gníomhartha na n-institiúidí arna nglacadh roimh an aontachas a oiriúnú de thoradh an aontachais agus mura bhforáiltear do na hoiriúnuithe riachtanacha san Ionstraim seo ná ina hIarscríbhinní, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, nó an Coimisiún más eisean a ghlac an gníomh bunaidh, na gníomhartha is gá a ghlacadh chun na críche sin. Má ghlactar na hoiriúnuithe sin tar éis an aontachais, féadfar iad a chur i bhfeidhm amhail ó dháta an aontachais.

AIRTEAGAL 57

Mura bhforáiltear a mhalairt, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na bearta is gá a ghlacadh chun forálacha na hIonstraime seo a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 58

Amhail ó dháta an aontachais, is téacsanna comhúdarásacha, faoi na coinníollacha céanna leis na téacsanna arna dtarraingt suas sna teangacha oifigiúla láithreacha, téacsanna ghníomhartha na n-institiúidí agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh arna nglacadh roimh an aontachas agus arna dtarraingt suas ag an gComhairle, ag an gCoimisiún nó ag an mBanc Ceannais Eorpach sa Bhulgáiris agus sa Rómáin. Foilseofar iad in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh má foilsíodh amhlaidh na téacsanna sna teangacha láithreacha.

TEIDEAL III

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 59

Is cuid dhílis den Ionstraim seo Iarscríbhinní I go IX agus na Foscríbhinní a ghabhann leo.

AIRTEAGAL 60

Cuirfidh Rialtas Phoblacht na hIodáile chuig Rialtas Phoblacht na Bulgáire agus Rialtas na Rómáine cóip dheimhnithe den Chonradh ar an Aontas Eorpach, den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus de na Conarthaí á leasú nó á bhforlónadh, lena n-áirítear an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, an Conradh i dtaobh aontachas na Poblachta Heilléanaí, an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, an Conradh i dtaobh aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne, agus an Conradh i dtaobh aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris.

Cuirfear téacsanna na gConarthaí sin, arna dtarraingt suas sa Bhulgáiris agus sa Rómáinis, i gceangal leis an Ionstraim seo. Is téacsanna comhúdarásacha faoi na coinníollacha céanna le téacsanna na gConarthaí dá dtagraítear sa chéad mhír arna dtarraingt suas sna teangacha láithreacha na téacsanna sin.

AIRTEAGAL 61

Cuirfidh an tArdrúnaí chuig Rialtas Phoblacht na Bulgáire agus Rialtas na Rómáine cóip dheimhnithe de na comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtaisceadh i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

IARSCRÍBHINN I

Liosta na gCoinbhinsiún agus na bPrótacal
lena n-aontóidh an Bhulgáir agus an Rómáin amhail ón aontachas
(dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Ionstraim Aontachais)

1. Coinbhinsiún an 19 Meitheamh 1980 ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980 (IO L 266, 9.10.1980, lch. 1)
 - Coinbhinsiún an 10 Aibreán 1984 ar aontú na Poblachta Heilléanaí don Choinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980 (IO L 146, 31.5.1984, lch. 1)
 - An Chéad Phrótacal, dar dáta an 19 Nollaig 1988, ar léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach ar an gCoinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980 (IO L 48, 20.2.1989, lch. 1)

- An Dara Prótacal, dar dáta an 19 Nollaig 1988, ag tabhairt cumhachtaí áirithe do Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach chun an Coinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980, a léiriú (IO L 48, 20.2.1989, lch. 17)
 - Coinbhinsiún an 18 Bealtaine 1992 ar aontú Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile don Choinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980 (IO L 333, 18.11.1992, lch. 1)
 - Coinbhinsiún an 29 Samhain 1996 ar aontú Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne don Choinbhinsiún ar an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha, a osclaíodh chun a shínithe sa Róimh ar an 19 Meitheamh 1980, agus don Chéad Phrótacal agus don Dara Prótacal ar léiriú air ag an gCúirt Bhreithiúnais (IO C 15, 15.1.1997, lch. 10)
2. Coinbhinsiún an 23 Iúil 1990 maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú (IO L 225, 20.8.1990, lch. 10)

- Coinbhinsiún an 21 Nollaig 1995 maidir le haontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne leis an gCoinbhinsiún maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú (IO C 26, 31.1.1996, lch. 1)
 - Prótacal an 25 Bealtaine 1999 ag leasú Choinbhinsiún an 23 Iúil 1990 maidir le cánachas dúbailte a dhíchur i ndáil le brabúis de chuid gnóthas comhlachaithe a choigeartú (IO C 202, 16.7.1999, lch. 1)
3. Coinbhinsiún an 26 Iúil 1995, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO C 316, 27.11.1995, lch. 49)
- Prótacal an 27 Meán Fómhair 1996, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO C 313, 23.10.1996, lch. 2)

- Prótacal an 29 Samhain 1996, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le léiriú, trí réamhrialú, ar an gCoinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach (IO C 151, 20.5.1997, lch. 2)
 - An Dara Prótacal, dar dáta an 19 Meitheamh 1997, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO C 221, 19.7.1997, lch. 12)
4. Coinbhinsiún an 26 Iúil 1995 ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le hOifig Eorpach Póilíní a bhunú (Coinbhinsiún Europol) (IO C 316, 27.11.1995, lch. 2)
- Prótacal an 24 Iúil 1996, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le léiriú, trí réamhrialú, ar an gCoinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíní a bhunú ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach (IO C 299, 9.10.1996, lch. 2)

- Prótacal an 19 Meitheamh 1997, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 41(3) de Choinbhinsiún Europol, maidir le pribhléidí agus díolúintí Europol, chomhaltaí a orgán agus leas–stiúrthóirí agus fhostaithe Europol (IO C 221, 19.7.1997, lch. 2)
- Prótacal an 30 Samhain 2000, arna tharraingt suas ar bhonn Airteagal 43(1) den Choinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíní (Coinbhinsiún Europol) a bhunú, a leasaíonn Airteagal 2 agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin (IO C 358, 13.12.2000, lch. 2)
- Prótacal an 28 Samhain 2002 a leasaíonn an Coinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíneachta a bhunú (Coinbhinsiún Europol) agus an Prótacal maidir le pribhléidí agus díolúintí Europol, chomhaltaí a orgán, agus leas-stiúrthóirí agus fhostaithe Europol (IO C 312, 16.12.2002, lch. 2)
- Prótacal an 27 Samhain 2003, arna tharraingt suas ar bhonn Airteagal 43(1) den Choinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíní a bhunú (Coinbhinsiún Europol), a leasaíonn an Coinbhinsiún sin (IO C 2, 6.1.2004, lch. 3)

5. Coinbhinsiún an 26 Iúil 1995, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais chun críocha custaim (IO C 316, 27.11.1995, lch. 34)
 - Prótacal an 29 Samhain 1996, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le léiriú, trí réamhrialú, ar an gCoinbhinsiún maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais chun críocha custaim ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach (IO C 151, 20.5.1997, lch. 16)
 - Prótacal an 12 Márt 1999, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir leis an raon feidhme atá ag sciúradh fáltas sa Choinbhinsiún maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais chun críocha custaim agus maidir le huimhir chlárúcháin na córa iompair a áireamh sa Choinbhinsiún (IO C 91, 31.3.1999, lch. 2)
 - Prótacal an 8 Bealtaine 2003, arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a leasaíonn, ar mhaithe le bunachar sonraí aitheantais do chomhaid chustaim a chruthú, an Coinbhinsiún maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais chun críocha custaim (IO C 139, 13.6.2003, lch. 2)

6. Coinbhinsiún an 26 Bealtaine 1997, arna dhréachtú ar bhonn phointe (c) d'Airteagal K.3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir leis an gcomhrac i gcoinne éilliú a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i dtreis ann (IO C 195, 25.6.1997, lch. 2)
7. Coinbhinsiún an 18 Nollaig 1997, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le cúnamh frithpháirteach agus comhar idir riarracháin chustaim (IO C 24, 23.1.1998, lch. 2)
8. Coinbhinsiún an 17 Meitheamh 1998, arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le dícháiliúcháin ón tiomáint (IO C 216, 10.7.1998, lch. 2)
9. Coinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000, arna bhunú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (IO C 197, 12.7.2000, lch. 3)
 - Prótacal an 16 Deireadh Fómhair 2001, arna bhunú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (IO C 326, 21.11.2001, lch. 2)

IARSCRÍBHINN II

Liosta forálacha acquis Schengen mar atá arna lánpháirtiú
 i gcreat an Aontais Eorpaigh
 agus na n-ionstraimí ag cur leis nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile,
 atá le bheith ina gceangal ar na Ballstáit nua
 agus infheidhme iontu amhail ón aontachas
 (dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Ionstraim Aontachais)

1. An Comhaontú dar dáta an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaídhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile ¹.
2. Na forálacha seo a leanas den Choinbhinsiún arna shíniú in Schengen ar an 19 Meitheamh 1990 chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme, maille leis an Ionstraim Chríochnaitheach agus na Dearbhuithe Compháirteacha a bhaineann leis ², mar atá arna leasú le cinn áirithe de na hionstraimí atá liostaithe i mír 8 thíos:

¹ IO L 239, 22.09.2000, lch. 13.

² IO L 239, 22.9.2000, lch. 19, Coinbhinsiún mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 871/2004 ón gComhairle (IO L 162, 30.4.2004, lch. 29).

Airteagal 1 a mhéad a bhaineann le forálacha na míre seo; Airteagail 3 go 7, amach ó Airteagal 5(1)(d); Airteagal 13; Airteagail 26 agus 27; Airteagal 39; Airteagail 44 go 59; Airteagail 61 go 63; Airteagail 65 go 69; Airteagail 71 go 73; Airteagail 75 agus 76; Airteagal 82; Airteagal 91; Airteagail 126 go 130 a mhéad a bhaineann le forálacha na míre seo; agus Airteagal 136; Dearbhuithe Comhpháirteacha 1 agus 3 den Ionstraim Chríochnaitheach.

3. Na forálacha seo a leanas de na Comhaontuithe maidir le hAontachas leis an gCoinbhinsiún arna shíniú in Schengen an 19 Meitheamh 1990 chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme, maille lena nIonstraimí Críochnaitheacha agus na Dearbhuithe a bhaineann leo, mar atá arna leasú le cinn áirithe de na hionstraimí atá liostaithe i mír 8 thíos:

- (a) an Comhaontú arna shíniú an 27 Samhain 1990 maidir le hAontachas Phoblacht na hIodáile:
- Airteagal 4,
 - Dearbhú Comhpháirteach 1 i gCuid II den Ionstraim Chríochnaitheach;

- (b) an Comhaontú arna shíniú an 25 Meitheamh 1991 maidir le hAontachas Ríocht na Spáinne:
- Airteagal 4,
 - Dearbhú Comhpháirteach 1 i gCuid II den Ionstraim Chríochnaitheach,
 - Dearbhú 2 i gCuid III den Ionstraim Chríochnaitheach;
- (c) an Comhaontú arna shíniú an 25 Meitheamh 1991 maidir le hAontachas Phoblacht na Portaingéile:
- Airteagail 4, 5 agus 6,
 - Dearbhú Comhpháirteach 1 i gCuid II den Ionstraim Chríochnaitheach;
- (d) an Comhaontú arna shíniú an 6 Samhain 1992 maidir le hAontachas na Poblachta Heilléanaí:
- Airteagail 3, 4 agus 5,
 - Dearbhú Comhpháirteach 1 i gCuid II den Ionstraim Chríochnaitheach,
 - Dearbhú 2 i gCuid III den Ionstraim Chríochnaitheach;
- (e) an Comhaontú arna shíniú an 28 Aibreán 1995 maidir le hAontachas Phoblacht na hOstaire:
- Airteagal 4,
 - Dearbhú Comhpháirteach 1 i gCuid II den Ionstraim Chríochnaitheach;

- (f) an Comhaontú arna shíniú an 19 Nollaig 1996 maidir le hAontachas Ríocht na Danmhairge:
- Airteagail 4, 5(2) agus 6,
 - Dearbhuithe Comhpháirteacha 1 agus 3 i gCuid II den Ionstraim Chríochnaitheach;
- (g) an Comhaontú arna shíniú an 19 Nollaig 1996 maidir le hAontachas Phoblacht na Fionlainne:
- Airteagail 4 agus 5,
 - Dearbhuithe Comhpháirteacha 1 agus 3 i gCuid II den Ionstraim Chríochnaitheach,
 - Dearbhú ó Rialtas Phoblacht na Fionlainne maidir le hOileáin Åland i gCuid III den Ionstraim Chríochnaitheach;
- (h) an Comhaontú arna shíniú an 19 Nollaig 1996 maidir le hAontachas Ríocht na Sualainne:
- Airteagail 4 agus 5,
 - Dearbhuithe Comhpháirteacha 1 agus 3 i gCuid II den Ionstraim Chríochnaitheach.

4. Na Comhaontuithe seo a leanas arna dtabhairt i gcrích ag an gComhairle de bhun Airteagal 6 de Phrótacal Schengen

- Comhaontú an 18 Bealtaine 1999, arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a forbairt, lena n-áirítear na hIarscríbhinní, a Ionstraim Chríochnaitheach, na Dearbhuithe agus na Malartuithe Litreacha atá curtha i gceangal leis¹, arna fhormheas le Cinneadh 1999/439/CE ón gComhairle².
- Comhaontú an 30 Meitheamh 1999 arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le cearta agus oibleagáidí a bhunú idir Éire agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, de pháirt amháin, agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua, den pháirt eile, i réimsí de *acquis* Schengen atá infheidhme ar na Stáit sin³, arna fhormheas le Cinneadh 2000/29/CE ón gComhairle⁴
- an Comhaontú arna shíniú an 25 Deireadh Fómhair 2004 ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus ag an gCónaidhm Eilvéiseach maidir le comhlachas na Cónaidhme Eilvéisí le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a forbairt⁵.

¹ IO L 176, 10.7.1999, Ich. 36.

² IO L 176, 10.7.1999, Ich. 35.

³ IO L 15, 20.1.2000, Ich. 2.

⁴ IO L 15, 20.1.2000, Ich. 1.

⁵ Fad nach mbeidh an Comhaontú sin tugtha i gcrích, a mhéad atá feidhm leis go sealadach.

5. Na forálacha de na Cinntí seo a leanas ón gCoiste Feidhmiúcháin arna bhunú leis an gCoinbhinsiún arna shíniú in Schengen an 19 Meitheamh 1990 chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme, mar atá arna leasú le cinn áirithe de na hionstraimí atá liostaithe i mír 8 thíos:

SCH/Com-ex (93) 10 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 14 Nollaig 1993 maidir leis na dearbhuithe ó na hAirí agus na Státrúnaithe

SCH/Com-ex (93) 14 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 14 Nollaig 1993 maidir le comhar breithiúnach praiticiúil a fheabhsú chun gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac

SCH/Com-ex (94) 16 rev Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 21 Samhain 1994 maidir le stampaí coiteanna iontrála agus imeachta a fháil

SCH/Com-ex (94) 28 rev Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúchán an 22 Nollaig 1994 maidir leis an deimhniú dá bhforáiltear in Airteagal 75 chun drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha a iompar

SCH/Com-ex (94) 29 rev 2 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 22 Nollaig 1994 maidir le cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin chun Comhaontú Schengen an 19 Meitheamh 1990 a chur chun feidhme

SCH/Com-ex (95) 21 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 20 Nollaig 1995 maidir le sonraí staidrimh agus sonracha a mhalartú go tapa idir Stáit Schengen maidir le neamhfheidhmithe a d'fhéadfadh tarlú ag na teorainneacha seachtracha

SCH/Com-ex (98) 1 rev 2 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 21 Aibreán 1998 maidir le gníomhaíochtaí an Tascfhórsa, a mhéad a bhaineann leis na forálacha i mír 2 thusas

SCH/Com-ex (98) 26 def Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 ag bunú Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen

SCH/Com-ex (98) 35 rev 2 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 maidir leis an Lámhleabhar Coiteann a sheoladh chuig Stáit iarrthacha AE

SCH/Com-ex (98) 37 def 2 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 27 Deireadh Fómhair 1998 maidir le bearta a ghlacadh chun inimirce neamhdhlíthiúil a chomhrac, a mhéad a bhaineann leis na forálacha i mír 2 thusas

SCH/Com-ex (98) 51 rev 3 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Nollaig 1998 maidir le comhar trasteorann póilíneachta chun an choireacht a chosc agus a bhrath

SCH/Com-ex (98) 52 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Nollaig 1998 maidir leis an Lámhleabhar ar chomhar trasteorann póilíneachta, a mhéad a bhaineann leis na forálacha i mír 2 thusas

SCH/Com-ex (98) 57 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Nollaig 1998 maidir le foirm chomhchuibhithe a thabhairt isteach ina soláthraítear cruthúnas ar chuireadh, ar urraíocht agus ar chóiríocht

SCH/Com-ex (98) 59 rev Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúchán an 16 Nollaig 1998 maidir le comhairleoírí doiciméad a imscaradh ar dhóigh chomhordaithe

SCH/Com-ex (99) 1 rev 2 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 28 Aibreán 1999 maidir le cúrsaí drugaí

SCH/Com-ex (99) 6 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 28 Aibreán 1999 maidir le acquis Schengen a bhaineann le teileachumarsáid

SCH/Com-ex (99) 7 rev 2 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 28 Aibreán 1999 maidir le hoifigigh idirchaidrimh

SCH/Com-ex (99) 8 rev 2 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 28 Aibreán 1999 maidir leis na prionsabail ghinearálta a rialaíonn íocaíocht fáisnéiseoirí

SCH/Com-ex (99) 10 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 28 Aibreán 1999 maidir le trádáil neamhdhlíthiúil arm tine

SCH/Com-ex (99) 13 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúchán an 28 Aibreán 1999 maidir leis na leaganacha críochnaitheacha den Lámhleabhar Coiteann agus de na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha:

- Iarscríbhinní 1-3, 7, 8 agus 15 de na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha
- An Lámhleabhar Coiteann, lena n-áirítear Iarscríbhinní 1, 5, 5A, 6, 10 agus 13, a mhéad a bhaineann leis na forálacha i mír 2 thusas

SCH/Com-ex (99) 18 Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 28 Aibreán 1999 maidir le comhar trasteorann póilíneachta a fheabhsú i dtaca le cionta coiriúla a chosc agus a bhrath.

6. Na Dearbhuithe seo a leanas ón gCoiste Feidhmiúcháin arna bhunú leis an gCoinbhinsiún arna shíniú in Schengen an 19 Meitheamh 1990 chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme, a mhéad a bhaineann leis na forálacha i mír 2 thusa:

SCH/Com-ex (96) decl 6 rev 2 Dearbhú ón gCoiste Feidhmiúcháin an 26 Meitheamh 1996 maidir le heiseachadadh

SCH/Com-ex (97) decl 13 rev 2 Dearbhú ón gCoiste Feidhmiúcháin an 9 Feabhra 1998 maidir le mionaoisigh a fhuadach.

7. Na Cinntí seo a leanas ón Lárghrúpa arna bhunú leis an gCoinbhinsiún arna shíniú in Schengen an 19 Meitheamh 1990 chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme, a mhéad a bhaineann leis na forálacha i mír 2 thusa:

SCH/C (98) 117 Cinneadh ón Lárghrúpa an 27 Deireadh Fómhair 1998 maidir le bearta a ghlaicadh chun inimirce neamhdhlíthiúil a chomhrac

SCH/C (99) 25 Cinneadh ón Lárghrupa an 22 Márta 1999 maidir leis na prionsabail ghinearálta a rialaíonn íocaíocht fáinsnéiseoirí.

8. Na hionstraimí seo a leanas a chuireann le *acquis Schengen* nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile:

Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1995 ag leagan síos formáid chomhionann do víosaí (IO L 164, 14.7.1995, lch. 1)

Cinneadh 1999/307/CE ón gComhairle an 1 Bealtaine 1999 ag leagan síos na socrutithe mionsonraithe chun Rúnaíocht Schengen a lánpháirtiú in Ardrúnaíocht na Comhairle (IO L 119, 7.5.1999, lch. 49)

Cinneadh 1999/435/CE ón gComhairle an 20 Bealtaine 1999 maidir le *acquis Schengen* a shainiú d'fhonn an bunús dlí do gach ceann de na forálacha nó de na cinntí a chomhdhéanann *acquis Schengen* a chinneadh i gcomhréir leis na forálacha ábhartha den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus den Chonradh ar an Aontas Eorpach (IO L 176, 10.7.1999, lch. 1)

Cinneadh 1999/436/CE ón gComhairle an 20 Bealtaine 1999 maidir leis an mbunús dlí do gach ceann de na forálacha nó de na cinntí a chomhdhéanann acquis Schengen a chinneadh i gcomhréir leis na forálacha ábhartha den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus den Chonradh ar an Aontas Eorpach (IO L 176, 10.7.1999, lch. 17)

Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruthe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31)

Cinneadh 1999/848/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 1999 maidir le acquis Schengen a chur i bhfeidhm go hiomlán sa Ghréig (IO L 327, 21.12.1999, lch. 58)

Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de acquis Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43)

Cinneadh 2000/586/CGB ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2000 ag bunú nós imeachta chun leasú a dhéanamh ar Airteagail 40(4) agus (5), 41(7) agus 65(2) den Choinbhinsiún chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag comhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme (IO L 248, 3.10.2000, lch. 1)

Cinneadh 2000/751/CE ón gComhairle an 30 Samhain 2000 maidir le dí-aicmiú codanna áirithe den Lámhleabhar Coiteann arna ghlacadh ag an gCoiste Feidhmiúcháin arna bhunú leis an gCoinbhinsiún chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 a chur chun feidhme (IO L 303, 2.12.2000, lch. 29)

Cinneadh 2000/777/CE ón gComhairle an 1 Nollaig 2000 maidir le acquis Schengen a chur i bhfeidhm sa Danmhairg, san Fhionlainn agus sa tSualainn, agus san Íoslainn agus san Iorua (IO L 309, 9.10.2000, lch. 24)

Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle an 15 Márta 2001 ag liostú na dtríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus ag liostú na dtríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh saor ón gceanglas sin (IO L 81, 21.3.2001, lch. 1)

Rialachán (CE) Uimh. 789/2001 ón gComhairle an 24 Aibreán 2001 ag forchoimeád cumhachtaí cur chun feidhme chuig an gComhairle i dtaca le forálacha mionsonraithe agus nósanna imeachta praiticiúla áirithe chun iarratais ar víosaí a scrúdú (IO L 116, 26.4.2001, lch. 2)

Rialachán (CE) Uimh. 790/2001 ón gComhairle an 24 Aibreán 2001 ag forchoimeád cumhachtaí cur chun feidhme chuig an gComhairle i dtaca le forálacha mionsonraithe agus nósanna imeachta praiticiúla áirithe chun seiceálacha agus faireachán a dhéanamh ag teorainneacha (IO L 116, 26.4.2001, lch. 5)

Cinneadh 2001/329/CE ón gComhairle an 24 Aibreán 2001 ag tabhaint suas chun dáta chuid VI agus Iarscríbhinní 3, 6 agus 13 a ghabhann leis na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha agus Iarscríbhinní 5(a), 6(a) agus 8 a ghabhann leis an Lámhleabhar Coiteann (IO L 116, 26.4.2001, lch. 32), a mhéad a bhaineann le hIarscríbhinn 3 a ghabhann leis na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha agus Iarscríbhinn 5(a) a ghabhann leis an Lámhleabhar Coiteann

Treoir 2001/51/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001 ag forlónadh fhorálacha Airteagal 26 den Choinbhinsiún chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 a chur chun feidhme (IO L 187, 10.7.2001, lch. 45)

Cinneadh 2001/886/CGB ón gComhairle an 6 Nollaig 2001 maidir leis an dara glúin de Chórás Faisnéise Schengen (SIS II) a fhorbairt (IO L 328, 13.12.2001, lch. 1)

Rialachán (CE) Uimh. 2414/2001 ón gComhairle an 7 Nollaig 2001 ag leasú Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ag liostú na dtríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus ag liostú na dtríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh saor ón gceanglas sin (IO L 327, 12.12.2001, lch. 1)

Rialachán (CE) Uimh 2424/2001 ón gComhairle an 6 Nollaig 2001 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a fhorbairt (IO L 328, 13.12.2001, lch. 4)

Rialachán (CE) Uimh 333/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 maidir le formáid chomhionann do fhoirmeacha chun víosa a ghreadamú arna eisiúint ag Ballstáit chuit daoine atá i seilbh doiciméad taistil nach n-aithníonn an Ballstát atá ag tarraingt suas na foirme (IO L 53, 23.2.2002, lch. 4)

Rialachán (CE) Uimh 334/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 ag leasú Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ag leagan síos formáid chomhionann do víosaí (IO L 53, 23.2.2002, lch. 7)

Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraigd ó Éirinn páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de *acquis Schengen* (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20)

Cinneadh 2002/352/CE ón gComhairle an 25 Aibreán 2002 maidir leis an Lámhleabhar Coiteann a choigeartú (IO L 123, 9.5.2002, lch. 47)

Cinneadh 2002/353/CE ón gComhairle an 25 Aibreán 2002 maidir le dí-aicmiú Chuid II den Lámhleabhar Coiteann arna ghlacadh ag an gCoiste Feidhmiúcháin arna bhunú ag an gCoinbhinsiún chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 a chur chun feidhme (IO L 123, 9.5.2002, lch. 49)

Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 ag leagan síos formáid chomhionann le haghaidh ceadanna cónaithe do náisiúnaigh thríú tíortha (IO L 157, 15.6.2002, lch. 1)

Cinneadh 2002/587/CE ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir leis an Lámhleabhar Coiteann a choigeartú (IO L 187, 16.7.2002, lch. 50)

Cinneadh Réime 2002/946/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2002 maidir leis an gcreat pionósach a neartú chun cosc a chur le héascú ar theacht isteach, idirthuras agus cónaí neamhúdaraithe (IO L 328, 5.12.2002, lch. 1)

Treoir 2002/90/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2002 maidir le sainmhíniú ar éascú teacht isteach, idirthurais agus cónaí neamhúdaraithe (IO L 328, 5.12.2002, lch. 17)

Cinneadh 2003/170/CGB an 27 Feabhra 2003 maidir le comhúsáid oifigeach idirchaidrimh arna bpostú thar lear ag gníomhaireachtaí forghníomhaithe dlí na mBallstát (IO L 67, 12.3.2003, lch. 27)

Rialachán (CE) Uimh. 453/2003 ón gComhairle an 6 Márt 2003 ag leasú Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ag liostú na dtríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus ag liostú na dtríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh saor ón gceanglas sin (IO L 69, 13.3.2003, lch. 10)

Cinneadh 2003/725/CGB ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2003 ag leasú fhorálacha Airteagal 40(1) agus (7) den Choinbhinsiún chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 maidir le seiceálacha ag comhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme (IO L 260, 11.10.2003, lch. 37)

Treoir 2003/110/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le cúnamh i gcásanna idirthurais chun críocha díbeartha d'aer (IO L 321, 6.12.2003, lch. 26)

Rialachán (CE) Uimh. 377/2004 ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 maidir le gréasán oifigeach idirchaidrimh inimirce a chruthú (IO L 64, 2.3.2004, lch. 1)

Cinneadh 2004/466/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 ag leasú an Lámhleabhair Choitinn d'fhonn foráil a dhéanamh maidir le spriocrialuithe teorann ar mhionaoisigh gan tionlacan (IO L 157, 30.4.2004, lch. 136)

Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a pháirtiú (IO L 261, 6.8.2004, lch. 24)

Cinneadh 2004/573/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le heitiltí comhpháirteacha a eagrú chun náisiúnaigh thríú tíortha atá ina n-ábhar d'orduithe leithleacha díbeartha a dhíbirt ó chríoch dhá cheann nó níos mó de na Ballstáit (IO L 261, 6.8.2004, lch. 28)

Cinneadh 2004/574/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 ag leasú an Lámhleabhair Choitinn (IO L 261, 6.8.2004, lch. 36)

Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 2004 ag bunú an Chórais Faisnéise Víosaí (VIS) (IO L 213, 15.6.2004, lch. 5)

Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2004 ag bunú Gníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (IO L 349, 25.11.2004, lch. 1)

Rialachán (CE) Uimh. 2133/2004 ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir leis an gceanglas ar údaráis inniúla na mBallstát doiciméid taistil de chuid náisúnaigh thríú tíortha a stampáil go córasach agus teorainneacha seachtracha na mBallstát á dtrasnú acu agus, chuige sin, ag leasú phorálacha an Choinbhinsiúin chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus an Lámhleabhair Choitinn (IO L 369, 16.12.2004, lch. 5)

Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir le caighdeáin do ghnéithe slándála agus do bhithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit (IO L 385, 29.12.2004, lch. 1).

IARSCRÍBHINN III

Liosta dá dtagraítear in Airteagal 19 den Ionstraim Aontachais:
oiriúnuithe ar ghníomhartha arna nglacadh ag na hinstiúidí

1. DLÍ CUIDEACHTAÍ

CEARTA MAOINE TIONSCLAÍCHE

I. AN TRÁDMHARC COMHPHOBAIL

31994 R 0040: Rialachán (CE) Uimh. 40/94 ón gComhairle an 20 Nollaig 1993 maidir leis an trádmharc Comphobail (IO L 11, 14.1.1994, lch. 1), mar atá arna leasú le:

- 31994 R 3288: Rialachán (CE) Uimh. 3288/94 ón gComhairle an 22.12. 1994 (IO L 349, 31.12. 1994, lch. 83),
- 32003 R 0807: Rialachán (CE) Uimh. 807/2003 ón gComhairle an 14.4.2003 (IO L 122, 16.5.2003, lch. 36),

- 12003 T: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí - Aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33),
"REFERENCE FAT CONTENT

Member State	Reference fat content (g/kg)
Belgium	36,91
Bulgaria	39,10
Czech Republic	42,10
Denmark	43,68
Germany	40,11
Estonia	43,10
Greece	36,10
Spain	36,37
France	39,48
Ireland	35,81
Italy	36,88
Cyprus	34,60
Latvia	40,70
Lithuania	39,90
Luxembourg	39,17
Hungary	38,50
Netherlands	42,36
Austria	40,30
Poland	39,00
Portugal	37,30
Romania	35,93
Slovenia	41,30
Slovakia	37,10
Finland	43,40
Sweden	43,40
United Kingdom	39,70

".

3. BEARTAS IOMPAIR

31996 L 0026: Treoir 96/26/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le ligean isteach do ghairm an oibreora tharlaithe de bhóthar agus an oibreora iompair phaisinéirí de bhóthar agus le dioplómaí, teastais agus cruthúnaí eile ar cháilíochtaí foirmiúla a aithint go frithpháirteach chun feidhmiú na saorise bunaíochta in oibríochtaí iompair náisiúnta agus idirnáisiúnta a éascú do na hoibreoirí sin (IO L 124, 23.5.1996, lch. 1), mar atá arna leasú le:

- 31998 L 0076: Treoir 98/76/CE ón gComhairle an 1.10.1998 (IO L 277, 14.10.1998, lch. 17),
- 12003 T: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí - Aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33).
- 32004 L 0066: Treoir 2004/66/CE ón gComhairle an 26.4.2004 (IO L 168, 1.5.2004, lch. 35).

(a) Cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 10:

"11. By way of derogation from paragraph 3, certificates issued to road transport operators before the date of accession in Bulgaria shall only be deemed equivalent to the certificates issued pursuant to the provisions of this Directive if they have been issued to:

- international road haulage and passenger transport operators under Ordinance No 11 of 31 October 2002 on International Carriage of Passengers and Goods by Road (State Gazette No 108 of 19 November 2002), since 19 November 2002;
- domestic road haulage and passenger transport operators under Ordinance 33 of 3 November 1999 on Public Carriage of Passengers and Goods on the territory of Bulgaria, as amended on 30 October 2002 (State Gazette No 108 of 19 November 2002), since 19 November 2002.

12. By way of derogation from paragraph 3, certificates issued to road transport operators before the date of accession in Romania shall only be deemed equivalent to the certificates issued pursuant to the provisions of this Directive if they have been issued to international and domestic road haulage and road passenger transport operators under Order of Minister of Transport No 761 of 21 December 1999 on appointing, training and professional certification of persons coordinating permanently and effectively road transport activity, since 28 January 2000."

(b) In Airteagal 10(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"The professional competence certificates referred to in paragraphs 4 to 12 of Article 10 may be reissued by the Member States concerned in the form of the certificate set out in Annex Ia.".

4. CÁNACHAS

1. 31977 L 0388: Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhainneann le cánacha láimhdeachais - Comhchóras cánach breisluacha: aonbhonn measúnachta (IO L 145, 13.6.1977, lch. 1), mar atá arna leasú le:

- 11979 H: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí – Aontachas na Poblachta Heilléanaí (IO L 291, 19.11.1979, lch. 95),
- 31980 L 0368: Treoir 80/368/CEE ón gComhairle an 26.3.1980 (IO L 90, 3.4.1980, lch. 41),
- 31984 L 0386: Treoir 84/386/CEE ón gComhairle an 31.7.1984 (IO L 208, 3.8.1984, lch. 58),
- 11985 I: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí – Aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile (IO L 302, 15.11.1985, lch. 167),
- 31989 L 0465: Treoir 89/465/CEE ón gComhairle an 18.7.1989 (IO L 226, 3.8.1989, lch. 21),
- 31991 L 0680: Treoir 91/680/CEE ón gComhairle an 16.12.1991 (IO L 376, 31.12.1991, lch. 1),
- 31992 L 0077: Treoir 92/77/CEE ón gComhairle an 19.10.1992 (IO L 316, 31.10.1992, lch. 1),
- 31992 L 0111: Treoir 92/111/CEE ón gComhairle an 14.12.1992 (IO L 384, 30.12.1992, lch. 47),
- 31994 L 0004: Treoir 94/4/CE ón gComhairle an 14.2.1994 (IO L 60, 3.3.1994, lch. 14),

- 31994 L 0005: Treoir 94/5/CE ón gComhairle an 14.2.1994 (IO L 60, 3.3.1994, lch. 16),
- 31994 L 0076: Treoir 94/76/CE ón gComhairle an 22.12.1994 (IO L 365, 31.12.1994, lch. 53),
- 31995 L 0007: Treoir 95/7/CE ón gComhairle an 10.4.1995 (IO L 102, 5.5.1995, lch. 18),
- 31996 L 0042: Treoir 96/42/CE ón gComhairle an 25.6.1996 (IO L 170, 9.7.1996, lch. 34),
- 31996 L 0095: Treoir 96/95/CE ón gComhairle an 20.12.1996 (IO L 338, 28.12.1996, lch. 89),
- 31998 L 0080: Treoir 98/80/CE ón gComhairle an 12.10.1998 (IO L 281, 17.10.1998, lch. 31),
- 31999 L 0049: Treoir 1999/49/CE ón gComhairle an 25.5.1999 (IO L 139, 2.6.1999, lch. 27),
- 31999 L 0059: Treoir 1999/59/CE ón gComhairle an 17.6.1999 (IO L 162, 26.6.1999, lch. 63),
- 31999 L 0085: Treoir 1999/85/CE ón gComhairle an 22.10.1999 (IO L 277, 28.10.1999, lch. 34),
- 32000 L 0017: Treoir 2000/17/CE ón gComhairle an 30.3.2000 (IO L 84, 5.4.2000, lch. 24),
- 32000 L 0065: Treoir 2000/65/CE ón gComhairle an 17.10.2000 (IO L 269, 21.10.2000, lch. 44),
- 32001 L 0004: Treoir 2001/4/CE ón gComhairle an 19.1.2001 (IO L 22, 24.1.2001, lch. 17),
- 32001 L 0115: Treoir 2001/115/CE ón gComhairle an 20.12.2001 (IO L 15, 17.1.2002, lch. 24),
- 32002 L 0038: Treoir 2002/38/CE ón gComhairle an 7.5.2002 (IO L 128, 15.5.2002, lch. 41),
- 32002 L 0093: Treoir 2002/93/CE ón gComhairle an 3.12.2002 (IO L 331, 7.12.2002, lch. 27),

- 12003 T: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí - Aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33),
- 32003 L 0092: Treoir 2003/92/CE ón gComhairle an 7.10.2003 (IO L 260, 11.10.2003, lch. 8),
- 32004 L 0007: Treoir 2004/7/CE ón gComhairle an 20.1.2004 (IO L 27, 30.1.2004, lch. 44),
- 32004 L 0015: Treoir 2004/15/CE ón gComhairle an 10.2.2004 (IO L 52, 21.2.2004, lch. 61),
- 32004 L 0066: Treoir 2004/66/CE ón gComhairle an 26.4.2004 (IO L 168, 1.5.2004, lch. 35).

In Airteagal 24a, cuirtear an méid seo a leanas isteach roimh an bhfleasc "– in the Czech Republic: EUR 35 000":

"– in Bulgaria: EUR 25 600;"

agus cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh na fleisce "– in Poland: EUR 10 000":

"– in Romania: EUR 35 000;".

2. 31992 L 0083: Treoir 92/83/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le struchtúir na ndleachtanna máil ar alcól agus ar dheochanna alcólacha a chomhchuibhiú (IO L 316, 31.10.1992, lch. 21), mar atá arna leasú le:

- 12003 T: An Ionstraim i dtaobh na gcoinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí - Aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33).

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 22(6):

"6. Bulgaria and the Czech Republic may apply a reduced rate of excise duty, of not less than 50% of the standard national rate of excise duty on ethyl alcohol, to ethyl alcohol produced by fruit growers' distilleries producing, on an annual basis, more than 10 hectolitres of ethyl alcohol from fruit supplied to them by fruit growers' households. The application of the reduced rate shall be limited to 30 litres of fruit spirits per producing fruit growers' household per year, destined exclusively for their personal consumption."

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 22(7):

"7. Hungary, Romania and Slovakia may apply a reduced rate of excise duty, of not less than 50% of the standard national rate of excise duty on ethyl alcohol, to ethyl alcohol produced by fruit growers' distilleries producing, on an annual basis, more than 10 hectolitres of ethyl alcohol from fruit supplied to them by fruit growers' households. The application of the reduced rate shall be limited to 50 litres of fruit spirits per producing fruit growers' household per year, destined exclusively for their personal consumption. The Commission will review this arrangement in 2015 and report to the Council on possible modifications.".

IARSCRÍBHINN IV

Liosta dá dtagraítear in Airteagal 20 den Ionstraim Aontachais

Oiriúnuithe forlíontacha ar ghníomhartha

arna nglacadh ag na hinstitiúidí

TALMHAÍOCHT

A. REACHTAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

1. An Conradh ag bunú an Chomphobail Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal II, Talmhaíocht

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an Rialachán a rialaíonn comheagraíocht na margáí in earnáil an tsiúcra a leasú chun aontachas na Bulgáire agus na Rómáine a chur san áireamh, agus uime sin oiriúnú ar na cuótaí siúcra agus iseaglúccóis agus ar na riachtanais uasta soláthair d'allmhairí siúcra amh, mar atá siad leagtha amach sa tábla seo a leanas a fhéadfarr a oiriúnú ar an dul céanna leis na cuótaí do na Ballstáit láithreacha, d'fhoí a áirithíú go gcomhlíonfar prionsabail agus cuspóirí chomheagraíocht na margáí in earnáil an tsiúcra atá i bhfeidhm an tráth sin.

Cainníochtaí arna gcomhaontú

(i dtonaí)

	An Bhulgáir	An Rómáin
Cainníocht bhunúsach don siúcra ⁽¹⁾	4 752	109 164
ar a n-áirítéar: A	4 320	99 240
B	432	9 924
Riachtanais uasta soláthair (arna sonrú i dtéarmaí siúcra bháin) d'allmhairí siúcra amh	198 748	329 636
Cainníocht bhunúsach don iseaglúcós ⁽²⁾	56 063	9 981
ar a n-áirítéar: A	56 063	9 790
B	0	191

(1) I dtonaí siúcra bháin.

(2) I dtonaí ábhair thirim.

Arna iarraidh sin don Bhulgáir i 2006, athrófar cainníochtaí bunúsacha thuasluaite A agus B i dtaca le siúcra go dtí cainníochtaí bunúsacha A agus B faoi seach de chuid na Bulgáire i dtaca le hiseaglúcós.

2. 31998 R 2848: Rialachán (CE) Uimh. 2848/98 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 1998 ag leagan síos rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CEE) Uimh. 2075/92 ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéad a bhaineann leis an scéim phréimheanna, le cuótaí táirgeachta agus leis an gcabhair shonrach atá le deonú do ghrúpaí táirgeoirí in earnáil an tobac neamh-mhonaraithe (IO L 358, 31.12.1998, lch. 17), mar atá arna leasú le:

- 31999 R 0510: Rialachán (CE) Uimh. 510/1999 ón gCoimisiún an 8.3.1999 (IO L 60, 9.3.1999, lch. 54),
- 31999 R 0731: Rialachán (CE) Uimh. 731/1999 ón gCoimisiún an 7.4.1999 (IO L 93, 8.4.1999, lch. 20),
- 31999 R 1373: Rialachán (CE) Uimh. 1373/1999 ón gCoimisiún an 25.6.1999 (IO L 162, 26.6.1999, lch. 47),
- 31999 R 2162: Rialachán (CE) Uimh. 2162/1999 ón gCoimisiún an 12.10.1999 (IO L 265, 13.10.1999, lch. 13),
- 31999 R 2637: Rialachán (CE) Uimh. 2637/1999 ón gCoimisiún an 14.12.1999 (IO L 323, 15.12.1999, lch. 8),
- 32000 R 0531: Rialachán (CE) Uimh. 531/2000 ón gCoimisiún an 10.3.2000 (IO L 64, 11.3.2000, lch. 13),

- 32000 R 0909: Rialachán (CE) Uimh. 909/2000 ón gCoimisiún an 2.5.2000 (IO L 105, 3.5.2000, lch. 18),
- 32000 R 1249: Rialachán (CE) Uimh. 1249/2000 ón gCoimisiún an 15.6.2000 (IO L 142, 16.6.2000, lch. 3),
- 32001 R 0385: Rialachán (CE) Uimh. 385/2001 ón gCoimisiún an 26.2.2001 (IO L 57, 27.2.2001, lch. 18),
- 32001 R 1441: Rialachán (CE) Uimh. 1441/2001 ón gCoimisiún an 16.7.2001 (IO L 193, 17.7.2001, lch. 5),
- 32002 R 0486: Rialachán (CE) Uimh. 486/2002 ón gCoimisiún an 18.3.2002 (IO L 76, 19.3.2002, lch. 9),
- 32002 R 1005: Rialachán (CE) Uimh. 1005/2002 ón gCoimisiún an 12.6.2002 (IO L 153, 13.6.2002, lch. 3),
- 32002 R 1501: Rialachán (CE) Uimh. 1501/2002 ón gCoimisiún an 22.8.2002 (IO L 227, 23.8.2002, lch. 16),
- 32002 R 1983: Rialachán (CE) Uimh. 1983/2002 ón gCoimisiún an 7.11.2002 (IO L 306, 8.11.2002, lch. 8),
- 32004 R 1809: Rialachán (CE) Uimh. 1809/2004 ón gCoimisiún an 18.10.2004 (IO L 318, 19.10.2004, lch. 18).

Nuair is iomchuí agus ag baint úsáide as an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (CEE) Uimh. 2075/92 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1992 maidir le comheagraíocht an mhargaidh i dtobac neamh-mhonaraithe¹, déanfaidh an Coimisiún faoin aontachas na leasuithe is gá a ghlacadh maidir le liosta Comhphobail na limistéar táirgeachta aitheanta atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2848/98 chun aontachas na Bulgáire agus na Rómáine a chur san áireamh, go háirithe d'fhoinn na limistéir tháirgeachta tobac arna n-ainmniú sa Bhulgáir agus sa Rómáin a chur leis an liosta sin.

¹ IO L 215, 30.7.1992, lch. 70.

3. 32003 R 1782: Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 ag bunú comhrialacha do scéimeanna tacaíochta dírí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus ag bunú scéimeanna áirithe tacaíochta le haghaidh feirmeoírí agus ag leasú Rialacháin (CEE) Uimh. 2019/93, (CE) Uimh 1452/2001, (CE) Uimh. 1453/2001, (CE) Uimh. 1454/2001, (CE) Uimh. 1868/94, (CE) Uimh. 1251/1999, (CE) Uimh. 1254/1999, (CE) Uimh. 1673/2000, (CEE) Uimh. 2358/71 agus (CE) Uimh. 2529/2001 (IO L 270, 21.10.2003, lch. 1), mar atá arna leasú le:

- 32004 R 0021: Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle an 17.12.2003 (IO L 5, 9.1.2004, lch. 8),
- 32004 R 0583: Rialachán (CE) Uimh. 583/2004 ón gComhairle an 22.3.2004 (IO L 91, 30.3.2004, lch. 1),
- 32004 D 0281: Cinneadh 2004/281/CE ón gComhairle an 22.3.2004 (IO L 93, 30.3.2004, lch. 1),
- 32004 R 0864: Rialachán (CE) Uimh. 864/2004 ón gComhairle an 29.4.2004 (IO L 161, 30.4.2004, lch. 48).

- (a) Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na bearta is gá a ghlacadh don Bhulgáir agus don Rómáin chun cabhair do shíolta a lánpháirtiú sna scéimeanna tacaíochta atá leagtha síos i dTeideal III, Caibidil 6, agus i dTeideal IV A de Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003.

- (i) Beidh sna forálacha sin an leasú seo a leanas ar Iarscríbhinn XIA "Seed aid ceilings in the new Member States referred to in Article 99(3)" a ghabhann le Rialachán (CE)
Uimh. 1782/2003, mar atá arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 583/2004 ón gComhairle:

"ANNEX XIA

Seed aid ceilings in the new Member States referred to in Article 99(3)

(EUR million)

Calendar year	Bulgaria	Czech Republic	Estonia	Cyprus	Latvia	Lithuania	Hungary	Malta	Poland	Romania	Slovenia	Slovakia
2005	-	0,87	0,04	0,03	0,10	0,10	0,78	0,03	0,56	-	0,08	0,04
2006	-	1,02	0,04	0,03	0,12	0,12	0,90	0,03	0,65	-	0,10	0,04
2007	0,11	1,17	0,05	0,04	0,14	0,14	1,03	0,04	0,74	0,19	0,11	0,05
2008	0,13	1,46	0,06	0,05	0,17	0,17	1,29	0,05	0,93	0,23	0,14	0,06
2009	0,15	1,75	0,07	0,06	0,21	0,21	1,55	0,06	1,11	0,26	0,17	0,07
2010	0,17	2,04	0,08	0,07	0,24	0,24	1,81	0,07	1,30	0,30	0,19	0,08
2011	0,22	2,33	0,10	0,08	0,28	0,28	2,07	0,08	1,48	0,38	0,22	0,09
2012	0,26	2,62	0,11	0,09	0,31	0,31	2,33	0,09	1,67	0,45	0,25	0,11
2013	0,30	2,91	0,12	0,10	0,35	0,35	2,59	0,10	1,85	0,53	0,28	0,12
2014	0,34	2,91	0,12	0,10	0,35	0,35	2,59	0,10	1,85	0,60	0,28	0,12
2015	0,39	2,91	0,12	0,10	0,35	0,35	2,59	0,10	1,85	0,68	0,28	0,12
2016	0,43	2,91	0,12	0,10	0,35	0,35	2,59	0,10	1,85	0,75	0,28	0,12
subsequent years	0,43	2,91	0,12	0,10	0,35	0,35	2,59	0,10	1,85	0,75	0,28	0,12

"

- (ii) Is mar a leanas a bheidh an chionroinnt de na méideanna náisiúnta uasta síolta a bhfuil an chabhair iníoctha ina leith:

An chionroinnt arna comhaontú de na méideanna náisiúnta uasta síolta
a bhfuil an chabhair iníoctha ina leith:

(i dtonaí)

	An Bhulgáir	An Rómáin
Síol ríse (<i>Oryza sativa L.</i>)	883,2	100
Síolta nach síol ríse iad	936	2 294

- (b) Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na bearta is gá a ghlacadh don Bhulgáir agus don Rómáin chun cabhair do thobac a lánpháirtiú sna scéimeanna tacaíochta atá leagtha síos i dTeideal III, Caibidil 6, agus i dTeideal IV A de Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003.

Is mar a leanas cionroinnt na dtairseach ráthaithe arna comhaontú le haghaidh tobac:

Cionroinnt na dtairseach ráthaithe arna comhaontú le haghaidh tobac

(i dtonaí)

	An Bhulgáir	An Rómáin
Iomlán ar a n-áirítear:	47 137	12 312
I Múchánleasaithe	9 023	4 647
II Aerleasaithe go héadrom	3 208	2 370
V Grianleasaithe		5 295
VI Basmas	31 106	
VIII Kaba Koulak	3 800	

B. REACHTAÍOCHT TRÉIDLIACTHA AGUS FÍTEASLÁINTÍOCHTA

31999 L 0105: Treoir 1999/105/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1999 maidir le hábhar atáirgthe foraoise a mhargú (IO L 11, 15.1.2000, Ich. 17).

Nuair is iomchuí, agus leas á bhaint aige as an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 26(3) de Threoir 1999/105/CE, déanfaidh an Coimisiún Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin a oiriúnú i dtaca leis na speicis foraoise *Pinus peuce* Griseb., *Fagus orientalis* Lipsky, *Quercus frainetto* Ten. agus *Tilia tomentosa* Moench.

IARSCRÍBHINN V

Liosta dá dtagraítear in Airteagal 21 den Ionstraim Aontachais:
buanfhorálacha eile

1. DLÍ CUIDEACHTAÍ

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal I Saorghluaiseacht Earraí

SÁSRA SONRACH

I dtaca leis an mBulgáir nó leis an Rómáin, féadfaidh sealbhóir paitinne nó deimhnithe fhorlónthaigh chosanta do tháirge cógaisíochta arna chomhdú i mBallstát tráth nár bh fhéidir cosaint a fháil don táirge sin i gceann de na Ballstáit nua thuasluaite, nó tairbhí an tsealbhóra sin, brath ar na cearta arna ndeonú ag an bpaitinn sin nó ag an deimhniú forlíontach cosanta sin d'fhoinn allmhairíú agus margáiocht an táirge sin a chosc sa Bhallstát nó sna Ballstáit ina dtairbhíonn an táirge i dtrácht de chosaint phaitinne nó de chosaint fhorlónthach, fiú más eisean a chuir an táirge ar an margadh sa Bhallstát nua sin den chéad uair nó a thoiligh dó.

Aon duine a bhfuil sé ar intinn aige táirge cógaisíochta atá folaithe ag an mír thusa a allmhairíú nó a chur ar an margadh i mBallstát ina dtairbhíonn an táirge de chosaint phaitinne nó de chosaint fhorlíontach, taispeánfaidh sé do na húdaráis inniúla san iarratas i ndáil leis an allmhairíú sin gur tugadh réamhfhógra aon mhíosa do shealbhóir nó do thairbhí cosanta den sórt sin.

2. BEARTAS IOMAÍOCHTA

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal VI, Caibidil 1 Rialacha Iomaíochta

1. Na scéimeanna cabhrach agus an chabhair leithleach seo a leanas arna gcur in éifeacht i mBallstát nua roimh dháta an aontachais agus atá fós infheidhme tar éis an dáta sin, measfar tráth an aontachais gur cabhair atá ann iad de réir bhrí Airteagal 88(1) de Chonradh CE:
 - (a) bearta cabhrach a cuireadh in éifeacht roimh an 10 Nollaig 1994;

- (b) bearta cabhrach atá liostaithe san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo;
- (c) bearta cabhrach a rinne an t-údarás faireacháin státhabhrach de chuid an Bhallstáit nua a mheasúnú roimh dháta an aontachais agus a fuarthas a bheith ag luí leis an acquis, agus nach ndearna an Coimisiún agóid ina leith ar an bhforas go raibh amhras tromchúiseach ann an raibh an beart ag luí leis an gcómhargadh, de bhun an nós imeachta atá leagtha amach i mír 2.

Gach beart atá fós infheidhme tar éis dháta an aontachais arb éard é státhabhair agus nach gcomhallann na coinníollacha atá leagtha amach thuas, measfar gur cabhair nua é tráth an aontachais chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 88(3) de Chonradh CE.

Níl feidhm ag na forálacha thuas maidir le cabhair d'earnáil an iompair ná do ghníomhaíochtaí atá naschta leis na táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Conradh CE a tháirgeadh, a phróiseáil nó a mhargú, amach ó tháirgí iascaigh agus táirgí atá díorthaithe uathu.

Beidh na forálacha thuas gan dochar freisin do na bearta idirthréimhseacha i dtaca le beartas iomaíochta atá leagtha amach san Ionstraim agus do na bearta atá leagtha síos in Iarscríbhinn VII, Caibidil 4, Roinn B, a ghabhann leis an Ionstraim.

2. Sa mhéid gur mian le Ballstát nua go scrúdódh an Coimisiún beart cabhrach faoin nós imeachta atá tuairiscithe i mír 1(c), soláthroidh sé go tráthrialta don Choimisiún:
- (a) liosta de bhearta cabhrach atá ann atá measúnaithe ag an údarás náisiúnta faireacháin státhabhrach agus a fuair an t-údarás sin a bheith ag luí leis an acquis; agus
 - (b) aon fhaisnéis eile atá fíor-riachtanach chun a mheasúnú an bhfuil an beart cabhrach atá le scrúdú comhchuí,
- i gcomhréir leis an bhformáid shonrach tuarascála arna soláthar ag an gCoimisiún.

Mura ndéanfaidh an Coimisiún agóid i gcoinne an bhirt chabhrach atá ann ar an bhforas go bhfuil amhras tromchúiseach ann an bhfuil an beart ag luí leis an gcómhargadh, laistigh de 3 mí tar éis dó an fhaisnéis ionlán maidir leis an mbeart sin a fháil nó ráiteas a fháil ón mBallstát nua ina gcuireann sé in iúl don Choimisiún go measann sé go bhfuil an fhaisnéis arna soláthar ionlán toisc nach bhfuil an fhaisnéis bhreise a iarradh ar fáil nó gur soláthraíodh cheana í, measfar nach bhfuil an Coimisiún tar éis agóid a dhéanamh.

Gach beart cabhrach a thíolactar don Choimisiún faoin nós imeachta atá tuairiscithe i mír 1(c) roimh dháta an aontachais, beidh sé faoi réir an nós imeachta thuas, is cuma go bhfuil an Ballstát nua tar éis teacht cheana chun bheith ina chomhalta den Aontas i rith na tréimhse scrúdaithe.

3. Measfar cinneadh ón gCoimisiún chun agóid a dhéanamh i leith birt, de réir bhrí mhír 1(c), mar chinneadh chun nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle an 22 Márta 1999 ag leagan síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 93 de Chonradh CE a chur i bhfeidhm¹.

Má ghlactar cinneadh den sórt sin roimh dháta an aontachais,ní thiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm go dtí dáta an aontachais.

¹ IO L 83, 27.3.1999, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le hIonstraim Aontachais 2003 (IO L 236, 22.3.2003, lch. 33).

4. Gan dochar do na nósanna imeachta a bhaineann le cabhair atá ann dá bhforáiltear in Airteagal 88 de Chonradh CE, scéimeanna cabhrach agus cabhair leithleach arna ndeonú in earnáil an iompair agus arna gcur in éifeacht i mBallstát nua roimh dháta an Aontachais agus atá fós infheidhme tar éis an dáta sin, measfar gur cabhair atá ann iad de réir bhrí Airteagal 88(1) de Chonradh CE, faoi réir an choinnill seo a leanas:

- cuirfear na bearta cabhrach in iúl don Choimisiún laistigh de cheithre mhí ó dháta an aontachais. Beidh sa chumarsáid sin faisnéis faoin mbunús dlí atá ag gach beart. Bearta cabhrach atá ann agus pleananna chun cabhracha a dheonú nó a athrú arna gcur in iúl don Choimisiún roimh dháta an aontachais, measfar go bhfuil siad curtha in iúl ar dháta an aontachais.

Measfar gur cabhair "atá ann" de réir bhrí Airteagal 88(1) de Chonradh CE na bearta cabhrach sin go dtí deireadh an tríú bliain ó dháta an aontachais.

Leasóidh na Ballstáit nua na bearta cabhrach sin, nuair is gá, chun na treoirlínte a chomhlíonadh arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún faoi dheireadh an tríú bliain ó dháta an aontachais ar a dhéanaí. Tar éis an dáta sin, measfar gur cabhair nua aon chabhair a fhaightear nach bhfuil ag luí leis na treoirlínte sin.

5. A mhéad a bhaineann leis an Rómáin, ní bheidh feidhm ag mír 1(c) ach amháin maidir le bearta cabhrach arna measúnú ag an údarás faireacháin státhabhrach de chuid na Rómáine tar éis an dáta a bheidh leibhéal sásúil sroichte ag teist fhorghníomhú na státhabhrach sa Rómáin sa tréimhse roimh an aontachas, dáta a chinnfidh an Coimisiún ar bhonn faireacháin leanúnaigh ar na gealltanais arna nglacadh ar láimh ag an Rómáin i gcomhthéacs na caibidlíochta aontachais. Ní mheasfar go bhfuil an leibhéal sásúil sin sroichte ach amháin nuair a bheidh léirithe ag an Rómáin go bhfuil rialú iomlán ceart ar státhabhair á chur i bhfeidhm go comhchuí aici i ndáil le gach beart cabhrach arna dheonú sa Rómáin; áirítear leis sin go nglacfaidh an t-údarás faireacháin státhabhrach de chuid na Rómáine cinntí atá réasúnaithe go láncheart ina mbeidh measúnú beacht ar chineál státhabhrach gach birt agus feidhmiú ceart na gcritéar comhoiriúnachta agus go gcuirfidh sé na cinntí sin chun feidhme.

Ar an bhforas go bhfuil amhras tromchúiseach ann an bhfuil an beart ag luí leis an gcómhargadh, féadfaidh an Coimisiún agóid a dhéanamh i gcoinne aon bhirt chabhrach arna dheonú i rith na tréimhse réamhaontachais idir an 1 Meán Fómhair 2004 agus an dáta arna shocrú sa chinneadh thuasluaite ón gCoimisiún gur shroich an teist fhorghníomhaithe leibhéal sásúil. Measfar cinneadh ón gCoimisiún chun agóid a dhéanamh i leith birt mar chinneadh chun nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 659/1999. Má ghlactar cinneadh den sórt sin roimh dháta an aontachais, ní thiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm go dtí dáta an aontachais.

Má ghlacann an Coimisiún cinneadh diúltach tar éis dó an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh, cinnfidh sé go ndéanfaidh an Rómáin gach beart is gá chun an chabhair a aisghabháil go héifeachtáil ón tairbhí. Cuimseoidh an chabhair a bheidh le haisghabháil ús ag ráta iomchuí arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 794/2004¹, a bheidh iníocha ón dáta céanna.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21.4.2004 ag cur Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle chun feidhme ag leagan síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 93 de Chonradh CE a chur i bhfeidhm (IO L 140, 30.4.2004, Ich. 1).

3. TALMHAÍOCHT

- (a) An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal II, Talmhaíocht
1. Is é an Comhphobal a ghabhfaidh chuige féin stoic phoiblí atá á sealbhú ar dháta an aontachais ag na Ballstáit nua de thairbhe a mbeartas tacaíochta do mhargaí ag an luach a leanann ó chur i bhfeidhm Airteagal 8 de Rialachán (CEE) Uimh. 1883/78 ón gComhairle an 2 Lúnasa 1978 ag leagan síos rialacha ginearálta do mhaoiniú idirghabhála ag Róinn Treoraíochta an Chiste Eorpaigh um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta¹. Ní ghabhfar na stoic sin ach ar choinníoll go ndéantar idirghabháil phoiblí sa Chomhphobal do na táirgí i dtrácht agus go gcomhallaíonn na stoic ceanglais idirghabhála an Chomhphobail.
 2. Aon stoc de tháirgí, bíodh sé príobháideach nó poiblí, atá ar saorchúrsaíocht laistigh de chríoch na mBallstát nua ar dháta an aontachais agus a théann thar an gcainníocht ba inmheasta mar ghnáthstoc le tabhairt anonn, ní foláir é a dhíchur ar chostas na mBallstát nua.

¹ IO L 216, 5.8.1978, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1259/96 (IO L 163, 2.7.1996, lch. 10).

Déanfar an coincheap "gnáthstoic le tabhairt anonn" a shainiú do gach táirge i bhfianaise na gcrítear agus na gcuspóirí is sonrach do gach comheagraíocht mhargaidh.

3. Déanfar na stoic dá dtagraítear i mír 1 a bhaint as an gcainníocht a théann thar an ngnáthstoc le tabhairt anonn.
4. Déanfaidh an Coimisiún na socruite atá tuairiscithe thus a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 1258/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le maoiniú an chomhbheartais talmhaíochta¹ nó, mar is iomchuí, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 42(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1260/2001 ón gComhairle an 30 Meitheamh 2001 maidir le comheagraíocht na margáí in earnáil an tsiúcra², nó sna hAirteagail chomhfhereagracha de na Rialacháin eile maidir le comheagraíocht na margáí talmhaíochta nó i gcomhréir leis an nós imeachta coiste ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme.

¹ IO L 160, 26.6.1999, lch. 103.

² IO L 178, 30.6.2001, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 39/2004 ón gCoimisiún (IO L 6, 10.1.2004, lch. 16).

- (b) An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal VI, Caibidil 1, Rialacha Iomaíochta

Gan dochar do na nósanna imeachta a bhaineann le cabhair atá ann dá bhforáiltear in Airteagal 88 de Chonradh CE, measfar faoi réir an choinníll seo a leanas gur cabhair atá ann de réir bhrí Airteagal 88(1) de Chonradh CE scéimeanna cabhrach agus cabhair leithleach arna ndeonú do ghníomhaíochtaí atá nasctha le tárgí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Conradh CE a tháirgeadh, a phróiseáil agus a mhargú, amach ó thárgí iascaigh agus tárgí atá díorthaithe uathu, arna gcur i gcrích i mBallstát nua roimh dháta an aontachais agus atá fós infheidhme tar éis an dáta sin:

- cuirfear na bearta cabhrach in iúl don Choimisiún laistigh de cheithre mhí ó dháta an aontachais. Beidh sa chumarsáid sin faisnéis faoin mbunús dlí atá ag gach beart. Bearta cabhrach atá ann agus pleannanna chun cabhracha a dheonú nó a athrú arna gcur in iúl don Choimisiún roimh dháta an aontachais, measfar go bhfuil siad curtha in iúl ar dháta an aontachais. Foilseoidh an Coimisiún liosta de chabhracha den sórt sin.

Measfar gur cabhair "atá ann" de réir bhrí Airteagal 88(1) de Chonradh CE na bearta cabhrach sin go dtí deireadh an tríú bliain ó dháta an aontachais.

Leasóidh na Ballstáit nua na bearta cabhrach sin, nuair is gá, chun na treoirlínte a chomhlíonadh arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún faoi dheireadh an tríú bliain ó dháta an aontachais ar a dhéanaí. Tar éis an dáta sin, measfar gur cabhair nua aon chabhair a fhaightear nach bhfuil ag luí leis na treoirlínte sin.

4. AN tAONTAS CUSTAIM

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal I Saorghluaiseacht earraí, Caibidil 1, An tAontas Custaim

31992 R 2913: Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail (IO Uimh. L 302, 19.10.1992, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 12003 T: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí - Aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33).

31993 R 2454: Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993 ag leagan síos forálacha chun Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail a chur chun feidhme (IO L 253, 11.10.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32003 R 2286: Rialachán (CE) Uimh. 2286/2003 ón gCoimisiún an 18.12.2003 (IO L 343, 31.12.2003, lch. 1).

Beidh feidhm ag Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 maidir leis na Ballstáit nua faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

CRUTHÚNAS AR STÁDAS COMHPHOBAIL (TRÁDÁIL LAISTIGH DEN CHOMPHOBAL ARNA MHÉADÚ)

1. D'ainneoin Airteagal 20 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92, earraí atá ar dháta an aontachais i stóráil shealadach nó faoi cheann de na córacha agus nósanna imeachta custaim dá dtagraítear in Airteagal 4(15)(b) agus (16)(b) go (g) den Rialachán sin sa Chomphobal arna mhéadú, nó atá á n-iompar laistigh den Chomphobal arna mhéadú tar éis a bheith faoi réir foirmiúlachtaí custaim, beidh siad saor ó dhleachtanna custaim agus ó bhearta eile custaim nuair a dhearbhófar do scaoileadh i saorchúrsaíocht iad laistigh den Chomphobal arna mhéadú ar choinníoll go dtíolacfar aon cheann de na cruthúnais seo a leanas:

- (a) cruthúnas ar thionscnamh fabhair arna eisiúint nó arna dhéanamh amach go ceart faoi cheann de na Comhaontuithe Eorpacha atá liostaithe thíos nó faoi na comhaontuithe fabhair coibhéiseacha arna dtabhairt i gcrích idir na Ballstáit nua féin a bhfuil toirmeasc ann ar aisíocaíocht dleachtanna custaim ar ábhair neamh-thionscnaimh arna n-úsáid i monarú tárgí a ndéantar cruthúnas ar thionscnamh a eisiúint nó a dhéanamh amach ina leith nó toirmeasc ar dhíolúine ó dhleachtanna custaim den sórt sin (riail na neamh-aisíocaíochta);

Na Comhaontuithe Eorpacha

- 21994 A 1231 (24) An Bhulgáir: Comhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Bulgáire, den pháirt eile – Prótacal 4 maidir leis an sainmhíniú den choincheap "táirgí tionscnaimh" agus maidir le modhanna comhair riarracháin¹;
 - 21994 A 1231 (20) An Rómáin: Comhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Rómáin, den pháirt eile – Prótacal 4 maidir leis an sainmhíniú den choincheap "táirgí tionscnaimh" agus maidir le modhanna comhair riarracháin²;
- (b) aon cheann de na meáin chruthúnais ar stádas Comhphobail dá dtagraítear in Airteagail 314c de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93;
- (c) carnet ATA arna eisiúint roimh dháta an aontachais i mBallstát láithreach nó i mBallstát nua.

¹ IO L 358, 31.12.1994, lch. 3. Prótacal mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 1/2003 ó Chomhairle Chomhlachais AE/na Bulgáire an 4.6.2003 (IO L 191, 30.7.2003, lch. 1).

² IO L 357, 31.12.1994, lch. 2. Prótacal mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 2/2003 ó Chomhairle Chomhlachais AE/na Rómáine an 25.9.2003 (gan foilsíú fós san Iris Oifigiúil).

2. Chun críocha na cruthúnais dá dtagraítear i mír 1(b) thusas a eisiúint i ndáil leis an staid ar dháta an aontachais agus i dteannta le forálacha Airteagal 4(7) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92, ciallóidh "earraí Comhphobail":

- earraí arna bhfáil go hiomlán ar chríoch aon cheann de na Ballstáit nua faoi choinníollacha is comhionann le coinníollacha Airteagal 23 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 nach n-ionchorpraíonn earraí arna n-allmhairiú ó thíortha nó ó chríocha eile; nó
- earraí arna n-allmhairiú ó thíortha nó ó chríocha seachas an téarma i dtrácht agus arna scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta sa téarma sin; nó
- earraí arna bhfáil nó arna dtáirgeadh sa téarma i dtrácht ó earraí dá dtagraítear sa dara fleasc den mhír seo, agus uathu siúd amháin, nó ó earraí dá dtagraítear sa chéad fhleasc agus sa dara fleasc den mhír seo.

3. Chun críocha na cruthúnais a fhíorú dá dtagraítear i mír 1(a) thusas, beidh feidhm ag na forálacha maidir leis an sainmhíniú den choinchéap "táirgí tionscnaimh" agus ag modhanna comhair riarracháin faoi na Comhaontuithe Eorpacha faoi seach nó na comhaontuithe fabhair coibhéiseacha arna dtabhairt i gcrích idir na Ballstáit nua féin. Ar feadh tréimhse trí bliana tar éis an cruthúnas ar thionscnamh i dtrácht a eisiúint, glacfaidh údaráis inniuila custaim na mBallstát láithreach agus na mBallstát nua le hiarrataí ar fhíorú iardain na gcruthúnas sin agus féadfaidh na húdaráis sin iarrataí den sórt sin a dhéanamh ar feadh tréimhse trí bliana tar éis glacadh leis an gcruthúnas ar thionscnamh mar thacaíocht le dearbhú saorchúrsaíochta.

CRUTHÚNAS AR THIONSCNAMH FABHAIR (TRÁDÁIL LE TRÍÚ TÍORTHA, LENA
nÁIRÍTEAR AN TUIRC, FAOI CHUIMSIÚ NA gCOMHAONTUITHE FABHAIR MAIDIR LE
TALMHAÍOCHT, GUAL AGUS TÁIRGÍ CRUACH)

4. Gan dochar do chur i bhfeidhm aon bheart a chineann ón gcomhbheartas tráchtála, glacfar sna Ballstáit nua faoi seach le cruthúnais ar thionscnamh arna n-eisiúint go ceart ag tríú tíortha nó arna ndéanamh amach faoi chuimsiú comhaontuithe fabhair arna dtabhaint i gcrích ag na Ballstáit nua leis na tíortha sin nó arna n-eisiúint nó arna ndéanamh amach faoi chuimsiú reachtaíocht náisiúnta aontaobhach na mBallstát nua, ar chuntar:

- (a) go ndeonóidh fáil tionscnamh den sórt sin cóir tharaife fabhair ar bhonn na mbeart taraife fabhair i gcomhaontuithe nó i socruithe arna dtabhaint i gcrích ag an gComhphobal leis na tríú tíortha sin nó le grúpaí díobh nó arna nglacadh aige ina leith, dá dtagraítear in Airteagal 20(3)(d) agus (e) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92; agus
- (b) go n-eiseofar nó go ndéanfar amach an cruthúnas ar thionscnamh agus na doiciméid iompair tráth nach déanaí ná an lá roimh dháta an aontachais; agus
- (c) go dtíolacfar an cruthúnas ar thionscnamh do na húdaráis chustaim laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais.

Nuir atá earraí dearbhaithe le haghaidh scaoileadh do shaorchúrsaíocht i mBallstát nua roimh dháta an aontachais, féadfar glacadh freisin sa Bhallstát nua i dtrácht leis an gcruthúnas ar thionscnamh arna eisiúint nó arna dhéanamh amach go cúlghabhálach faoi na comhaontuithe nó socrutithe fabhair atá i bhfeidhm sa Bhallstát nua sin ar dháta an scaiolte do shaorchúrsaíocht ar chuntar go dtíolacfar do na húdaráis chustaim é laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais.

5. Na húdaruithe lenar deonaíodh an stádas "onnmhaireoirí formheasta" faoi chuimsiú comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le tríu tíortha, údaraítear don Bhulgáir agus don Rómáin iad a choinneáil, ar chuntar:

- (a) go bhforálfar freisin don fhoráil sin i gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích roimh dháta an aontachais ag na tríu tíortha sin leis an gComhphobal; agus
- (b) go gcuirfidh na honnmhaireoirí formheasta na rialacha tionscnaimh dá bhforáiltear sna comhaontuithe sin i bhfeidhm.

Déanfaidh na Ballstáit nua údaruithe nua arna n-eisiúint faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail a chur in ionad na n-údaruithe sin tráth nach déanaí ná bliain tar éis dháta an aontachais.

6. Chun críocha na cruthúnais a fhíorú dá dtagraítear i mír 4 thuas, beidh feidhm ag na forálacha maidir leis an sainmhíniú den choincheap "táirgí tionscnaimh" agus ag modhanna comhair riacháin na gcomhaontuithe nó na socruite ábhartha. Ar feadh tréimhse trí bliana tar éis an cruthúnas ar thionscnamh i dtrácht a eisiúint, glacfaidh údaráis inniúla custaim na mBallstát láithreach agus na mBallstát nua le hiarrataí ar fhíorú iardain na gcruthúnas sin agus féadfaidh na húdaráis sin iarrataí den sórt sin a dhéanamh ar feadh tréimhse trí bliana tar éis glacadh leis an gcruthúnas ar thionscnamh mar thacaíocht le dearbhú saorchúrsaíochta.

7. Gan dochar do chur i bhfeidhm aon bheart a chineann ón gcomhbheartas tráchtála, glacfar sna Ballstáit nua le cruthúnais ar thionscnamh, arna n-eisiúint go cúlghabhálach ag tríú tíortha faoi chuimsiú comhaontuithe fabhair arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal leis na tíortha sin, i gcás earraí a scaoileadh do shaorchúrsaíocht atá ar dháta an aontachais i gceann de na tríú tíortha sin nó sa Bhallstát nua sin, bídis ar a mbealach, i stóráil shealadach, i stóras custaim nó i saorchrios, ar chuntar nach raibh, tráth eisithe na ndoiciméad iompair, comhaontú saorhrádála leis an tríú tir i bhfeidhm i gcás na dtáirgí sin ag an mBallstát nua inar tharla an scaoileadh do shaorchúrsaíocht, agus ar chuntar:

- (a) go ndeonóidh fáil tionscnaimh den sórt sin cóir tharaife fabhair ar bhonn na mbeart taraife fabhair i gcomhaontuithe nó i socruite arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal le tríú tíortha nó grúpaí díobh nó arna nglacadh aige ina leith, dá dtagraítear in Airteagal 20(3)(d) agus (e) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92; agus

(b) go n-eiseofar na doiciméid iompair tráth nach déanaí ná an lá roimh dháta an aontachais; agus

(c) go dtíolacfar an cruthúnas ar thionscnamh arna eisiúint go cúlghabhálach do na húdaráis chustaim laistigh de cheithre mhí ó dháta an aontachais.

8. Chun críocha na cruthúnais a fhíorú dá dtagraítear i mír 7 thuas, beidh feidhm ag na forálacha maidir leis an sainmhíniú den choincheap "táirgí tionscnaimh" agus ag modhanna comhair riarracháin na gcomhaontuithe nó na socrutithe ábhartha.

CRUTHÚNAS AR STÁDAS FAOI NA FORÁLACHA MAIDIR LE SAORCHÚRSAÍOCHT LE hAGHAIDH TÁIRGÍ TIONSCLAÍOCHA LAISTIGH d'AONTAS CUSTAIM CE-NA TUIRCE

9. Cruthúnais ar thionscnamh arna n-eisiúint go ceart ag an Tuirc nó ag Ballstát nua faoi chuimsiú comhaontuithe fabhair trádála arna gcur i bhfeidhm eatarthu a cheadaíonn carnadh tionscnaimh leis an gComhphobal arna bhunú ar rialacha comhionanna tionscnaimh agus ar thoirméasc ar aon aisíocaíocht ar dhleachtanna custaim ar na hearraí i dtrácht nó aon fhionraí ar na dleachtanna sin, glacfar leo sna tíortha faoi seach mar chruthúnas ar stádas faoi na forálacha maidir le saorchúrsaíocht i gcás táirgí tionsclaíocha arna leagan síos i gCinneadh Uimh. 1/95 ó Chomhairle Chomhlachais CE-na Tuirce¹, ar chuntar:

(a) go n-eiseofar an cruthúnas ar thionscnamh agus na doiciméid iompair tráth nach déanaí ná an lá roimh dháta an aontachais; agus

(b) go dtíolacfar an cruthúnas ar thionscnamh do na húdaráis chustaim laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais.

¹ Cinneadh Uimh. 1/95 ó Chomhairle Chomhlachais CE-na Tuirce an 22.12.1995 maidir leis an gcéim dheireanach den Aontas Custaim a chur chun feidhme (IO L 35, 13.2.1996, lch. 1). Cinneadh mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 2/99 ó Chomhairle Chomhlachais CE-na Tuirce (IO L 72, 18.3.1999, lch. 36).

Nuair atá earraí dearbhaithe le haghaidh scaoileadh do shaorchúrsaíocht sa Tuirc nó i mBallstát nua roimh dháta an aontachais, faoi chuimsiú na gcomhaontuithe fabhair trádála thuasluaite, féadfar glacadh freisin leis an gcruthúnas ar thionscnamh arna eisiúint go cúlghabhálach faoi na comhaontuithe sin ar chuntar go dtíolacfar do na húdaráis chustaim é laistigh de thréimhse ceithre mhí ó dháta an aontachais.

10. Chun críocha na cruthúnais a fhíorú dá dtagraítear i mír 9, beidh feidhm ag na forálacha sin de na comhaontuithe fabhair ábhartha a bhaineann leis an sainmhíniú den choincheap "táirgí tionscnaimh" agus leis na modhanna comhair riarracháin. Ar feadh tréimhse trí bliana tar éis an cruthúnas ar thionscnamh i dtrácht a eisiúint, glacfaidh údaráis inniúla custaim na mBallstát láithreach agus na mBallstát nua le hiarrataí ar fhíorú iardain na gcruthúnas sin agus féadfaidh na húdaráis sin iarrataí den sórt sin a dhéanamh ar feadh tréimhse trí bliana tar éis glacadh leis an gcruthúnas ar thionscnamh mar thacaíocht le dearbhú saorchúrsaíochta.

11. Gan dochar do chur i bhfeidhm aon bheart a chineann ón gcomhbheartas tráchtála, glacfar sna Ballstáit nua le teastas gluaiseachta A.TR arna eisiúint faoi na forálacha maidir le saorchúrsaíocht i gcás táirgí tionsclaíocha, arna leagan síos i gCinneadh Uimh. 1/95 ó Chomhairle Chomhlachais CE-na Tuirce an 22 Nollaig 1995 le haghaidh scaoileadh earraí do shaorchúrsaíocht atá ar dháta an aontachais ar iompar tar éis a bheith faoi réir foirmiúlachtaí onnmhairíochta laistigh den Chomhphobal nó sa Tuirc, nó atá i stóráil shealadach nó faoin nós imeachta custaim dá dtagraítear in Airteagal 4(16)(b) go (h) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 sa Tuirc nó sa Bhallstát nua sin, ar chuntar:

- (a) nach dtíolacfar aon chruthúnas ar thionscnamh mar a thagraítear dó i mír 9 le haghaidh na n-earraí i dtrácht; agus
- (b) go gcomhlíonfaidh na hearraí na coinníollacha chun na forálacha maidir le saorchúrsaíocht i gcás táirgí tionsclaíocha a chur chun feidhme; agus
- (c) go n-eiseofar na doiciméid iompair tráth nach déanaí ná an lá roimh dháta an aontachais; agus
- (d) go dtíolacfar an teastas gluaiseachta A.TR do na húdaráis chustaim laistigh de cheithre mhí ó dháta an aontachais.

12. Chun críocha na teastais ghlúaiseachta A.TR dá dtagraítear i mír 11 thusas a fhíorú, beidh feidhm ag na forálacha maidir le heisiúint teastas gluaiseachta A.TR agus le modhanna comhair riarracháin faoi Chinneadh Uimh. 1/2001 ó Choiste CE-na Tuirce um Chomhar Custaim¹.

NÓSANNA IMEACHTA CUSTAIM

13. An stóráil shealadach agus na nósanna imeachta custaim dá dtagraítear in Airteagal 4(16)(b) go (h) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus a thosaigh roimh an aontachas, déanfar iad a chríochnú nó a urscaoileadh faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail.

¹ Cinneadh Uimh. 1/2001 ó Choiste CE-na Tuirce um Chomhar Custaim an 28.3.2001 ag leasú Chinneadh Uimh. 1/96 ag leagan síos rialacha mionsonraithe chun Cinneadh Uimh. 1/95 ó Chomhairle Chomhlachais CE-na Tuirce a chur i bhfeidhm (IO L 98, 7.4.2001, lch. 31). Cinneadh mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 1/2003 ó Choiste CE-na Tuirce um Chomhar Custaim (IO L 28, 4.2.2003, lch. 51).

Nuair a éiríonn fiachas custaim as an geríochnú nó as an urscaoileadh, is é an méid dleachta allmhairíochta a bheidh le n-íoc an méid atá i bhfeidhm i gcomhréir leis an gComhtharaif Chustaim nuair a thabhaítar an fiachas custaim agus measfar gur acmhainní dílse an Chomhphobail an méid arna íoc.

14. Beidh feidhm maidir leis na Ballstáit nua ag na nósanna imeachta a rialaíonn stórasú custaim atá leagtha síos in Airteagail 84 go 90 agus 98 go 113 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Airteagail 496 go 535 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

- nuair a chinntear méid an fhiachais chustaim ar bhonn chineál na n-earraí allmhairíochta, a gcustamluacha agus a gcainníochta tráth glactha an dearbhaithe iad a bheith curtha faoi stórasú custaim agus nuair a glacadh leis an dearbhú sin roimh dháta an aontachais, is iad na heilimintí sin na heilimintí a thig ón reachtaíocht is infheidhme roimh dháta an aontachais sa Bhallstát nua i dtrácht.

15. Beidh feidhm maidir leis na Ballstáit nua ag na nósanna imeachta a rialaíonn próiseáil isteach atá leagtha síos in Airteagail 84 go 90 agus 114 go 129 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Airteagail 496 go 523 agus 536 go 550 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

- nuair a chinntear méid an fhiachais chustaim ar bhonn chineál na n-earraí allmhairíochta, a rangaithe taraife, a gcainníochta, a gcuastamluacha agus a dtionscnaimh tráth a gcurtha faoin nós imeachta agus nuair a glacadh leis an dearbhú lenar cuireadh na hearraí faoin nós imeachta roimh dháta an aontachais, is iad na heilimintí sin na heilimintí a thig ón reachtaíocht is infheidhme roimh dháta an aontachais sa Bhallstát nua i dtrácht;
- nuair a éiríonn fiachas custaim as an urscaoileadh, d'fhoínn an cothromas a choimeád ar bun idir sealbhóirí údaruithe arna mbunú sna Ballstáit láithreacha agus sealbhóirí sna Ballstáit nua, íocfar ús cúiteach ar na dleachtanna allmhairíochta atá dlite faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail ó dháta an aontachais;
- má glacadh leis an dearbhú um próiseáil isteach faoi chóras aisíocaíochta dleachta, is é an Ballstát nua ar a chostas féin a dhéanfaidh an aisíocaíocht dleachta faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail más roimh dháta an aontachais a tabhaíodh an fiachas custaim a n-iarrtar aisíocaíocht dleachta ina leith.

16. Beidh feidhm maidir leis na Ballstáit nua ag na nósanna imeachta a rialaíonn allmhairiú sealadach atá leagtha síos in Airteagail 84 go 90 agus 137 go 144 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Airteagail 496 go 523 agus 553 go 584 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

- nuair a chinntear méid an fhiachais chustaim ar bhonn chineál na n-earraí allmhairíochta, a rangaithe taraife, a gcainníochta, a gcuastamluacha agus a dtionscnaimh tráth a gcurtha faoin nós imeachta agus nuair a glacadh leis an dearbhú lenar cuireadh na hearraí faoin nós imeachta roimh dháta an aontachais, is iad na heilimintí sin na heilimintí a thig ón reachtaíocht is infheidhme roimh dháta an aontachais sa Bhallstát nua i dtrácht;
- nuair a éiríonn fiachas custaim as an urscaoileadh, d'fhoínn an cothromas a choimeád ar bun idir sealbhóirí údaruithe arna mbunú sna Ballstáit láithreacha agus sealbhóirí sna Ballstáit nua, íocfar ús cúiteach ar na dleachtanna allmhairíochta atá dlite faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail ó dháta an aontachais.

17. Beidh feidhm maidir leis na Ballstáit nua ag na nósanna imeachta a rialaíonn próiseáil amach atá leagtha síos in Airteagail 84 go 90 agus 145 go 160 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Airteagail 496 go 523 agus 585 go 592 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

- beidh feidhm ag an dara mír d'Airteagal 591 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 mutatis mutandis maidir le hearraí onnmhairíochta sealadaí arna n–onnmhairiú go sealadach ó na Ballstáit nua roimh dháta an aontachais.

FORÁLACHA EILE

18. Beidh údaruithe arna ndeonú roimh dháta an aontachais ar mhaithe leis na nósanna imeachta custaim dá dtagraítear in Airteagal 4(16)(d), (e) agus (g) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 bailí go dtí deireadh a mbailíochta nó bliain amháin tar éis dháta an aontachais, cibé acu is túisce.

19. Beidh feidhm maidir leis na Ballstáit nua ag na nósanna imeachta a rialaíonn tabhú fiachais chustaim, iontráil sna cuntais agus gnóthú iar-imréitigh atá leagtha síos in Airteagail 201 go 232 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Airteagail 859 go 876a de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

- déanfar an gnóthú faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail. Nuair a tabhaíodh an fiachas custaim roimh dháta an aontachais, áfach, déanfar an gnóthú faoi na coinníollacha atá i bhfeidhm sa Bhallstát nua i dtrácht roimh an aontachas agus is é an Ballstát nua sin a dhéanfaidh an gnóthú ina fhabhar féin.

20. Beidh feidhm maidir leis na Ballstáit nua ag na nósanna imeachta a rialaíonn dleacht a aisíoc agus a loghadh atá leagtha síos in Airteagail 235 go 242 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 agus Airteagail 877 go 912 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas:

- déanfar dleachtanna a aisíoc agus a loghadh faoi choinníollacha na reachtaíochta Comhphobail. Nuair a bhaineann na dleachtanna a n-iarrtar a n-aisíocaíocht nó a loghadh le fiachas custaim a tabhaíodh roimh dháta an aontachais, áfach, déanfar an aisíocaíocht agus an loghadh dleachtanna faoi na coinníollacha atá i bhfeidhm sa Bhallstát nua i dtrácht roimh an aontachas agus is é an Ballstát sin a dhéanfaidh sin ar a chostas féin.

Foscríbhinn a ghabhann le hIARSCRÍBHINN V

Liosta de na bearta cabhrach atá ann dá dtagraítear i bpointe 1(b) den sásra cabhrach atá ann dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn V

Nóta: Ní mheasfar na bearta cabhrach atá liostaithe san Foscríbhinn seo mar chabhair atá ann ach amháin chun críocha an sásra cabhrach atá ann atá leagtha amach i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn V a chur i bhfeidhm a mhéad a thagann siad faoi réim na chéad mhíre di.

Uimh.			Teideal (sa bhunteanga):	Dáta an fhormheasa ón údarás náisiúnta faireacháin stáitchabhrach	Ré
BS	Uimh.	Bliain			
BG	1	2004	Предоговаряне на задълженията към държавата, възникнали по реда на Закона за уреждане на необслужваните кредити, договорени до 31.12.1990 г. със "Силома" АД, гр.Силистра, чрез удължаване на срока на изплащане на главницата за срок от 15 години	29.7.2004	2004-2018
BG	2	2004	Средства за компенсиране от държавния бюджет на доказания от "Български пощи" ЕАД дефицит от изпълнението на универсалната пощенска услуга	18.11.2004	31.12.2010
BG	3	2004	Целево финансиране на дейността на Българската телеграфна агенция- направление "Информационно обслужване"	16.12.2003	31.12.2010

IARSCRÍBHINN VI

Liosta dá dtagraítear in Airteagal 19 den Ionstraim Aontachais:

bearta idirchréimhseacha, an Bhulgáir

1. SAORGHLUAISEACHT DAOINE

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

31968 R 1612: Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Chomhphobal (IO L 257, 19.10.1968, lch. 2), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32004 L 0038: Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.4.2004 (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77);

31996 L 0071: Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1);

32004 L 0038: Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránagh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, ag leasú Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus ag aisghairm Threoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

1. I dtaca le saorghiúiseacht oibrithe agus saoirse seirbhísí a sholáthar lena mbaineann gluaiseacht shealadach oibrithe mar atá sainithe in Airteagal 1 de Threoir 96/71/CE idir an Bhulgáir, ar thaobh amháin, agus gach ceann de na Ballstáit láithreacha ar an taobh eile, ní bheidh feidhm go hiomlán ag Airteagal 39 agus ag an gcéad mhír d'Airteagal 49 de Chonradh CE ach amháin faoi réir na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos i míreanna 2 go 14.
2. De mhaolú ar Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus go dtí deireadh na tréimhse dhá bliain tar éis dháta an aontachais, cuirfidh na Ballstáit láithreacha i bhfeidhm bearta náisiúnta, nó bearta a thig ó shocruithe déthaobhacha, a rialáonn rochtain ar a margáí saothair ag náisiúnaigh na Bulgáire. Féadfaidh na Ballstáit láithreacha leanúint de bhearta den sórt sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse cúig bliana tar éis dháta an aontachais.

Náisiúnaigh na Bulgáire atá ag obair go dleathach ar dháta an aontachais i mBallstát láithreach arna ligean isteach ar mhargadh saothair de chuid an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse 12 mí nó níos faide gan briseadh, tairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ach ní thairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair de chuid Ballstáit eile a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm.

Náisiúnaigh na Bulgáire arna ligean isteach ar mhargadh saothair de chuid Ballstáit láithrigh tar éis an aontachais ar feadh tréimhse 12 mí nó níos faide gan briseadh, tairbheoidh siad freisin de na cearta céanna.

Scoirfidh náisiúnaigh na Bulgáire atá luaite sa dara fomhír agus sa tríú fomhír thusas de thairbhiú de na cearta atá cuimsithe sna fomhíreanna sin má fhágann siad go deonach margadh saothair an Bhallstáit láithrigh i dtrácht.

Náisiúnaigh na Bulgáire atá ag obair go dleathach i mBallstát láithreach ar dháta an aontachais nó i rith tréimhse ina gcuirtear bearta náisiúnta i bhfeidhm, arna ligean isteach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse is lú ná 12 mí, ní thairbheoidh siad de na cearta sin.

3. Roimh dheireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, déanfaidh an Chomhairle oibriú na bhforálacha idirtréimhseacha atá leagtha síos i mír 2 a athbhreithniú ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún.

Tráth chríochnú an athbhreithnithe sin, agus tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, tabharfaidh na Ballstáit láithreacha fógra don Choimisiún á rá cé acu an leanfaidh siad de bhearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a chur i bhfeidhm nó an gcuirfidh siad Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 i bhfeidhm feasta. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68.

4. Arna iaraidh sin don Bhulgáir, féadfar athbhreithniú amháin eile a dhéanamh. Beidh feidhm ag an nós imeachta dá dtagraítear i mír 3 agus críochnófar é laistigh de shé mhí ón iaraidh a fháil ón mBulgáir.

5. Ballstát a dhéanann bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a choimeád ar bun ag deireadh na tréimhse cúig bliana atá sonraithe i mír 2, féadfaidh sé, i gcás ina dtarlóidh suaitheadh tromchúiseach ar a mhargadh saothair nó ina mbeidh bagairt dá leithéid agus tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, leanúint de na bearta sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68.

6. I rith na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais, na Ballstáit ina bhfuil feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 i leith náisiúnaigh na Bulgáire, de bhua mhír 3, mhír 4 nó mhír 5, agus atá ag eisiúint ceadanna oibre do náisiúnaigh na Bulgáire chun críocha faireacháin i rith na tréimhse sin, déanfaidh siad amhlaidh go huathoibríoch.

7. Na Ballstáit ina bhfuil feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 i leith náisiúnaigh na Bulgáire, de bhua mhír 3, mhír 4 nó mhír 5, féadfaidh siad dul ar iontaoibh na nósanna imeachta atá leagtha amach sna fomhíreanna thíos go dtí deireadh na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais.

Nuair a tharlaíonn suaitheadh ar mhargadh saothair ceann de na Ballstáit dá dtagraítear sa chéad fhomhír a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh don chaighdeán maireachtála nó don leibhéal fostaíochta i réigiún nó i ngairm áirithe, nó nuair a dhéanann Ballstát suaitheadh den sórt sin a thuar, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi agus déanfaidh sé na sonraí uile ábhartha a sholáthar dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh an Ballstát sin a iaraidh ar an gCoimisiún a dhearbhú go ndéanfar Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a fhionraí go hiomlán nó go páirteach, d'fhonn an staid sa réigiún nó sa ghairm sin a athbhunú ina gnáthriocht. Tráth nach déanaí ná dhá sheachtain tar éis iaraidh den sórt sin a fháil, glacfaidh an Coimisiún cinneadh ar an bhfionraí agus ar a tréimhse agus a raon feidhme agus cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoin gcinneadh sin. Féadfaidh aon Bhallstát, laistigh de dhá sheachtain ó dháta an chinnidh ón gCoimisiún, a iaraidh ar an gComhairle an cinneadh a neamhniú nó a leasú. Gníomhóidh an Chomhairle ar iaraidh den sórt sin trí thromlach cáilithe laistigh de dhá sheachtain.

I gcásanna práinneacha agus eisceachtúla, féadfaidh Ballstát dá dtagraítear sa chéad fhomhír cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a fhionraí agus fógra réasúnaithe ex-post a thabhairt don Choimisiún ina dhiaidh sin.

8. Fad atá cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ar fionraí de bhua mhíreanna 2 go 5 agus 7 thuas, beidh feidhm ag Airteagal 23 de Threoir 2004/38/CE sa Bhulgáir i leith náisiúnaigh na mBallstát láithreach, agus sna Ballstáit láithreacha i leith náisiúnaigh na Bulgáire, faoi na coinníollacha seo a leanas, a mhéad a bhaineann leis an gceart atá ag baill de theaghlaigh oibrithe gabháil le fostáiocht:

- céile an oibrí agus a sliochtaigh atá faoi bhun 21 bliain d'aois nó atá ina gcleithiúnaithe agus a bhfuil cónaí go dleathach orthu in éineacht leis an oibrí ar chríoch Ballstáit ar dháta an aontachais, beidh acu, tráth an aontachais, rochtain láithreach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin. Níl feidhm aige seo maidir le baill de theaghlaich oibrí arna ligean isteach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse is lú ná 12 mí;
- céile an oibrí agus a sliochtaigh atá faoi bhun 21 bliain d'aois nó atá ina gcleithiúnaithe agus a bhfuil cónaí go dleathach orthu in éineacht leis an oibrí ar chríoch Ballstáit ó dháta is déanaí ná dáta an aontachais ach i rith na tréimhse ina gcuirtear i bhfeidhm na forálacha idirtréimhseacha atá leagtha síos thuas, beidh rochtain acu ar mhargadh saothair an Bhallstáit i dtrácht a thúisce a bheidh cónaí orthu sa Bhallstát i dtrácht ar feadh ocht mí dhéag ar a laghad nó ón tríú bliain tar éis dháta an aontachais, cibé acu is túisce.

Beidh na forálacha seo gan dochar do bhearta níos fabhraí, bíodh siad ina mbearta náisiúnta nó ina mbearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha.

9. Sa mhéid nach bhféadfar na forálacha sin de Threoir 2004/38/CE a athghabhann forálacha de Threoir 68/360/CEE¹ a dhealú ó na forálacha sin de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a gcuirtear siar a geur i bhfeidhm de bhun mhíreanna 2 go 5 agus 7 agus 8, féadfaidh an Bhulgáir agus na Ballstáit láithreacha maolú ar na forálacha sin a mhéad is gá chun míreanna 2 go 5 agus 7 agus 8 a chur i bhfeidhm.

10. Aon uair a chuireann na Ballstáit láithreacha bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha i bhfeidhm de bhua na mbeart idirthréimhseach atá leagtha síos thuas, féadfaidh an Bhulgáir bearta coibhéiseacha a choimeád i bhfeidhm i leith náisiúnaigh an Bhallstáit nó na mBallstát i dtrácht.

¹ Treoir 68/360/CEE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le srianta a dhíothú ar ghluaiseacht agus cónai sa Chomhphobal d'oibrithe ó na Ballstáit agus dá dteaghlaigh (IO L 257, 19.10.1968, lch. 13). Treoir mar atá arna leasú go deireanach le hIonstraim Aontachais 2003 (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33) agus arna haisghairm le héifeacht ón 30 Aibreán 2006 le Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

11. Má fhionraíonn aon cheann de na Ballstáit láithreacha cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68, féadfaidh an Bhulgáir dul ar iontaoibh na nósanna imeachta atá leagtha síos i mír 7 i leith na Rómáine. I rith aon tréimhse den sórt sin, ceadanna oibre arna n-eisiúint ag an mBulgáir do náisiúnaigh na Rómáine chun críocha faireacháin, eiseofar go huathoibríoch iad.

12. Féadfaidh aon Bhallstát láithreach, agus bearta náisiúnta á gcur i bhfeidhm aige i gcomhréir le míreanna 2 go 5 agus 7 go 9, saorghluaiseacht is mó ná mar a bheidh ann ar dháta an aontachais, lena n-áirítear rochtain iomlán ar mhargadh an tsaothair, a thabhairt isteach faoin dlí náisiúnta. Ón tríú bliain tar éis dháta an aontachais, féadfaidh aon Bhallstát láithreach a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm a chinneadh tráth ar bith Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a chur i bhfeidhm ina n-ionad. Cuirfear an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinneadh den sórt sin.

13. Chun díriú ar shuaitheadh tromchúiseach, nó chun díriú ar bhagairt den sórt sin, in earnálacha sonracha íogaire seirbhíse ar a margáí saothair a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réigiún áirithe de dhroim soláthair thrasnáisiúnta seirbhísí, mar atá sainithe in Airteagal 1 de Threoir 96/71/CE, agus fad a dhéanfaidh siad bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a chur i bhfeidhm, de bhua na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha amach thusas, maidir le saorghluaiseacht oibrithe na Bulgáire, féadfaidh an Ghearmáin agus an Ostair maolú ar an gcéad mhír d'Airteagal 39 de Chonradh CE, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, d'fhoínn teorainn a chur, i gcomhthéacs seirbhísí a sholáthar ag cuideachtaí arna mbunú sa Bhulgáir, le gluaiseacht shealadach oibrithe a bhfuil a gceart gabháil le hobair sa Ghearmáin agus san Ostair faoi réir beart náisiúnta.

Is mar a leanas atá liosta na n-earnálacha seirbhíse a d'fhéadfaí a fholú leis an maolú seo:

- sa Ghearmáin:

Earnáil	Cód NACE *, mura sonraítear a mhalaírt
Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara	45.1 go 4; Gníomhaíochtaí atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE
Glantachán tionsclaíoch	74.70 Glantachán tionsclaíoch
Seirbhísí eile	74.87 Gníomhaíochtaí maisitheoirí istigh amháin

— san Ostair:

Earnáil	Cód NACE [*] , mura sonraítear a mhalaírt
Gníomhaíochtaí seirbhíse gairneoireachta	01.41
Cloch a ghearradh, a dheilbhiú agus a chríochnú	26.7
Struchtúir mhiotail agus codanna díobh a mhonarú	28.11
Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara	45.1 go 4; Gníomhaíochtaí atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE
Gníomhaíochtaí slándála	74.60
Glantachán tionsclaíoch	74.70
Altranás tí	85.14
Obair shóisialta agus gníomhaíochtaí gan chóiríocht	85.32

* NACE: feic 31990 R 3037: Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1990 maidir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (IO L 293, 24.10.1990, lch. 1). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le 32003 R 1882: Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.9.2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

A mhéad a mhaolaíonn an Ghearmáin nó an Ostair ar an gcéad mhír d'Airteagal 49 de Chonradh CE i gcomhréir leis na fomhíreanna roimhe seo, féadfaidh an Bhulgáir, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, bearta coibhéiseacha a ghlacadh.

Ní leanfaidh ón mír seo a chur i bhfeidhm gur sriantaí na coinníollacha do għluuiseacht shealadach oibrithe i għomhthéacs soláthair thrasnáisiúnta seirbhísí idir an Ghearmáin nó an Ostair agus an Bhulgáir ná na coinníollacha atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

14. Ní leanfaidh ó mhíreanna 2 go 5 agus 7 go 12 a chur i bhfeidhm gur sriantaí na coinníollacha rochtana do náisiúnaigh na Bulgáire ar mhargaí saothair na mBallstát láithreach ná na coinníollacha atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

D'ainneoin chur i bhfeidhm na bhforálacha atá leagtha síos i míreanna 1 go 13, i rith aon tréimhse ina gcuirfear i bhfeidhm bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha, tabharfaidh na Ballstáit láithreacha fabhar d'oibrithe is náisiúnaigh de chuid na mBallstát seachas oibrithe is náisiúnaigh de chuid tríu tíortha i dtaca le rochtain ar a margadh saothair.

Oibrithe imirceacha Bulgáracha agus a dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair go dleathach i mBallstát eile nó oibrithe imirceacha ó Bhallstáit eile agus a dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair go dleathach sa Bhulgáir, ní chuirfear cóir níos sriantaí orthu ná mar a chuirtear ar oibrithe imirceacha agus a dteaghlaigh ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair sa Bhallstát sin nó sa Bhulgáir faoi seach. Ina theannta sin, agus prionsabal an fhabbhair Chomhphobail á chur i bhfeidhm, ní chuirfear cóir níos fabhraí ar oibrithe imirceacha ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair sa Bhulgáir ná mar a chuirtear ar náisiúnaigh na Bulgáire.

2. SAOIRSE CHUN SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR

31997 L 0009: Treoir 97/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Márta 1997 maidir le scéimeanna cúitimh d'infheisteoirí (IO L 84, 26.3.1997, lch. 22).

De mhaolú ar Airteagal 4(1) de Threoir 97/9/CE, ní bheidh feidhm ag an íosleibhéal cúitimh sa Bhulgáir go dtí an 31 Nollaig 2009. Áiritheoidh an Bhulgáir go ndéanfaidh a scéim chúitimh d'infheisteoirí foráil maidir le cumhdach nach lú ná EUR 12 000 ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2007 agus do chumhdach nach lú ná EUR 15 000 ón 1 Eanáir 2008 go dtí an 31 Nollaig 2009.

I rith na hidirthréimhse, coinneoidh na Ballstáit eile an ceart acu fén cosc a chur le brainse de ghnólacht Bhulgárach infheistíochta atá bunaithe ar a gcríocha oibriú mura mbeidh, agus go dtí go mbeidh, an brainse sin tar éis dul isteach i scéim chúitimh d'infheisteoirí laistigh de chríocha an Bhallstáit i dtrácht atá aitheanta go hoifigiúil d'fhoinn an difear idir an leibhéal Bulgárach cúitimh agus an t-íosleibhéal dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Threoir 97/9/CE a chumhdach.

3. SAORGHLUAISEACHT CHAIPITIL

An Conradh ar an Aontas Eorpach

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

1. Na srianta atá leagtha síos ina reachtaíocht atá ann tráth sínithe an Chonartha Aontachais i dtaca le sealúchas talún le haghaidh áiteanna tánaisteacha cónaithe a fháil a mhéad a bhaineann le náisiúnaigh de chuid na mBallstát nó de chuid na Stát is páirtithe sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (CLEE) nach bhfuil cónaí orthu sa Bhulgáir agus le daoine dlítheanacha arna bhfoirmiú i gcomhréir le dlíthe Ballstáit eile nó Stát CLEE, féadfaidh an Bhulgáir iad a choimeád ar bun, d'ainneoin na n-oibleagáidí faoi na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, ar feadh cúig bliana ó dháta an aontachais.

Náisiúnaigh de chuid na mBallstát agus náisiúnaigh de chuid na Stát is páirtithe sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bhfuil cónaí orthu go dleathach sa Bhulgáir, ní bheidh siad faoi réir florálacha na fomhíre sin roimhe seo ná aon rialacha agus nósanna imeachta eile seachas rialacha agus nósanna imeachta a bhfuil náisiúnaigh na Bulgáire faoina réir.

2. Na srianta atá leagtha síos ina reachtaíocht atá ann tráth sínithe an Chonartha Aontachais i dtaca le talamh talmhaíochta, foraoiseacha agus talamh foraoiseachta a fháil a mhéad a bhaineann le náisiúnaigh de chuid Ballstáit eile nó de chuid na Stát is páirtithe sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus le daoine dlítheanacha arna bhfoirmiú i gcomhréir le dlithe Ballstáit eile nó Stát CLEE, féadfaidh an Bhulgáir iad a choimeád ar bun, d'ainneoin na n-oibleagáidí faoi na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, ar feadh seacht mbliana ó dháta an aontachais. Ní fhéadfar i gcás ar bith cóir is lú fabhar a chur ar náisiúnach de chuid Ballstáit i leith talamh talmhaíochta, foraoiseacha agus talamh foraoiseachta a fháil ná mar a chuirtear air ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais ná cóir níos sriantaí a chur air ná ar náisiúnach tríú thír.

Feirmeoirí féinfhostaithe is náisiúnaigh de chuid Ballstáit eile ar mian leo iad féin a bhunú agus cónaí a bheith orthu go dleathach sa Bhulgáir, ní bheidh siad faoi réir fhorálacha na fomhíre sin roimhe seo ná aon nósanna imeachta seachas nósanna imeachta a bhfuil náisiúnaigh na Bulgáire faoina réir.

Déanfar athbhreithniú ginearálta ar na bearta idirthréimhseacha sin sa tríú bliain tar éis dháta an aontachais. Chuige sin, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil don Chomhairle. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh an idirthréimhse atá sonraithe sa chéad fhomhír a ghiorrú nó deireadh a chur léi.

4. TALMHAÍOCHT

A. REACHTAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

31997 R 2597 Rialachán (CE) Uimh. 2597/97 ón gComhairle an 18 Nollaig 1997 ag leagan síos rialacha breise maidir le comheagraíocht an mhargaidh i mbainne agus táirgí bainne lena n-ól (IO L 351, 23.12.1997, lch. 13), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 31999 R 1602: Rialachán (CE) Uimh. 1602/1999 ón gComhairle an 19.7.1999 (IO L 189, 22.7.1999, lch. 43).

De mhaolú ar Airteagal 3(1)(b) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 2597/97, ní bheidh feidhm go dtí an 30 Aibreán 2009 ag na ceanglais a bhaineann le cion saille maidir le bainne le hól arna tháirgeadh sa Bhulgáir sa mhéid go bhféadfar bainne a bhfuil cion saille 3% (m/m) aige a mhargú mar fhíorbhainne agus bainne a bhfuil cion saille 2% (m/m) aige a mhargú mar bhainne leathbhearrtha. Ní fhéadfar bainne le hól nach gcomhlíonann na ceanglais a bhaineann le cion saille a mhargú ach amháin sa Bhulgáir nó féadfar é a onnmhairiú go tríú tíortha.

B. REACHTAÍOCHT TRÉIDLIACTHA AGUS FÍTEASLÁINTÍOCHTA

32004 R 0853: Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, Ich. 55).

- (a) Go dtí an 31 Nollaig 2009, féadfaidh na bunaíochtaí próiseála bainne atá liostaithe i gCaibidlí I agus II den Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo seachadtaí bainne amh a fháil nach gcomhlíonann na ceanglais in Iarscríbhinn III, Roinn IX, Caibidil I, fochaibidlí II agus III de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 nó nár láimhsíodh i gcomhréir leis na ceanglais sin, ar chuntar go mbeidh na feirmeacha óna seachadfar an bainne luate ar liosta arna choimeád ar bun ag na húdaráis Bhulgáracha chun na críche sin.
- (b) Fad a thairbheoidh na bunaíochtaí dá dtagraítear i mír (a) thusas d'fhorálacha na míre sin, ní chuirfear táirgí de thionscnamh na mbunaíochtaí sin ach ar an margadh intíre amháin nó ní úsáidfear iad ach amháin do phróiseáil bhereise i mbunaíochtaí sa Bhulgáir atá folaithe freisin le forálacha mhír (a), gan spleáchas don dáta margáiochta. Ní foláir marc sainaitheanta a bheith ar na táirgí sin a bheidh éagsúil leis an marc dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

- (c) Go dtí an 31 Nollaig 2009, féadfaidh na bunaíochtaí atá liostaithe i gCaibidil II den Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo bainne comhlíontach AE agus bainne neamhchomhlíontach AE a phróiseáil ar línte leithleacha táirgeachta. Sa chomhthéacs seo, tuigtear bainne neamhchomhlíontach AE mar an mbainne dá dtagraítear i mír (a). Ní foláir do bhunaíochtaí den sórt sin ceanglais AE do bhunaíochtaí a chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear na prionsabail Anailíse Guaise agus Pointe Chriticiúil Rialaithe (AGPCR) (dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004¹) agus ní foláir dóibh a gcumas a léiriú na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh go hiomlán, lena n-áirítear a línte ábhartha táirgeachta a ainmniú:
- na bearta uile is gá a ghlacadh chun nósanna imeachta intí a chomhlíonadh go cuí do dheighilt bainne ag tosú ón mbailiú go dtí céim an táirge chríochnaithigh, lena n-áirítear conairí chun bainne a bhailiú, stóráil agus cóireáil leithleach do bhainne comhlíontach AE agus do bhainne neamhchomhlíontach AE, pacáistiú agus lipéadú sonrach tárgí atá bunaithe ar bhainne neamhchomhlíontach AE mar aon le stóráil leithleach tárgí den sórt sin,
 - nós imeachta a bhunú chun inaimsitheacht amhábhar a áirithiú, lena n-áirítear an fhianaise dhoiciméid is gá ar ghluaiseachtaí tárgí agus cuntasáiocht do thárgí agus réiteach amhábhar comhlíontach agus neamhchomhlíontach leis na haicmí tárgí arna dtáirgeadh,

¹ Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteoircheas earráí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

- an bainne amh go léir a chur faoi chóireáil teasa ag teocht 71,7°C ar a laghad ar feadh 15 soicind, agus
- gach beart is cuí a ghlacadh chun a áirithiú nach n-úsáidtear na marcanna sainaitheanta go calaoiseach.

I dtaca leis na húdaráis Bhulgáracha:

- áiritheoidh siad go ndéanfaidh oibreoir nó bainisteoir gach bunaíochta na bearta uile is gá chun gur féidir na nósanna imeachta intí a chomhlíonadh go cuí chun bainne a dheighilt;
- déanfaidh siad tástálacha agus rialuithe gan foláireamh maidir le comhlíonadh deighilte bainne; agus
- déanfaidh siad tástálacha i saotharlanna formheasta ar na tárgí amha agus críochnaithe go léir chun a fhíorú go gcomhlíonann siad na ceanglais d'Iarscríbhinn III, Roinn IX, Caibidil II, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, lena n-áirítéar na critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh tárgí atá bunaithe ar bhainne.

Ní fhéadfar an bainne agus/ná na tárgí atá bunaithe ar bhainne de thionscnamh línte leithleacha táirgeachta ina bpróiseáiltear bainne amh neamhchomhlíontach AE i mbunaíochtaí arna bhformheas ag AE a chur ar an margadh ach amháin faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos i mír (b). Tárgí atá bunaithe ar bhainne amh comhlíontach arna bpróiseáil ar líne leithleach táirgeachta i mbunaíocht arna liostáil i gCaibidil II den Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, féadfar iad a mhargú mar thárgí comhlíontacha fad a choimeádfar ar bun na coinníollacha uile a bhaineann le línte táirgeachta a dheighilt.

- (d) Ní dheonófar tacaíocht faoi Theideal I, Caibidlí II agus III, amach ó Airteagal 11 de, agus faoi Theideal II de Rialachán (CE) Uimh. 1255/1999 ón gComhairle¹ do bhainne agus do thárgí bainne arna dtáirgeadh faoi na forálacha dá dtagraítear i mír (c) ach amháin má tá orthu an marc sainitheanta ubhchruthach dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, Roinn I, de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.
- (e) Áiritheoidh an Bhulgáir go gcomhlíonfar de réir a chéile na ceanglais dá dtagraítear i mír (a) agus déanfaidh sí tuarascálacha bliantúla a thíolacadh don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn arna dhéanamh in uasghrádú na bhfeirmeacha déiríochta agus an chórais bhailithe bainne. Áiritheoidh an Bhulgáir go gcomhlíonfar na ceanglais sin go hiomlán faoin 31 Nollaig 2009.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1255/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagraíocht an mhargaídhe i mbainne agus tárgí bainne (IO L 160, 26.6.1999, lch. 48). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 186/2004 ón gCoimisiún (IO L 29, 3.2.2004, lch. 6).

- (f) I gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002¹, féadfaidh an Coimisiún an Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo a thabhairt suas chun dáta roimh an aontachas agus go dtí an 31 Nollaig 2009, agus sa chomhthéacs sin féadfaidh sé bunaíochtaí leithleacha a chur léi nó a scriosadh, i bhfianaise an dul chun cinn arna dhéanamh maidir le heasnaimh atá ann a cheartú agus i bhfianaise thoradh an phróisis faireacháin.

Féadfar rialacha mionsonraithe cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, chun oibriú rianúil an chórais idirthréimhsigh thusa a áirithiú.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaímint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 ag leagan síos phrionsabail agus cheanglais ghinearálta dhlí an bhia, ag bunú an Údarás Eorpaigh um Shábháilteacht Bia agus ag leagan síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1642/2003 (IO L 245, 29.9.2003, lch. 4).

5. BEARTAS IOMPAIR

1. 31993 R 3118: Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 1993 ag leagan síos na gcoinníollacha faoina bhféadfaidh carraeirí neamhchónaitheacha seirbhísí náisiúnta iompair tharlaithe de bhóthar a oibriú laistigh de Bhallstát (IO L 279, 12.11.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:
 - 32002 R 0484: Rialachán (CE) Uimh. 484/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 1.3.2002 (IO L 76, 19.3.2002, lch. 1).
 - (a) De mhaolú ar Airteagal 1 de Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 agus go dtí deireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais, eisiafar carraeirí arna mbunú sa Bhulgáir ó sheirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a oibriú sna Ballstáit eile agus eisiafar carraeirí arna mbunú sna Ballstáit eile ó sheirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a oibriú sa Bhulgáir.

- (b) Roimh dheireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais, tabharfaidh Ballstát fógra don Choimisiún á rá cé acu an bhfadóidh siad an tréimhse sin ar feadh dhá bliain ar a mhéid nó an gcuirfidh siad Airteagal 1 den Rialachán i bhfeidhm go hiomlán feasta. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán. Carraeirí arna mbunú sna Ballstáit sin ina bhfuil feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán, is iad amháin a fhéadfaidh seirbhísí tarlaithe náisiúnta de bhóthar a oibriú sna Ballstáit eile sin ina bhfuil feidhm freisin ag Airteagal 1 den Rialachán.
- (c) Na Ballstáit ina bhfuil feidhm, de bhua mhír (b) thusas, ag Airteagal 1 den Rialachán, féadfaidh siad dul ar iontaoibh an nós imeachta atá leagtha amach thíos go dtí deireadh an chúigiú bliain tar éis dháta an aontachais.

Nuair a tharlaíonn suaitheadh tromchúiseach ar mhargadh náisiúnta de chuid Ballstáit dá dtagraítear san fhomhír sin roimhe seo nó ar chodanna de de bharr cabatáiste nó arna ghéarú aige, ar nós farasbairr thromchúisigh soláthair thar éileamh nó baol do chobhsaíocht airgeadais nó do mharthanás líon suntasach gnóthas tarlaithe de bhóthar, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi agus déanfaidh sé na sonraí uile ábhartha a sholáthar dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh an Ballstát a iarraidh ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm Airteagal 1 den Rialachán a fhionraí go hiomlán nó go páirteach, d'fheann an staid a athbhunú ina gnáthriocht.

Scrúdóidh an Coimisiún an staid ar bhonn na sonraí arna soláthar ag an mBallstát i dtrácht agus cinnfidh sé laistigh de mhí ón iarraigdh a fháil an gá bearta coimirce a ghlacadh. Beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha síos sa dara fomhír, sa tríú fomhír agus sa cheathrú fomhír de mhír 3 agus i míreanna 4, 5 agus 6 d'Airteagal 7 den Rialachán.

I gcásanna práinneacha agus eisceachtúla, féadfaidh Ballstát dá dtagraítear sa chéad fhomhír thusas cur i bhfeidhm Airteagal 1 den Rialachán a fhionraí agus fógra réasúnaithe ex-post a thabhairt don Choimisiún ina dhiaidh sin.

- (d) Fad nach gcuirfear Airteagal 1 den Rialachán i bhfeidhm de bhua mhíreanna (a) agus (b) thusas, féadfaidh Ballstáit rochtain ar a seirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a rialú trí údaruithe cabatáiste a mhalartú go comhleanúnach ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha. Féadfaidh caoi an léirscaoilte ionmláin a bheith san áireamh.
- (e) Ní fhéadfaidh rochtain níos sriantaí ar sheirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar ná mar atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais leanúint ó éifeacht míreanna (a) go (c) a chur i bhfeidhm.

2. 31996 L 0026: Treoir 96/26/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le ligean isteach do ghairm an oibreora tharlaithe de bhóthar agus an oibreora iompair phaisinéirí de bhóthar agus le dioplómaí, teastais agus cruthúnaíseal eile ar cháilíochtaí foirmiúla a aithint go frithpháirteach chun feidhmiú na saoirse bunaíochta in oibríochtaí iompair náisiúnta agus idirnáisiúnta a éascú do na hoibreoirí sin (IO L 124, 23.5.1996, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32004 L 0066: Treoir 2004/66/CE ón gComhairle an 26.4.2004 (IO L 168, 1.5.2004, lch. 35).

Ní bheidh feidhm sa Bhulgáir go dtí an 31 Nollaig 2010 ag Airteagal 3(3)(c) de Threoir 96/26/CE maidir le gnóthais iompair a ghabhann go heisiach d'oibríochtaí iompair intíre tarlaithe agus paisinéirí de bhóthar.

Sroichfidh an caipiteal atá ar fáil agus na cúlchistí de chuid na ngnóthas sin de réir a chéile na rátaí iosta atá leagtha síos san Airteagal sin i gcomhréir leis an amchlár seo a leanas:

- faoin 1 Eanáir 2007, ní foláir don ghnóthas caipiteal atá ar fáil agus cúlchistí EUR 5 850 ar a laghad a bheith aige in aghaidh na chéad fheithicle agus EUR 3 250 ar a laghad in aghaidh gach feithicle breise;
- faoin 1 Eanáir 2008, ní foláir don ghnóthas caipiteal atá ar fáil agus cúlchistí EUR 6 750 ar a laghad a bheith aige in aghaidh na chéad fheithicle agus EUR 3 750 ar a laghad in aghaidh gach feithicle breise;

- faoin 1 Eanáir 2009, ní foláir don ghnóthas caipiteal atá ar fáil agus cúnchistí EUR 7 650 ar a laghad a bheith aige in aghaidh na chéad fheithicle agus EUR 4 250 ar a laghad in aghaidh gach feithicle breise;
 - faoin 1 Eanáir 2010, ní foláir don ghnóthas caipiteal atá ar fáil agus cúnchistí EUR 8 550 ar a laghad a bheith aige in aghaidh na chéad fheithicle agus EUR 4 750 ar a laghad in aghaidh gach feithicle breise.
3. 31996 L 0053: Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 ag leagan síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59), mar atá arna leasú go deireanach le:
- 32002 L 0007: Treoir 2002/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18.2.2002 (IO L 67, 9.3.2002, lch. 47).

De mhaolú ar Airteagal 3(1) de Threoir 96/53/CE, ní fhéadfaidh feithiclí a chomhlíonann na luachanna teorantacha d'aicmí 3.2.1, 3.4.1, 3.4.2 agus 3.5.1 atá sonraithe in Iarscríbhínn I a ghabhann leis an Treoir sin na codanna neamh-uasghrádaithe de ghréasán bóithre na Bulgáire a úsáid go dtí an 31 Nollaig 2013 ach amháin má chomhlíonann siad teorainneacha Bulgáracha ar ualach acastóirí.

Amhail ó dháta an aontachais, ní fhéadfar aon srianta a fhorchur ar fheithiclí a chomhlíonann ceanglais Threoir 96/53/CE na príomhbhealaí idirthurais a úsáid atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1692/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 1996 maidir le treoirlínte Comhphobail le haghaidh an gréasán traseorpach iompair a fhorbairt¹.

Cloífidh an Bhulgáir leis an amchlár atá leagtha amach sna táblaí thíos le haghaidh a gréasán príomhbhóithre a uasghrádú. Áiritheoidh aon infheistíochtaí sa bhonneagar lena ngabhall úsáid cistí ó bhuiséad an Chomhphobail go ndéanfar na hartairí a thógáil nó a uasghrádú go dtí cumas ualachiompartha de 11,5 tona in aghaidh an acastóra.

De réir mar a chríochnófar an t-uasghrádú, déanfar gréasán bóithre na Bulgáire, lena n-áirítear an gréasán mar atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1692/96/CE, a oscailt go comhleanúnach d'fheithiclí sa trácht idirnáisiúnta a chomhlíonann luachanna teorantacha na Treorach. Chun críocha luchtú agus díluchtú, nuair is féidir sin go teicniúil, ceadófar codanna neamh-uasghrádaithe den ghréasán bóithre tánaisteacha a úsáid i rith na hidirthréimhse ar fad.

Amhail ó dháta an aontachais, ní bheidh na feithiclí uile sa trácht idirnáisiúnta atá feistithe le córas aerchrochta agus a chomhlíonann luachanna teorantacha Threoir 96/53/CE faoi réir aon mhuirear sealadach breise ar ghréasán iomlán iompair bhóithre na Bulgáire.

Déanfar muirir shealadacha breise a thobhach ar dhóigh neamh-idirdhealaitheach ar úsáid na gcodanna neamh-uasghrádaithe den ghréasán ag feithiclí sa trácht idirnáisiúnta nach bhfuil feistithe le córas aerchrochta agus a chomhlíonann luachanna teorantacha na Treorach. Beidh an córas gearrtha muirear tréadhearach agus ní chuirfidh íocaíocht na muirear sin ualach míchuí riarracháin nó moill mhíchuí ar an úsáidire ná ní leanfaidh ó íocaíocht na muirear sin seiceáil chórasach ar theorainneacha ualach acastóra ag an teorainn. Áiritheofar forghníomhú theorainneacha ualach acastóra ar dhóigh neamh-idirdhealaitheach ar fud na críche agus beidh sé éifeachtúil freisin i ndáil le feithiclí arna gclárú sa Bhulgáir.

¹ IO L 228, 9.9.1996, Ich. 1. Cinneadh mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 884/2004/CE (IO L 167, 30.4.2004, Ich. 1).

Clár uasghrádaithe bóithre (km)

Tábla 1

N	BÓTHAR	CUID	FAID /KM	AR OSCAILT DO THRÁCHT	BEART
1	2	3	4	5	6
1	I-5/E-85/	GABROVO - SHIPKA	18	2014	TÓGÁIL NUA
2	I-5/E-85/	KARDJALI - PODKOVA (MAKAZA)	18	2008	TÓGÁIL NUA
		FO-IOMLÁN	36		
3	I-6	SÓIFIA - PIRDOP	56	2009	ATHSHLÁNÚ
4	I-7	SILISTRA - SHUMEN	88	2011	ATHSHLÁNÚ
5	I-7	PRESLAV - E-773	48	2010	ATÓGÁIL
		FO-IOMLÁN	136		
6	I-9 /E-87/	TEORAINN NA RÓMÁINE - BALCHIK	60	2009	ATHSHLÁNÚ
7	II-12	VIDIN - TEORAINN NA SEIRBIA AGUS MHONTAINÉAGRO	26	2008	ATÓGÁIL
8	II-14	VIDIN - KULA - TEORAINN NA SEIRBIA AGUS MHONTAINÉAGRO	42	2009	ATÓGÁIL
9	II-18	CUARBHÓTHAR SHÓIFIA - STUA THUAIDH	24	2014	TÓGÁIL NUA
10	II-19	SIMITLI - GOTSE DELCHEV - TEORAINN NA GRÉIGE	91	2008	ATHSHLÁNÚ
11	II-29	DOBRICH - VARNA	21	2010	ATHSHLÁNÚ
12	II-35	LOVECH - KARNARE	28	2011	ATÓGÁIL
13	II-53	SLIVEN - YAMBOL	25	2010	ATHSHLÁNÚ

14	II-55	GURKOVO - NOVA ZAGORA	26	2010	ATHSHLÁNÚ
15	II-55	NOVA ZAGORA - SVILENGRAD	81	2012	ATHSHLÁNÚ
		FO-IOMLÁN	107		
16	II-57	STARA ZAGORA - RADNEVO	42	2010	ATHSHLÁNÚ
17	II-62	KYUSTENDIL - DUPNITSA	26	2011	ATÓGÁIL
18	II-63	PERNIK - TEORAINN NA SEIRBIA AGUS MHONTAINÉAGRO	20	2010	ATÓGÁIL
19	II-73	SHUMEN - KARNOBAT	44	2012	ATÓGÁIL
20	II-73	SHUMEN - KARNOBAT	19	2011	ATÓGÁIL
		FO-IOMLÁN	63		
21	II-78	RADNEVO - TOPOLOVGRAD	40	2013	ATHSHLÁNÚ
22	II-86	ASENOVGRAD - SMOLYAN	72	2014	ATÓGÁIL
23	II-98	BURGAS - MALKO TARNOVO	64	2014	ATÓGÁIL
24	III-197	GOTSE DELCHEV - SMOLYAN	87	2013	ATÓGÁIL
25	III-198	GOTSE DELCHEV- TEORAINN IAR-PHOBLAHT IÚGSLAVACH NA MACADÓINE	95	2013	ATÓGÁIL
26	III-534	ELENA - NOVA ZAGORA	52	2012	ATÓGÁIL
27	III-534	NOVA ZAGORA - SIMEONOVGRAD	53	2014	ATÓGÁIL
		FO-IOMLÁN	105		

28	III-601	KYUSTENDIL - TEORAINN IAR-PHOBLACHT IÚGSLAVACH NA MACADÓINE	27	2011	TÓGÁIL NUA
29	III-622	KYUSTENDIL - TEORAINN IAR-PHOBLACHT IÚGSLAVACH NA MACADÓINE	31	2013	TÓGÁIL NUA
30	III-865	SMOLYAN - MADAN	15	2011	ATÓGÁIL
31	III-867	SMOLYAN - KARDJALI	69	2014	ATÓGÁIL
32	III-868	SEACHBHÓTHAR SMOLYAN	40	2012	TÓGÁIL NUA
33	IV-410068	SIMITLI - TEORAINN IAR-PHOBLACHT IÚGSLAVACH NA MACADÓINE	28	2009	TÓGÁIL NUA
34		SEACHBHÓTHAR PLOVDIV	4	2014	TÓGÁIL NUA
	A ¹	MÓTARBHEALACH "TRAKIA" - STARA ZAGORA - KARNOBAT			
35		MÍR 2	33	2010	TÓGÁIL NUA
36		MÍR 3	37	2011	TÓGÁIL NUA
37		MÍR 4	48	2014	TÓGÁIL NUA
		FO-IOMLÁN	118		
		IOMLÁN	1598		

Tábla 2

	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	
BEART								
ATHSHLÁNÚ	91	116	114	88	81	40	0	
ATÓGÁIL	26	42	68	88	96	182	258	
TÓGÁIL NUA	18	28	33	64	40	31	94	
	135	186	215	240	217	253	352	1598 km

6. CÁNACHAS

1. 31977 L 0388: Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais - Comhchóras cánach breislacha: aonbhonn measúnachta (IO L 145, 13.6.1977, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:
- 32004 L 0066: Treoir 2004/66/CE ón gComhairle an 26.4.2004 (IO L 168, 1.5.2004, lch. 35).

D'fhonn Airteagal 28(3)(b) de Threoir 77/388/CEE a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Bhulgáir díolúine ó cháin bhreisluacha a choimeád ar bun maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí dá dtagraítar i bpointe 17 d'Iarscríbhinn F a ghabhann leis an Treoir go dtí go gcomhallfar an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 28(4) den Treoir nó fad a chuireann aon cheann de na Ballstáit láithreacha an díolúine chéanna i bhfeidhm, cibé acu is túisce.

2. 31992 L 0079: Treoir 92/79/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le cánacha ar thoitíní a chomhfogasú (IO L 316, 31.10.1992, lch. 8), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32003 L 0117: Treoir 2003/117/CE ón gComhairle an 5.12.2003 (IO L 333, 20.12.2003, lch. 49).

De mhaolú ar Airteagal 2(1) de Threoir 92/79/CEE, féadfaidh an Bhulgáir cur i bhfeidhm na dleachta máil foriomláine íosta ar an bpraghás miondíola (lena n-áirítear gach cáin) do thoitíní san aicme phraghais is mó éileamh a chur siar go dtí an 31 Nollaig 2009, ar chuntar go ndéanfaidh an Bhulgáir a rátaí dleachta máil a choigeartú de réir a chéile i rith na tréimhse sin ionsar an dleacht mháil fhioriomlán íosta dá bhforáiltear sa Treoir.

Gan dochar d'Airteagal 8 de Threoir 92/12/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 maidir leis na socrutithe ginearálta do tháirgí atá faoi réir dleachta máil agus maidir le táirgí den sórt sin a shealbhú agus a bhogadh agus faireachán a dhéanamh orthu¹, agus tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas, féadfaidh Ballstáit, fad atá feidhm ag an díolúine thuas, na teorainneacha cainníochtúla céanna a choimeád ar bun do thoitíní a fhéadtar a bhreith isteach ina gcríocha ón mBulgáir gan breis dleachta máil a íoc is a chuirtear i bhfeidhm ar allmhairí ó thríú tíortha. Féadfaidh Ballstáit a bhaineann leas as an gcaoi seo na seiceálacha is gó a dhéanamh ar chuntar nach ndéanfaidh na seiceálacha sin difear d'oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

3. 32003 L 0049: Treoir 2003/49/CE ón gComhairle an 3 Meitheamh 2003 maidir leis an gcóras coiteann cánachais is infheidhme ar íocaíochtaí úis agus ríchíosa arna ndéanamh idir cuideachtaí comhlachaithe Ballstát éagsúil (IO L 157, 26.6.2003, lch. 49), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32004 L 0076: Treoir 2004/76/CE ón gComhairle an 29.4.2004 (IO L 157, 30.4.2004, lch. 106).

¹ IO L 76, 23.3.1992, lch. 1. Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 807/2003 an 14.4.2003 (IO L 122, 16.5.2003, lch. 36).

Údarófar don Bhulgáir gan forálacha Airteagal 1 de Threoir 2003/49/CE a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2014. I rith na hidirthréimhse sin, an ráta cánach ar íocaíochtaí úis agus ríchiosa arna ndéanamh chuig cuideachta chomhlachaithe de chuid Ballstáit eile nó chuig buanbhunaíocht is de chuid cuideachta chomhlachaithe Ballstáit agus atá suite i mBallstát eile, ní rachaidh sé thar 10% go dtí an 31 Nollaig 2010 agus ní rachaidh sé thar 5% sna blianta ina dhiaidh sin go dtí an 31 Nollaig 2014.

4. 32003 L 0096: Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 ag athstruchtúrú an chreata Comphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32004 L 0075: Treoir 2004/75/CE ón gComhairle an 29.4.2004 (IO L 157, 30.4.2004, lch. 100).

- (a) De mhaolú ar Airteagal 7 de Threoir 2003/96/CE, féadfaidh an Bhulgáir na hidirthréimhsí seo a leanas a chur i bhfeidhm:
- go dtí an 1 Eanáir 2011 chun an leibhéal náisiúnta cánachais ar pheitreal gan luaidhe arna úsáid mar thiomántán a choigeartú go dtí íosleibhéal EUR 359 in aghaidh 1 000 l. Ní bheidh an ráta éifeachtúil cánach arna chur i bhfeidhm ar pheitreal gan luaidhe arna úsáid mar thiomántán níos lú ná EUR 323 in aghaidh 1 000 l amhail ón 1 Eanáir 2008,
 - go dtí an 1 Eanáir 2010 chun an leibhéal náisiúnta cánachais ar ola gháis agus ceirisín arna n-úsáid mar thiomántán a choigeartú go dtí íosleibhéal EUR 302 in aghaidh 1 000 l agus go dtí an 1 Eanáir 2013 chun íosleibhéal EUR 330 in aghaidh 1 000 l a shroicheadh. Ní bheidh an ráta éifeachtúil cánach arna chur i bhfeidhm ar ola gháis agus ceirisín arna n-úsáid mar thiomántán níos lú ná EUR 274 in aghaidh 1 000 l amhail ón 1 Eanáir 2008.
- (b) De mhaolú ar Airteagal 9 de Threoir 2003/96/CE, féadfaidh an Bhulgáir na hidirthréimhsí seo a leanas a chur i bhfeidhm:
- go dtí an 1 Eanáir 2010 chun an leibhéal náisiúnta cánachais ar ghual agus cóic arna n-úsáid chun críocha téimh cheantair a choigeartú go dtí na híosleibhéis chánachais atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, Tábla C,

- go dtí an 1 Eanáir 2009 chun an leibhéal náisiúnta cánachais ar ghual agus cóic arna n-úsáid chun críocha seachas téamh ceantair a choigeartú go dtí na híosleibhéil chánachais atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, Tábla C.

Ní bheidh na rátaí éifeachtúla cánach arna gcur i bhfeidhm ar na tárgí fuinnimh i dtrácht níos lú ná 50% den íosleibhéal Comhphobail ábhartha amhail ón 1 Eanáir 2007.

- (c) De mhaolú ar Airteagal 10 de Threoir 2003/96/CE, féadfaidh an Bhulgáir idirthréimhse go dtí an 1 Eanáir 2010 a chur i bhfeidhm chun na leibhéal náisiúnta cánachais ar leictreachas a choigeartú go dtí na híosleibhéil chánachais atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, Tábla C. Ní bheidh na rátaí éifeachtúla cánach arna gcur i bhfeidhm ar leictreachas níos lú ná 50% den íosleibhéal Comhphobail ábhartha amhail ón 1 Eanáir 2007.

7. BEARTAS SÓISIALTA AGUS FOSTAÍOCHT

32001 L 0037: Treoir 2001/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2001 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riarracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, tíolacadh agus díol táirgí tobac (IO L 194, 18.7.2001, lch. 26).

De mhaolú ar Airteagal 3 de Threoir 2001/37/CE, is é an 1 Eanáir 2011 dáta infheidhmeachta an uasmhéid tarra do thoitíní arna monarú agus arna margú laistigh de chríoch na Bulgáire. I rith na hidirthréimhse:

- ní dhéanfar toitíní arna monarú sa Bhulgáir ar mó a n-uasmhéid tarra ná 10 mg in aghaidh an toitín a mhargú i mBallstáit eile;
- ní dhéanfar toitíní arna monarú sa Bhulgáir ar mó a n-uasmhéid tarra ná 13 mg in aghaidh an toitín a onnmhairíú go tríú tíortha; déanfar an teorainn sin a laghdú go 12 mg ón 1 Eanáir 2008 agus go 11 mg ón 1 Eanáir 2010;
- déanfaidh an Bhulgáir faisnéis arna tabhairt suas chun dáta go tráthrialta a sholáthar don Choimisiún maidir leis an amchlár agus na bearta arna nglacadh chun a áirithíú go gcomhlíonfar an Treoir.

8. FUINNEAMH

31968 L 0414: Treoir 68/414/CEE ón gComhairle an 20 Nollaig 1968 ag forchur oibleagáide ar Bhallstáit CEE stoic íosta amhola agus/nó tárgí peitriliam a choinneáil (IO L 308, 23.12.1968, lch. 14), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 31998 L 0093: Treoir 98/93/CE ón gComhairle an 14.12.1998 (IO L 358, 31.12.1998, lch. 100).

De mhaolú ar Airteagal 1(1) de Threoir 68/414/CE, ní bheidh feidhm sa Bhulgáir ag an íosleibhéal stoc de thárgí peitriliam go dtí an 31 Nollaig 2012. Áiritheoidh an Bhulgáir go gcomhfhereagróidh a híosleibhéal stoc de thárgí peitriliam, i gcás gach ceann de na haicmí tárgí peitriliam atá liostaithe in Airteagal 2, ar a laghad do mheántomhailt inmheánach laethúil an mhéid laethanta seo a leanas, mar atá sainithe in Airteagal 1(1):

- 30 lá faoin 1 Eanáir 2007;
- 40 lá faoin 31 Nollaig 2007;
- 50 lá faoin 31 Nollaig 2008;
- 60 lá faoin 31 Nollaig 2009;
- 70 lá faoin 31 Nollaig 2010;
- 80 lá faoin 31 Nollaig 2011;
- 90 lá faoin 31 Nollaig 2012.

9. TEILEACHUMARSÁID AGUS TEICNEOLAÍOCHTAÍ AN EOLAIS

32002 L 0022: Treoir 2002/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáidirí i dtaca le gréasáin agus seirbhísí leictreonacha cumarsáide (Treoir um Sheirbhís Uilíoch) (IO L 108, 24.4.2002, lch. 51).

De mhaolú ar Airteagal 30(1) de Threoir 2002/22/CE, féadfaidh an Bhulgáir tabhaint isteach na hiniomparthachta uimhreacha a chur siar go tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2009.

10. COMHSHAOL

A. CÁILÍOCHT AN AEIR

1. 31994 L 0063: Treoir 94/63/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le rialú astaíochtaí de chomhdhúile soghalaithe orgánacha (CSO) a thig ó stórail peitril agus óna dáileadh ó theirminéil go stáisiúin seirbhíse (IO L 365, 31.12.1994, lch. 24), mar atá arna leasú le:
 - 32003 R 1882: Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.9.2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

- (a) De mhaolú ar Airteagal 3 agus Iarscríbhinn I de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm sa Bhulgáir ag na ceanglais d'fhearaí stórála atá ann ag teirminéil:
- go dtí an 31 Nollaig 2007 maidir le fearais stórála ag 6 teirminéal a bhfuil acu tríchur arna luchtú is mó ná 25 000 tona in aghaidh na bliana ach nach mó ná 50 000 tona in aghaidh na bliana;
 - go dtí an 31 Nollaig 2009 maidir le fearais stórála ag 19 teirminéal a bhfuil acu tríchur arna luchtú nach mó ná 25 000 tona in aghaidh na bliana.
- (b) De mhaolú ar Airteagal 4 agus Iarscríbhinn II de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm sa Bhulgáir ag na ceanglais do luchtú agus díluchtú coimeádán soghluaise atá ann ag teirminéil:
- go dtí an 31 Nollaig 2007 maidir le 12 teirminéal a bhfuil acu tríchur is mó ná 25 000 tona in aghaidh na bliana ach nach mó ná 150 000 tona in aghaidh na bliana;
 - go dtí an 31 Nollaig 2009 maidir le 29 teirminéal a bhfuil acu tríchur nach mó ná 25 000 tona in aghaidh na bliana.

- (c) De mhaolú ar Airteagal 5 de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm sa Bhulgáir ag na ceanglais do choimeádáin shoghluaiste atá ann ag teirminéil:
- go dtí an 31 Nollaig 2007 maidir le 50 tancaer bóthair;
 - go dtí an 31 Nollaig 2009 maidir le 466 tancaer bóthair breise.
- (d) De mhaolú ar Airteagal 6 agus Iarscríbhinn III de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm sa Bhulgáir ag na ceanglais do luchtú i bhfearais stórála atá ann ag stáisiúin seirbhíse:
- go dtí an 31 Nollaig 2007 maidir le 355 stáisiún seirbhíse a bhfuil acu tríchur is mó ná 500 m³ in aghaidh na bliana ach nach mó ná 1 000 m³ in aghaidh na bliana;
 - go dtí an 31 Nollaig 2009 maidir le 653 stáisiún seirbhíse a bhfuil acu tríchur nach mó ná 500 m³ in aghaidh na bliana.

2. 31999 L 0032: Treoir 1999/32/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 a bhaineann le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe agus ag leasú Threoir 93/12/CEE (IO L 121, 11.5.1999, lch. 13), mar atá arna leasú le:

- 32003 R 1882: Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.9.2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).
 - (a) De mhaolú ar Airteagal 3(1) de Threoir 1999/32/CE, ní bheidh feidhm sa Bhulgáir go dtí an 31 Nollaig 2011 i dtaca le húsáid áitiúil ag na ceanglais don chion sulfair de thromolaí breosla. I rith na hidirthréimhse sin ní rachaidh an cion sulfair thar 3,00% de réir maise.
 - (b) De mhaolú ar Airteagal 4(1) de Threoir 1999/32/CE, ní bheidh feidhm sa Bhulgáir go dtí an 31 Nollaig 2009 i dtaca le húsáid áitiúil ag na ceanglais don chion sulfair d'olaí gáis. I rith na hidirthréimhse sin ní rachaidh an cion sulfair thar 0,20% de réir maise.

B. BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

1. 31993 R 0259: Rialachán (CEE) Uimh. 259/93 ón gComhairle an 1 Feabhra 1993 maidir le loingsiú dramhaíola a mhaoirsiú agus a rialú laistigh den Chomhphobal Eorpach agus isteach ann agus amach as (IO L 30, 6.2.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001 R 2557: Rialachán (CE) Uimh. 2557/2001 ón gCoimisiún an 28.12.2001 (IO L 349, 31.12.2001, lch. 1).

- (a) Go dtí an 31 Nollaig 2014, cuirfear in iúl do na húdaráis inniúla gach loingsiú dramhaíola lena hathghabháil chuig an mBulgáir atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 259/93 agus próiseálfar iad ar cothrom le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán.
- (b) De mhaolú ar Airteagal 7(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 259/93, go dtí an 31 Nollaig 2009 féadfaidh údaráis inniúla na Bulgáire, ar cothrom leis na forais agóide atá leagtha síos in Airteagal 4(3) den Rialachán, agoidí a dhéanamh i gcoinne loingsithe chuig an mBulgáir i gcás na dramhaíola seo a leanas lena hathghabháil atá liostaithe in Iarscríbhinn III. Beidh loingsithe den sórt sin faoi réir Airteagal 10 den Rialachán.

AA. DRAMHAÍL A IOMPRAÍONN MIOTAL

- AA 090 Dramhaíl agus iarmhair arsanaice
- AA 100 Dramhaíl agus iarmhair mhearcair
- AA 130 Licéir ó mhiotail a phicliú

AB. DRAMHAÍL A BHFUL COMHÁBHAIR NEAMHORGÁNACHA GO PRÍOMHA INTI, AR FÉIDIR MIOTAIL AGUS ÁBHAIR ORGÁNACHA A BHEITH INTI

AC. DRAMHAÍL A BHFUL COMHÁBHAIR ORGÁNACHA GO PRÍOMHA INTI, AR FÉIDIR MIOTAIL AGUS ÁBHAIR NEAMHORGÁNACHA A BHEITH INTI

- AC 040 Slodaí peitril (gásailín) luaidhe
- AC 050 Sreabháin theirmeacha (traschur teasa)
- AC 060 Sreabháin hiodrálacha
- AC 070 Sreabháin choscán
- AC 080 Sreabháin frithreoáin
- AC 110 Feanóil, comhábhair feanóil lena n-áirítéar clóraifeanól i bhfoirm leachtanna agus slodaí
- AC 120 Naftailéiní polaclóirinithe
- AC 150 Clórafluaracarbóin
- AC 160 Halóin

- AC 190 Bruth - meilteach éadrom de dheasca stíalladh gluaisteán
- AC 200 Comhdhúile orgánacha fosfair
- AC 230 Iarmhair neamhuiscí halaiginithe nó neamh-halaiginithe driogtha a eascraíonn ó oibríochtaí athghabhála tuaslagóirí orgánacha
- AC 240 Dramhaíl a eascraíonn ó hidreacarbón halaiginithe alafatacha (ar nós clóraimeatán, déchlóireatáin, clóiríde vinile, clóiríde vinilidéine, clóiríde aillile agus eipeaclórihidríne) a tháirgeadh
- AC 260 Aoileach leachtach muc, faecas

AD. DRAMHAÍL AR FÉIDIR COMHÁBHAIR ORGÁNACHA NÓ NEAMHORGÁNACHA A BHEITH INTI

- AD 010 Dramhaíl ó tháirgí cógaisíochta a tháirgeadh agus a ullmhú Dramhaíl ina bhfuil aon cheann de na nithe seo a leanas, atá comhdhéanta de nó atá fabhtaithe aige:
 - AD 040 - Ciainídí neamhorgánacha, amach ó iarmhair a iompraíonn miotail lómhara i bhfoirm sholadach ina bhfuil rianta de chiainídí neamhorgánacha
 - AD 050 - Ciainídí orgánacha
- AD 060 Dramhaíl olaí/uisce; meascáin hidreacarbón/uisce, eibleachtaí

- AD 070 Dramhaíl ó dhúigh, ruaimeanna, líocha, péinteanna, laicir, vearnais a tháirgeadh, a fhoirmliú agus a úsáid
- AD 150 Ábhar orgánach a fhaightear go nádúrtha arna úsáid mar mheán scagtha (ar nós bithscagairí)
- AD 160 Dramhaíl bhardasachta/tí

Féadfar an tréimhse sin a fhadú go tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2012 faoin nós imeachta atá sainithe in Airteagal 18 de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1975 maidir le dramhaíl¹ mar atá arna leasú le Treoir 91/156/CEE ón gComhairle².

¹ IO L 194, 25.7.1975, lch. 39. Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

² IO L 78, 26.3.1991, lch. 32.

- (c) De mhaolú ar Airteagal 7(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 259/93, go dtí an 31 Nollaig 2009 féadfaidh údaráis inniúla na Bulgáire, ar cothrom leis na forais agóide atá leagtha síos in Airteagal 4(3) den Rialachán, agóid i gcoinne loingsithe dramhaíola chuit an mBulgáir lena hathghabháil atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán agus i gcoinne loingsithe dramhaíola lena hathghabháil nach bhfuil liostaithe sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán.
- (d) De mhaolú ar Airteagal 7(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 259/93, déanfaidh údaráis inniúla na Bulgáire agóid i gcoinne loingsithe dramhaíola lena hathghabháil atá liostaithe in Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann leis an Rialachán agus i gcoinne loingsithe dramhaíola lena hathghabháil nach bhfuil liostaithe sna hIarscríbhinní sin arb é a gceann scríbe áis a thairbhíonn de mhaolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 96/61/CE ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 1996 maidir le cosc agus rialú ionmlánaithe ar an truailliú¹ nó de Threoir 2001/80/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2001 maidir le hastaíocht truailleán áirithe san aer ó ollghléasraí dócháin a theorannú², i rith na tréimhse ina gcuirtear an maolú sealadach i bhfeidhm maidir leis an áis chinn scríbe.

¹ IO L 257, 10.10.1996, lch. 26.

² IO L 309, 27.11.2001, lch. 1. Treoir mar atá arna leasú go deireanach le hIonstraim Aontachais 2003 (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33).

2. 31994 L 0062: Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistiú agus dramhaíl pacáistithe (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32004 L 0012: Treoir 2004/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.2.2004 (IO L 47, 18.2.2004, lch. 26).
 - (a) De mhaolú ar Airteagal 6(1)(a) de Threoir 94/62/CE, déanfaidh an Bhulgáir an sprioc foriomlán athghabhála nó losctha ag gléasraí losctha dramhaíola lena ngabhann athghabháil fuinnimh a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2011 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:
 - 35% de réir meáchain faoin 31 Nollaig 2006, 39% do 2007, 42% do 2008, 46% do 2009 agus 48% do 2010.
 - (b) De mhaolú ar Airteagal 6(1)(b) de Threoir 94/62/CE, déanfaidh an Bhulgáir an sprioc foriomlán athghabhála nó losctha ag gléasraí losctha dramhaíola lena ngabhann athghabháil fuinnimh a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2014 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:
 - 50% de réir meáchain do 2011, 53% do 2012 agus 56% do 2013.

- (c) De mhaolú ar Airteagal 6(1)(c) de Threoir 94/62/CE, bainfidh an Bhulgáir amach an sprioc athchúrsála le haghaidh plaireach faoin 31 Nollaig 2009 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:
- 8% de réir meáchain faoin 31 Nollaig 2006, 12% do 2007 agus 14,5% do 2008.
- (d) De mhaolú ar Airteagal 6(1)(d) de Threoir 94/62/CE, bainfidh an Bhulgáir amach an sprioc foriomlán athchúrsála faoin 31 Nollaig 2014 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:
- 34% de réir meáchain faoin 31 Nollaig 2006, 38% do 2007, 42% do 2008, 45% do 2009, 47% do 2010, 49% do 2011, 52% do 2012 agus 54,9% do 2013.
- (e) De mhaolú ar Airteagal 6(1)(e)(i) de Threoir 94/62/CE, bainfidh an Bhulgáir amach an sprioc athchúrsála le haghaidh gloine faoin 31 Nollaig 2013 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:
- 26% de réir meáchain faoin 31 Nollaig 2006, 33% do 2007, 40% do 2008, 46% do 2009, 51% do 2010, 55% do 2011 agus 59,6% do 2012.

- (f) De mhaolú ar Airteagal 6(1)(e)(iv) de Threoir 94/62/CE, déanfaidh an Bhulgáir an sprioc athchúrsála le haghaidh plaireach, ar a n-áireofar go heisiach ábhar a dhéantar a athchúrsáil ar ais i bplaisiugh, a bhaint amach faoin 31 Nollaig 2013 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:
- 17% de réir meáchain do 2009, 19% do 2010, 20% do 2011 agus 22% do 2012.

3. 31999 L 0031: Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L 182, 16.7.1999, lch. 1), mar atá arna leasú le:

- 32003 R 1882: Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.9.2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

De mhaolú ar Airteagal 5(3)(a) agus (b) agus ar Iarscríbhinn I, pointe 2, an dara fleasc, de Threoir 1999/31/CE agus gan dochar d'Airteagal 6(c)(ii) den Treoir agus gan dochar do Threoir 75/442/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1975 maidir le dramhaíl¹, ní bheidh feidhm go dtí an 31 Nollaig 2014 maidir leis na 14 áis seo a leanas atá ann ag na ceanglais do dhramhaíl leachtach, chreimneach agus ocsaídeach agus i dtaca le cosc ar uisce dromchla a theacht isteach i ndramhaíl arna cur i líonadh talún:

¹ IO L 194, 25.7.1975, lch. 39. Treoir mar atá arna leasú le Treoir 91/156/CEE agus mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

1. linn sloda "Polimeri", Varna, Devnya;
2. linn chumasctha luaithrigh agus sloda "Solvay Sodi", "Deven" agus "Agropolichim", Varna, Devnya i mbardasacht Varna;
3. linn luaithrigh TPP "Varna", Varna, Beloslav;
4. linn luaithrigh "Sviloza", Veliko Tarnovo, Svishtov;
5. TPP ag linn luaithrigh "Zaharni zavodi", Veliko Tarnovo, Gorna Oriahovitsa
6. linn luaithrigh "Vidachim v likvidatsya", Vidin, Vidin;
7. linn luaithrigh "Toplofikatsia-Ruse" TPP "Ruse Thoir", Ruse, Ruse;
8. linn luaithrigh TPP "Republica", "COF-Pernik" agus "Kremikovtsi-Rudodobiv", Pernik, Pernik;
9. "Toplofikatsia Pernik" agus "Solidus" - linn luaithrigh Pernik, Pernik, Pernik;
10. linn luaithrigh TPP "Bobov dol", Kyustendil, Bobov dol;
11. linn luaithrigh "Brikel", Stara Zagora, Galabovo;
12. linn luaithrigh "Toplofikatsia Sliven", Sliven, Sliven;
13. linn luaithrigh TPP "Maritsa 3", Haskovo, Dimitrovgrad;
14. linn luaithrigh "Maritsa 3", Haskovo, Dimitrovgrad.

Áiritheoidh an Bhulgáir laghdú de réir a chéile den dramhaíl arna cur i lónadh talún sna 14 áis neamhchomhlíontach atá ann i gcomhréir leis na méideanna uasta bliantúla seo a leanas:

- faoin 31 Nollaig 2006: 3 020 000 tona;
- faoin 31 Nollaig 2007: 3 010 000 tona;
- faoin 31 Nollaig 2008: 2 990 000 tona;
- faoin 31 Nollaig 2009: 1 978 000 tona;
- faoin 31 Nollaig 2010: 1 940 000 tona;
- faoin 31 Nollaig 2011: 1 929 000 tona;
- faoin 31 Nollaig 2012: 1 919 000 tona;
- faoin 31 Nollaig 2013: 1 159 000 tona;
- faoin 31 Nollaig 2014: 1 039 000 tona.

4. 32002 L 0096: Treoir 2002/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) (IO L 37, 13.2.2003, lch. 24), mar atá arna leasú le:

- 32003 L 0108: Treoir 2003/108/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8.12.2003 (IO L 345, 31.12.2003, lch. 106).

De mhaolú ar Airteagail 5(5) agus 7(2) de Threoir 2002/96/CE, faoin 31 Nollaig 2008 bainfidh an Bhulgáir amach ráta bailiúcháin leithligh de cheithre chileagram DTLL ar a laghad ar an meán in aghaidh an duine in aghaidh na bliana ó theaghlaigh phríobháideacha agus bainfidh sí amach an ráta athghábhála agus an ráta athúsáide agus athchúrsála comhpháirteanna, ábhar agus substaintí.

C. CÁILÍOCHT AN UISCE

31991 L 0271: Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32003 R 1882: Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.9.2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

De mhaolú ar Airteagail 3, 4 agus 5(2) de Threoir 91/271/CEE, ní bheidh feidhm iomlán go dtí an 31 Nollaig 2014 sa Bhulgáir ag na ceanglais do chórais bhailithe agus do chóireáil fuíolluisce uirbigh i gcomhréir leis an sprioc idirmheánach seo a leanas:

- faoin 31 Nollaig 2010, beidh an Treoir comhlíonta do cheirtleáin ar mó coibhéis a ndaonra ná 10 000.

D. TRUAILLIÚ TIONSCLAÍOCH AGUS BAINISTÍOCHT BHAOIL

1. 31996 L 0061: Treoir 96/61/CE ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 1996 maidir le cosc agus rialú iomlánaithe ar an truailliú (IO L 257, 10.10.1996, lch. 26), mar atá arna leasú go deireanach le:
 - 32003 R 1882: Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.9.2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

De mhaolú ar Airteagal 5(1) de Threoir 96/61/CE, ní bheidh feidhm sa Bhulgáir ag na ceanglais do dheonú ceadanna d'fhearaí atá ann maidir leis na fearais seo a leanas go dtí an dáta atá sonraithe do gach fearas, a mhéad a bhaineann leis an oibleagáid na fearais sin a obríú i gcomhréir le luachanna teorantacha astaíochta, paraiméadair choibhéiseacha nó bearta teicniúla arna mbunú ar na teicníochtaí is fearr atá ar fáil de réir Airteagal 9(3) agus (4):

Go dtí an 31 Nollaig 2008:

- "Yambolen" – Yambol (gníomhaíocht 4.1 h)
- "Verila" – Ravno Pole (gníomhaíocht 4.1)
- "Lakprom" – Svetovrachane (gníomhaíocht 4.1 b)
- "Orgachim" – Ruse (gníomhaíocht 4.1 j)
- "Neochim" – Dimitrovgrad (gníomhaíocht 4.1 b)

Go dtí an 31 Nollaig 2009:

- "Eliseyna" gara Eliseyna (gníomhaíocht 2.5 a)

Go dtí an 31 Nollaig 2011:

- TPP "Ruse Thoir" – Ruse (gníomhaíocht 1.1)
- TPP "Varna" – Varna (gníomhaíocht 1.1)
- TPP "Bobov dol" – Sóifia (gníomhaíocht 1.1)
- TPP "Lukoil Neftochim" – Burgas (gníomhaíocht 1.1)
- "Lukoil Neftochim" – Burgas (gníomhaíocht 1.2)
- "Kremikovtsi" – Sóifia (gníomhaíocht 2.2)
- "Radomir-Metali" – Radomir (gníomhaíocht 2.3 b)
- "Solidus" – Pernik (gníomhaíocht 2.4)
- "Berg Montana fitingi" – Montana (gníomhaíocht 2.4)
- "Energoremont" – Kresna (gníomhaíocht 2.4)
- "Chugunoleene" – Ihtiman (gníomhaíocht 2.4)
- "Alkomet" – Shumen (gníomhaíocht 2.5 b)
- "Start" – Dobrich (gníomhaíocht 2.5 b)
- "Alukom" – Pleven (gníomhaíocht 2.5 b)
- "Energiya" – Targovishte (gníomhaíocht 2.5 b)
- "Uspeh" – Lukovit (gníomhaíocht 3.5)

- "Keramika" – Burgas (gníomhaíocht 3.5)
- "Stroykeramika" – Mezdra (gníomhaíocht 3.5)
- "Straldja keramika" – Straldja (gníomhaíocht 3.5)
- "Balkankeramiks" – Novi Iskar (gníomhaíocht 3.5)
- "Shamot" – Elin Pelin (gníomhaíocht 3.5)
- Fearas criadóireachta – Dragovishtitza (gníomhaíocht 3.5)
- "Fayans" – Kaspichan (gníomhaíocht 3.5)
- "Solvay Sodi" – Devnya (gníomhaíocht 4.2 d)
- "Polimeri" – Devnya (gníomhaíocht 4.2 c)
- "Agropolichim" – Devnya (gníomhaíocht 4.3)
- "Neochim" – Dimitrovgrad (gníomhaíocht 4.3)
- "Agriya" – Plovdiv (gníomhaíocht 4.4)
- "Balkanpharma" – Razgrad (gníomhaíocht 4.5)
- "Biovet" – Peshtera (gníomhaíocht 4.5)
- "Catchup-frukt" – Aitos (gníomhaíocht 6.4 b)
- "Bulgarikum" – Burgas (gníomhaíocht 6.4 c)
- "Serdika 90" – Dobrich (gníomhaíocht 6.4 c)
- "Ekarisaj" – Varna (gníomhaíocht 6.5)
- "Ekarisaj-Bert" – Burgas (gníomhaíocht 6.5).

Eiseofar ceadanna lánchomhordaithe chuig na fearais seo roimh an 30 Deireadh Fómhair 2007, ina mbeidh amchláir a bheidh ceangailteach go leithleach le haghaidh lánchomhlónadh a ghnóthú. Áiritheoidh na ceadanna sin go gcomhlíonfar faoin 30 Deireadh Fómhair 2007 na prionsabail ghinearálta a rialaíonn oibleagáidí bunúsacha na n-oibreoirí mar atá leagtha síos in Airteagal 3 den Treoir.

2. 32001 L 0080: Treoir 2001/80/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2001 maidir le hastaíochtaí truailleán áirithe san aer ó ollghléasraí dócháin a theorannú (IO L 309, 27.11.2001, lch. 1), mar atá arna leasú le:

- 12003 T: An Ionstraim i dtaobh na gcoinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí - Aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33).
- (a) De mhaolú ar Airteagal 4(3) agus cuid A d'Iarscríbhinní III, IV agus VII de Threoir 2001/80/CE, ní bheidh feidhm sa Bhulgáir ag na luachanna teorantacha astaíochta do dhé-ocsaíd sulfair agus do dheannach maidir leis na gléasraí seo a leanas go dtí an dáta atá sonraithe do gach aonad den ghléasra:

- TPP "Varna":
 - Aonad 1 go dtí an 31 Nollaig 2009
 - Aonad 2 go dtí an 31 Nollaig 2010
 - Aonad 3 go dtí an 31 Nollaig 2011
 - Aonad 4 go dtí an 31 Nollaig 2012
 - Aonad 5 go dtí an 31 Nollaig 2013
 - Aonad 6 go dtí an 31 Nollaig 2014
- TPP "Bobov dol":
 - Aonad 2 go dtí an 31 Nollaig 2011
 - Aonad 3 go dtí an 31 Nollaig 2014
- TPP "Ruse Thoir":
 - Aonaid 3 agus 4 go dtí an 31 Nollaig 2009
 - Aonaid 1 agus 2 go dtí an 31 Nollaig 2011
- TPP ag "Lukoil Neftochim" Burgas:
 - Aonaid 2, 7, 8, 9, 10 agus 11 go dtí an 31 Nollaig 2011.

I rith na hidirthréimhse sin, ní rachaidh astaíochtaí dé-ocsaíde sulfair agus deannaigh ó na gléasraí dócháin go léir de bhun Threoir 2001/80/CE thar na huasteorainneacha idirmheánacha seo a leanas:

- faoi 2008: 179 700 tona SO₂ in aghaidh na bliana; 8 900 tona deannaigh in aghaidh na bliana;
- faoi 2012: 103 000 tona SO₂ in aghaidh na bliana; 6 000 tona deannaigh in aghaidh na bliana.

(b) De mhaolú ar Airteagal 4(3) agus cuid A d'Iarscríbhinn VI de Threoir 2001/80/CE, ní bheidh feidhm sa Bhulgáir go dtí an 31 Nollaig 2011 ag na luachanna teorantacha astaíochta d'ocsáidí nítrigine maidir le hAonaid 2, 7, 8, 9, 10 agus 11 de ghléasra dócháin TPP ag "Lukoil Neftochim" Burgas.

I rith na hidirthréimhse sin, ní rachaidh astaíochtaí d'ocsáidí nítrigine ó na gléasraí dócháin go léir de bhun Threoir 2001/80/CE thar na huasteorainneacha idirmheánacha seo a leanas:

- faoi 2008: 42 900 tona in aghaidh na bliana;
- faoi 2012: 33 300 tona in aghaidh na bliana.

- (c) Faoin 1 Eanáir 2011, tíolacfaidh an Bhulgáir don Choimisiún plean arna thabhairt suas chun dáta, lena n-áirítear plean infheistíochta, chun gléasraí neamhchomhlíontacha atá fágtha a ailíniú de réir a chéile agus céimeanna á sainiú go soiléir chun an acquis a chur i bhfeidhm. Áiritheoidh na pleannanna sin laghdú breise ar na hastaíochtaí go dtí leibhéal atá go suntasach faoi bhun na spriocanna idirmheánacha atá sonraithe i míreanna (a) agus (b) thuas, go háirithe i gcás astaíochtaí sa tréimhse 2012 go 2014. Má mheasann an Coimisiún, ag féachaint dó go háirithe do na héifeachtaí comhshaoil agus don ghá atá ann saobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach a leanann ó na bearta idirthréimhseacha a laghdú, nach leor na pleannanna sin chun na cuspóirí sin a chomhall, cuirfidh sé an Bhulgáir ar an eolas. Laistigh de thrí mhí ina dhiaidh sin, cuirfidh an Bhulgáir in iúl na bearta atá glactha aici chun na cuspóirí sin a chomhall. Má mheasann an Coimisiún iardain, i gcomhairle leis na Ballstáit, nach leor na bearta sin chun na cuspóirí sin a chomhall, cuirfidh sé tú le himeachtaí um shárú faoi Airteagal 226 de Chonradh CE.
-

Foscríbhinn a ghabhann le hIARSCRÍBHINN VI

CAIBIDIL I

Liosta bunaíochtaí próiseála bainne a dhéanann bainne neamhchomhlíontach a phróiseáil
dá dtagraítear i gCaibidil 4, Roinn B, mír (a), d'Iarscríbhinn VI

Uimh.	Uimh. Thréid.	Aimh agus seoladh na bunaíochta	Suíomh an áitribh i dtrácht
Réigiún Blagoevgrad - Uimh. 1			
1	BG 0112004	"Matand" EOOD gr. Pernik ul. "Lenin" 111	s. Eleshnitsa
Réigiún Burgas - Uimh. 2			
2	BG 0212013	ET "Marsi-Mincho Bakalov" gr. Burgas j.k. "Vazrajdane" bl. 1	Burgas j.k. "Pobeda" ul. "Baykal" 9
3	BG 0212027	DZZD "Mlechen svyat" gr. Burgas j.k. "Izgrev" ul. "Malchika" 3	s. Debelt ul. "Indje voyvoda" 5 obl. Burgaska

4	BG 0212028	"Vester" OOD gr. Burgas ul. "Fotinov" 36	s. Sigmen
5	BG 0212047	"Complektstroy" EOOD gr. Burgas ul. "Aleksandar Stamboliiski" 17	s. Veselie
Réigiún Vidin - Uimh. 5			
6	BG 0512025	"El Bi Bulgarikum" EAD gr. Vidin	gr. Vidin Yujna promishlena zona
Réigiún Vratsa - Uimh. 6			
7	BG 0612010	"Hadjiiiski i familiya" EOOD s. Gradeshnitsa	s. Gradeshnitsa
8	BG 0612027	"Mlechen ray 99" EOOD gr. Vratsa j.k. "Dabnika" bl. 48 ap. 3	gr. Vratsa j.k. Bistrets Stopanski dvor
9	BG 0612035	ET "Nivego" s. Chiren	s. Chiren

Réigiún Gabrovo - Uimh. 7			
10	BG 0712001	"Ben Invest" OOD s. Kostenkovtsi obsht. Gabrovo	s. Kostenkovtsi obsht. Gabrovo
11	BG 0712002	"Shipka 97" AD gr. Gabrovo ul. "V. Levski" 2	gr. Gabrovo ul. "V. Levski" 2
12	BG 0712003	"Elvi" OOD s. Velkovtsi obsht. Gabrovo	s. Velkovtsi obsht. Gabrovo
13	BG 0712008	"Milkieks" OOD gr. Sevlievo j.k. "d-r Atanas Moskov"	gr. Sevlievo j.k. "Atanas Moskov"
Réigiún Dobrich - Uimh. 8			
14	BG 0812002	"AVITA" OOD gr. Sofia ul. "20-ti April" 6	s. Tsarichino

15	BG 0812008	"Roles 2000" OOD gr. Varna ul. "Tsar Ivan Shishman" 13	s. Kardam
16	BG 0812019	"Filipopolis" OOD gr. Plovdiv ul. "Hristo Danov" 2	s. Jeglartsi
17	BG 0812029	"AKURAT – MLECHNA PROMISHLENOST" OOD gr. Sofia ul. "Baba Vida 2"	gr. Dobrich j.k. "Riltsi"
18	BG 0812030	"FAMA" AD gr. Varna ul. "Evlogi Georgiev" 23	gr. Dobrich bul. "Dobrudja" 2
Réigiún Kardjali - Uimh. 9			
19	BG 0912004	ET "Rado" s. Byal izvor	s. Byal izvor obsht. Ardino
Réigiún Kyustendil - Uimh. 10			
20	BG 1012012	"Galkom" OOD gr. Dupnitsa	gr. Dupnitsa ul. "Venelin" 57
21	BG 1012008	ET "Nikolay Kolev" s. Konyavo	s. Konyavo

Réigiún Lovech - Uimh. 11			
22	BG 1112001	"Prima Lakta" Ltd. gr. Lovech ul. "Troyansko shose" 1	gr. Lovech ul. "Troyansko shose"
23	BG 1112004	"Mlekoprodukt" OOD gr. Lovech	s. Goran
24	BG 1112008	"Plod" AD gr. Apriltsi	gr. Apriltsi
25	BG 1112012	"Stilos" OOD gr. Dupnitsa ul. "Batenberg" 64	s. Lesidren
Réigiún Pazardjik - Uimh. 13			
26	BG 1312011	"Eko-F" EAD gr. Sofia ul. "Stara planina" 34	s. Karabunar
27	BG 1312015	"Mevgal Bulgaria" EOOD gr. Velingrad	gr. Velingrad j.k. "Industrialen"
28	BG 1312022	ET "Palmite-Vesela Popova" gr. Plovdiv ul. "Koprivkite" 23	gr. Strelcha ul. "Osvobojdenie" 17

Réigiún Plevn - Uimh. 15			
29	BG 1512003	"Mandra 1" EOCD gr. Obnova	s. Tranchovitsa
30	BG 1512006	"Mandra" OOD s. Obnova	s. Obnova
31	BG 1512008	ET "Viola" s. Koynare	gr. Koynare ul. "Hristo Botev" 16
32	BG 1512010	ET "Militsa Lazarova - 90" gr. Slavyanovo	gr. Slavyanovo ul. "Asen Zlatarev" 2
Réigiún Plovdiv - Uimh. 16			
33	BG 1612009	ET "D.Madjarov" gr. Plovdiv	gr. Stamboliiski-mandra
34	BG 1612013	ET "Polidey - EI" gr. Karlovo	s. Domlyan
35	BG 1612017	"Snep" OOD gr. Rakovski	gr. Rakovski ul. "F.Stanislavov" 57
36	BG 1612020	ET "Bor -Chvor" s. Dalbok izvor	s. Dalbok izvor

37	BG 1612023	"Vanela" OOD gr. Plovdiv bul. "Bulgaria" 170	s. Tsarimir
38	BG 1612024	SD "Kostovi - EMK" gr. Saedinenie	gr. Saedinenie
39	BG 1612039	"Topolovo-Agrokomers" OOD gr. Sofia z.k. Dianabad, bl.20	s. Topolovo Stopanski dvor
40	BG 1612040	"Mlechni produkti" OOD gr. Plovdiv	s. Manole
Réigiún Razgrad - Uimh. 17			
41	BG 1712002	ET "Rosver" gr. Tsar Kaloyan ul. "Ivan Vazov" 4	gr. Tsar Kaloyan ul. "Sofia" 41
42	BG 1712010	"Bulagrotreyd" OOD gr. Ruse ul. "Elin Pelin" 15A	s. Juper

43	BG 1712020	ET "Prelest-Sevim Ahmed" s. Podayva ul. "Struma" 12	s. Lavino Stopanski dvor
44	BG 1712042	ET "Madar" s. Madrevo ul. "Han Kubrat" 65	s. Terter Stopanski dvor
Réigiún Ruse - Uimh. 18			
45	BG 1812002	"Laktis-Byala" AD gr. Byala	gr. Byala ul. "Stefan Stambolov" 75
46	BG 1812005	ET "DAV" gr. Ruse ul. "6-ti Septemvri" 43	gr. Vetovo
47	BG 1812022	ZKPU "Tetovo" s. Tetovo	s. Tetovo ul. "Tsar Osvoboditel" 5
48	BG 1812011	ET "Georgi Bojinov-Gogo" s. Nikolovo	s. Nikolovo
Réigiún Siliстра - Uimh. 19			
49	BG 1912004	ET "Merone-Hristo Kunev" gr. Siliстра bul. "Makedonia" 150	gr. Alfatar

50	BG 1912013	"JOSI" OOD gr. Sofia ul. "Hadji Dimitar" 142 vh.A	s. Chernolik
51	BG 1912024	"Buldeks" OOD gr. Siliстра ul. "D.Donchev" 6	s. Belitsa
Réigiún Sliven - Uimh. 20			
52	BG 2012007	"Delta lakt" OOD gr. Stara Zagora ul. "Tsar Kaloyan" 20	s. Stoil Voyvoda
53	BG 2012020	"Yotovi" OOD gr. Sliven j.k. Rechitsa ul. "Kosharite" 12	gr. Sliven j.k. Rechitsa
54	BG 2012022	"Bratya Zafirovi" OOD gr. Sliven ul. "Treti mart" 7	gr. Sliven Industrialna zona Zapad
55	BG 2012030	"Agroprodukt" OOD gr. Sliven ul. "Oreshak" 24	s. Dragodanovo

56	BG 2012036	"Minchevi" OOD s. Korten obl. Sliven	s. Korten obl. Sliven
Réigiún Smolyan - Uimh. 21			
57	BG 2112001	"Belev" EOCD gr. Smolyan	gr. Smolyan ul. "Trakiya" 15
58	BG 2112021	"Rossi" EOCD gr. Dospat	gr. Dospat
59	BG 2112018	ET "Rosen Atanasov-Komers" s. Kutela	s. Kutela
60	BG 2112023	ET "Iliyan Isakov" s. Trigrad	s. Trigrad obsht. Devin
Réigiún Chathair Shóifia - Uimh. 22			
61	BG 2212001	"Danon – Serdika" AD gr. Sofia ul. "Ohridsko ezero" 3	ul. "Ohridsko ezero" 3
62	BG 2212002	"Formalat" EOCD s. G. Lozen ul. "Saedinenie" 132	s. G. Lozen ul. "Saedinenie" 132
63	BG 2212009	"Serdika-94" OOD j.k. Jeleznitsa	j.k. Jeleznitsa

64	BG 2212022	"Megle - MJ" OOD ul. "Probuda" 14	ul. "Probuda" 12-14
65	BG 2212023	"EL BI BULGARIKUM" EAD gr. Sofia ul. "Saborna" 9	ul. "Malashevska" 12A
Réigiún Cheantar Shóifia - Uimh. 23			
66	BG 2312013	ET "Dobrev" s. Dragushinovo	s. Dragushinovo
67	BG 2312016	AD "Bovis" s. Trudovets	s. Trudovets
68	BG 2312026	"Dyado Liben" OOD gr. Sofia ul. "Hubcha" 2	gr. Koprivshtitsa bul. "H.Nencho Palaveev" 137
69	BG 2312033	"Balkan Spetsial" OOD gr. Sofia	s. Gorna Malina
70	BG 2312002	ET "Danim" gr. Elin Pelin	gr. Elin Pelin bul. "Vitosha" 18A

Réigiún Stara Zagora - Uimh. 24			
71	BG 2412019	"Dekada" OOD gr. Stara Zagora bul. "Ruski" 41 et.3 ap.9	s. Elhovo
72	BG 2412023	Agricultural Institute gr. Stara Zagora	gr. Stara Zagora
73	BG 2412033	"Gospodinovi" OOD gr. Stara Zagora pl. "Beroe" 1 ap.21	s. Julievo
Réigiún Targovishte - Uimh. 25			
74	BG 2512004	"PIP Trade" OOD gr. Sofia ul. "Baba Vida" 2	s. Davidovo
75	BG 2512006	"Hadad" OOD s. Makariopolsko	s. Makariopolsko
76	BG 2512016	"Milktreyd-BG" OOD gr. Sofia obsht. "Studentska" 58-A-115	s. Saedinenie obl. Targovishte

77	BG 2512017	"YU E S - Komers" OOD gr. Opaka	s. Golyamo Gradishte ul. "Rakovski" 2
Réigiún Yambol - Uimh. 28			
78	BG 2812002	"Arachievi" OOD gr. Elhovo ul. "Bakalov" 19	s. Kirilovo
79	BG 2812003	"Balgarski jogurt" OOD s. Ravda	s. Veselinovo Kompleks "Ekaterina"
80	BG 2812025	"Sakarela" OOD gr. Yambol ul. "Hr. Botev" 24-B-15	gr. Yambol ul. "Preslav" 269

CAIBIDIL II

Liosta bunaíochtaí bainne le haghaidh déphróiseála bainne - bainne comhlíontach agus bainne
neamhchomhlíontach
dá dtagraítear i gCaibidil 4, Roinn B, míreanna (a) agus (c),
d'Iarscríbhinn VI

Uimh.	Uimh. Thréid.	Ainm agus seoladh na bunaíochta	Suíomh an áitribh i dtrácht
Réigiún Veliko Tarnovo - Uimh. 4			
1	BG 0412002	"Sofbiolayf-BG" OOD gr. Svishtov	gr. Svishtov ul. "33-ti svishtovski polk." 67
2	BG 0412009	"Milki-luks" OOD gr. Plovdiv	s. Byala Cherkva
3	BG 0412010	"Bi Si Si Handel" OOD gr. Elena	gr. Elena ul. "Treti mart" 19

Réigiún Vratsa - Uimh. 6			
4	BG 0612012	ET "Zorov -97" gr. Vratsa j.k. Kulata ul. "Palkovitsa" 7	Vrachanski balkan, mestnost "Parshevitsa"
Réigiún Dobrich - Uimh. 8			
5	BG 0812009	"Serdika - 90" AD gr. Dobrich	gr. Dobrich ul. "25 septemvri" 100
Réigiún Lovech - Uimh. 11			
6	BG 1112006	"Kondov Ekoproduktsiya" OOD gr. Sofia	s. Staro selo
Réigiún Plovdiv - Uimh. 16			
7	BG 1612001	"OMK" gr. Sofia	gr. Plovdiv bul. "Dunav" 3

8	BG 1612002	"Shipka 99" OOD gr. Parvomay	gr. Parvomay
9	BG 1612037	"Filipopolis-RK" OOD gr. Plovdiv	gr. Plovdiv j.k. "Proslav" ul. "Prosveta" 2A
10	BG 1612041	"Elit-95" EOOD s. Dalbok izvor	s. Dalbok izvor
Réigiún Ruse - Uimh. 18			
11	BG 1812003	"Sirma Prista" AD gr. Ruse	gr. Ruse bul. "3-ti mart" 1
Réigiún Sliven - Uimh. 20			
12	BG 2012006	"Mlechen pat" AD gr. Sofia ul. "Vasil Levski" 109	gr. Nova Zagora j.k. Industrialen

13	BG 2012009	"Vangard" OOD gr. Sliven ul. "Al. Stamboliiski" 1	s. Jelyo voyvoda obl. Sliven
14	BG 2012019	"Hemus milk komers" OOD gr. Sliven ul. "Neofit Rilski" 3a	gr. Sliven Industrialna zona Zapad j.k. 10
15	BG 2012042	"Tirbul" EAD gr. Sliven	"Tirbul" EAD gr. Sliven
Réigiún Stara Zagora - Uimh. 24			
16	BG 2412005	"Markeli" AD gr. Stara Zagora ul. "Sv.Kn.Boris" 67 et.3 ap.6	gr. Kazanlak j.k. Industrialen

Réigiún Targovishte - Uimh. 25			
17	BG 2512001	"Mladost -2002" OOD gr. Targovishte	gr. Targovishte bul. "29-ti yanuari" 7
18	BG 2512020	"Mizia-Milk" OOD gr. Targovishte ul. "Rodopi" 5	gr. Targovishte Industrialna zona
Réigiún Haskovo - Uimh. 26			
19	BG 2612047	"Balgarsko sirene" OOD gr. Harmanli ul. "Gotse Delchev" 1	gr. Haskovo bul. "Saedinenie" 94
Réigiún Yambol - Uimh. 28			
20	BG 2812022	"Karil i Tanya" OOD gr. Yambol	gr. Yambol ul. "Graf Ignatiev" 189

IARSCRÍBHINN VII

Liosta dá dtagraítear in Airteagal 23 den Ionstraim Aontachais:
bearta idirthréimhseacha, an Rómáin

1. SAORGLUAISEACHT DAOINE

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

31968 R 1612: Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le saorgluaiseacht oibrithe laistigh den Chomhphobal (IO L 257, 19.10.1968, lch. 2), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32004 L 0038: Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.4.2004 (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77);

31996 L 0071: Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1);

32004 L 0038: Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, ag leasú Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus ag aisghairm Threoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

1. I dtaca le saorghluaiseacht oibrithe agus saoirse seirbhísí a sholáthar lena mbaineann gluaiseacht shealadach oibrithe mar atá sainithe in Airteagal 1 de Threoir 96/71/CE idir an Rómáin, ar thaobh amháin, agus gach ceann de na Ballstáit láithreacha ar an taobh eile, ní bheidh feidhm go hiomlán ag Airteagal 39 agus ag an gcéad mhír d'Airteagal 49 de Chonradh CE ach amháin faoi réir na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos i míreanna 2 go 14.
2. De mhaolú ar Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus go dtí deireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, cuirfidh na Ballstáit láithreacha i bhfeidhm bearta náisiúnta, nó bearta a thig ó shocruithe déthaobhacha, a rialaíonn rochtain ar a margáí saothair ag náisiúnaigh na Rómáine. Féadfaidh na Ballstáit láithreacha leanúint de bhearta den sórt sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse cúig bliana tar éis dháta an aontachais.

Náisiúnaigh na Rómáine atá ag obair go dleathach ar dháta an aontachais i mBallstát láithreach arna ligean isteach ar mhargadh saothair de chuid an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse 12 mí nó níos faide gan briseadh, tairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ach ní thairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair de chuid Ballstáit eile a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm.

Náisiúnaigh na Rómáine arna ligean isteach ar mhargadh saothair de chuid Ballstáit láithrigh tar éis an aontachais ar feadh tréimhse 12 mí nó níos faide gan briseadh, tairbheoidh siad freisin de na cearta céanna.

Scoirfidh náisiúnaigh na Rómáine atá luaite sa dara fomhír agus sa tríú fomhír thusas de thairbhiú de na cearta atá cuimsithe sna fomhíreanna sin má fhágann siad go deonach margadh saothair an Bhallstáit láithrigh i dtrácht.

Náisiúnaigh na Rómáine atá ag obair go dleathach i mBallstát láithreach ar dháta an aontachais nó i rith tréimhse ina gcuirtear bearta náisiúnta i bhfeidhm, arna ligean isteach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse is lú ná 12 mí, ní thairbheoidh siad de na cearta sin.

3. Roimh dheireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, déanfaidh an Chomhairle oibriú na bhforálacha idirtréimhseacha atá leagtha síos i mír 2 a athbhreithniú ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún.

Tráth chríochnú an athbhreithnithe sin, agus tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, tabharfaidh na Ballstáit láithreacha fógra don Choimisiún á rá cé acu an leanfaidh siad de bhearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a chur i bhfeidhm nó an gcuirfidh siad Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 i bhfeidhm feasta. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68.

4. Arna iarraidh sin don Rómáin, féadfar athbhreithniú amháin eile a dhéanamh. Beidh feidhm ag an nós imeachta dá dtagraítear i mír 3 agus críochnófar é laistigh de shé mhí ón iarraigdh a fháil ón Rómáin.

5. Ballstát a dhéanann bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a choimeád ar bun ag deireadh na tréimhse cúig bliana atá sonraithe i mír 2, féadfaidh sé, i gcás ina dtarlóidh suaitheadh tromchúiseach ar a mhargadh saothair nó ina mbeidh bagairt dá leithéid agus tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, leanúint de na bearta sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68.

6. I rith na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais, na Ballstáit ina bhfuil feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán Uimh. 1612/68 (CEE) i leith náisiúnaigh na Rómáine, de bhua mhír 3, mhír 4 nó mhír 5, agus atá ag eisiúint ceadanna oibre do náisiúnaigh na Rómáine chun críocha faireacháin i rith na tréimhse sin, déanfaidh siad amhlaidh go huathoibríoch.

7. Na Ballstáit ina bhfuil feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 i leith náisiúnaigh na Rómáine de bhua mhír 3, mhír 4 nó mhír 5, féadfaidh siad dul ar iontaoibh na nósanna imeachta atá leagtha amach sna fomhíreanna thíos go dtí deireadh na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais.

Nuir a tharlaíonn suaitheadh ar mhargadh saothair ceann de na Ballstáit dá dtagraítear sa chéad fhomhír a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh don chaighdeán maireachtála nó don leibhéal fostaíochta i réigiún nó i ngairm áirithe, nó nuair a dhéanann Ballstát suaitheadh den sórt sin a thuar, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi agus déanfaidh sé na sonraí uile ábhartha a sholáthar dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh an Ballstát sin a iarraidh ar an gCoimisiún a dhearbhú go ndéanfar Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a fhionraí go hiomlán nó go páirteach, d'fhoínn an staid sa réigiún nó sa ghairm sin a athbhunú ina gnáthriocht. Tráth nach déanaí ná dhá sheachtain tar éis iarraidh den sórt sin a fháil, glacfaidh an Coimisiún cinneadh ar an bhfionraí agus ar a ré agus a raon feidhme agus cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoin gcinneadh sin. Féadfaidh aon Bhallstát, laistigh de dhá sheachtain ó dháta an Chinnidh ón gCoimisiún, a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh a neamhniú nó a leasú. Gníomhóidh an Chomhairle ar iarraidh den sórt sin trí thromlach cáilithe laistigh de dhá sheachtain.

I gcásanna práinneacha agus eisceachtúla, féadfaidh Ballstát dá dtagraítear sa chéad fhomhír cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a fhionraí agus fógra réasúnaithe ex-post a thabhairt don Choimisiún ina dhiaidh sin.

8. Fad atá cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ar fionraí de bhua mhíreanna 2 go 5 agus 7 thuas, beidh feidhm ag Airteagal 23 de Threoir 2004/38/CE sa Rómáin i leith náisiúnaigh na mBallstát láithreach, agus sna Ballstáit láithreacha i leith náisiúnaigh na Rómáine, faoi na coinníollacha seo a leanas, a mhéad a bhaineann leis an gceart atá ag baill de theaghlaigh oibrithe gabháil le fostáiocht:

- céile an oibrí agus a sliochtaigh atá faoi bhun 21 bliain d'aois nó atá ina gcleithiúnaithe agus a bhfuil cónaí go dleathach orthu in éineacht leis an oibrí ar chríoch Ballstáit ar dháta an aontachais, beidh acu, tráth an aontachais, rochtain láithreach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin. Níl feidhm aige seo maidir le baill de theaghlaich oibrí arna ligean isteach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse is lú ná 12 mí;
- céile an oibrí agus a sliochtaigh atá faoi bhun 21 bliain d'aois nó atá ina gcleithiúnaithe agus a bhfuil cónaí go dleathach orthu in éineacht leis an oibrí ar chríoch Ballstáit ó dháta is déanaí ná dáta an aontachais ach i rith na tréimhse ina gcuirtear i bhfeidhm na forálacha idirbhéimeacháin atá leagtha síos thuas, beidh rochtain acu ar mhargadh saothair an Bhallstáit i dtrácht a thúsce a bheidh cónaí orthu sa Bhallstát i dtrácht ar feadh ocht mí dhéag ar a laghad nó ón tríú bliain tar éis dháta an aontachais, cibé acu is túisce.

Beidh na forálacha seo gan dochar do bhearta níos fabhraí, bíodh siad ina mbearta náisiúnta nó ina mbearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha.

9. Sa mhéid nach bhféadfar na forálacha sin de Threoir 2004/38/CE a athghhabhann forálacha de Threoir 68/360/CEE¹ a dhealú ó na forálacha sin de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a gcuirtear siar a geur i bhfeidhm de bhun mhíreanna 2 go 5 agus 7 agus 8, féadfaidh an Rómáin agus na Ballstáit láithreacha maolú ar na forálacha sin a mhéad is gá chun míreanna 2 go 5 agus 7 agus 8 a chur i bhfeidhm.

10. Aon uair a chuireann na Ballstáit láithreacha bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha i bhfeidhm de bhua na mbeart idirthréimhseach atá leagtha síos thuas, féadfaidh an Rómáin bearta coibhéiseacha a choimeád i bhfeidhm i leith náisiúnaigh an Bhallstát nó na mBallstát i dtrácht.

¹ Treoir 68/360/CEE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le srianta a dhíothú ar ghluaiseacht agus cónai sa Chomhphobal d'oibrithe ó na Ballstáit agus dá dteaghlaigh (IO L 257, 19.10.1968, lch. 13). Treoir mar atá arna leasú go deireanach le hIonstraim Aontachais 2003 (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33) agus arna haisghairm le héifeacht ón 30 Aibreán 2006 le Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

11. Má fhionraíonn aon cheann de na Ballstáit láithreacha cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68, féadfaidh an Rómáin dul ar iontaoibh na nósanna imeachta atá leagtha síos i mír 7 i leith na Bulgáire. I rith aon tréimhse den sórt sin, ceadanna oibre arna n-eisiúint ag an Rómáin do náisiúnaigh na Bulgáire chun críocha faireacháin, eiseofar go huathoibríoch iad.

12. Féadfaidh aon Bhallstát láithreach, agus bearta náisiúnta á gcur i bhfeidhm aige i gcomhréir le míreanna 2 go 5 agus 7 go 9, saorghluaiseacht is mó ná mar a bheidh ann ar dháta an aontachais, lena n-áirítear rochtain iomlán ar mhargadh an tsaothair, a thabhairt isteach faoin dlí náisiúnta. Ón tríú bliain tar éis dháta an aontachais, féadfaidh aon Bhallstát láithreach a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm a chinneadh tráth ar bith Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a chur i bhfeidhm ina n-ionad. Cuirfear an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinneadh den sórt sin.

13. Chun díriú ar shuatheadh tromchúiseach, nó chun díriú ar bhagairt den sórt sin, in earnálacha sonracha íogaire seirbhíse ar a margáí saothair a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réigiún áirithe de dhroim soláthair thrasnáisiúnta seirbhísí, mar atá sainithe in Airteagal 1 de Threoir 96/71/CE, agus fad a dhéanfaidh siad bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a chur i bhfeidhm, de bhua na bhforálacha idirtréimhseacha atá leagtha amach thusa, maidir le saorghluaiseacht oibrithe na Rómáine, féadfaidh an Ghearmáin agus an Ostair maolú ar an gcéad mhír d'Airteagal 49 de Chonradh CE tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, d'fhoínn teorainn a chur, i gcomhthéacs seirbhísí a sholáthar ag cuideachtaí arna mbunú sa Rómáin, le gluaiseacht shealadach oibrithe a bhfuil a gceart gabháil le hobair sa Ghearmáin agus san Ostair faoi réir beart náisiúnta.

Is mar a leanas atá liosta na n-earnálacha seirbhíse a d'fhéadfaí a fholú leis an maolú seo:

- sa Ghearmáin:

Earnáil	Cód NACE [*] , mura sonraítear a mhalaírt
Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara	45.1 go 4; Gníomhaíochtaí atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE
Glantachán tionsclaíoch	74.70 Glantachán tionsclaíoch
Seirbhísí eile	74.87 Gníomhaíochtaí maisitheoirí istigh amháin

— san Ostair:

Earnáil	Cód NACE *, mura sonraítear a mhalaírt
Gníomhaíochtaí seirbhíse gairneoireachta	01.41
Cloch a ghearradh, a dheilbhiú agus a chríochnú	26.7
Struchtúir mhíotail agus codanna díobh a mhonarú	28.11
Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara	45.1 go 4; Gníomhaíochtaí atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE
Gníomhaíochtaí slándála	74.60
Glantachán tionsclaíoch	74.70
Altranás tí	85.14
Obair shóisialta agus gníomhaíochtaí gan chóiríocht	85.32

* NACE: feic 31990 R 3037: Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1990 maidir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (IO L 293, 24.10.1990, lch. 1). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le 32003 R 1882: Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.9.2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

A mhéad a mhaolaíonn an Ghearmáin nó an Ostair ar an gcéad mhír d'Airteagal 49 de Chonradh CE i gcomhréir leis na fomhíreanna roimhe seo, féadfaidh an Rómáin, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, bearta coibhéiseacha a ghlacadh.

Ní leanfaidh ón mír seo a chur i bhfeidhm gur sriantaí na coinníollacha do għluuiseacht shealadach oibrithe i għomhthéacs soláthair thrasnáisiúnta seirbhísí idir an Ghearmáin nó an Ostair agus an Rómáin ná na coinníollacha atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

14. Ní bheidh leanfaidh ó mhíreanna 2 go 5 agus 7 go 12 a chur i bhfeidhm gur sriantaí na coinníollacha rochtana do náisiúnaigh na Rómáine ar mhagaí saothair na mBallstát láithreach ná na coinníollacha atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

D'ainneoin chur i bhfeidhm na bhforálacha atá leagtha síos i míreanna 1 go 13, i rith aon tréimhse ina gcuirfear i bhfeidhm bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha, tabharfaidh na Ballstáit láithreacha fabhar d'oibrithe is náisiúnaigh de chuid na mBallstát seachas oibrithe is náisiúnaigh de chuid tríu tíortha i dtaca le rochtain ar a margadh saothair.

Oibrithe imirceacha Rómánacha agus a dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair go dleathach i mBallstát eile nó oibrithe imirceacha ó Bhallstáit eile agus a dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair go dleathach sa Rómáin, ní chuirfear cóir níos sriantaí orthu ná mar a chuirtear ar oibrithe imirceacha agus a dteaghlaigh ó thríu tíortha a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair sa Bhallstáit sin nó sa Rómáin faoi seach. Ina theannta sin, agus prionsabal an fhabhair Chomhphobail á chur i bhfeidhm, ní chuirfear cóir níos fabhraí ar oibrithe imirceacha ó thríu tíortha a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair sa Rómáin ná mar a chuirtear ar náisiúnaigh na Rómáine.

2. SAOIRSE CHUN SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR

31997 L 0009: Treoir 97/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Márta 1997 maidir le scéimeanna cúitimh d'infheisteoirí (IO L 84, 26.3.1997, lch. 22).

De mhaolú ar Airteagal 4(1) de Threoir 97/9/CE, ní bheidh feidhm ag an íosleibhéal cúitimh sa Rómáin go dtí an 31 Nollaig 2011. Áiritheoidh an Rómáin go ndéanfaidh a scéim chúitimh d'infheisteoirí foráil maidir le cumhdach nach lú ná EUR 4 500 ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2007, do chumhdach nach lú ná EUR 7 000 ón 1 Eanáir 2008 go dtí an 31 Nollaig 2008, do chumhdach nach lú ná EUR 9 000 ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Nollaig 2009, do chumhdach nach lú ná EUR 11 000 ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 31 Nollaig 2010 agus do chumhdach nach lú ná EUR 15 000 ón 1 Eanáir 2011 go dtí an 31 Nollaig 2011.

I rith na hidirthréimhse, coinneoidh na Ballstáit eile an ceart acu fén cosc a chur le brainse de ghnólacht Rómánach infheistíochta atá bunaithe ar a gcríocha oibriú mura mbeidh, agus go dtí go mbeidh, an brainse sin tar éis dul isteach i scéim chúitimh d'infheisteoirí laistigh de chríocha an Bhallstáit i dtrácht atá aitheanta go hoifigiúil d'fhoinn an difear idir an leibhéal Rómánach cúitimh agus an t-íosleibhéal dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Threoir 97/9/CE a chumhdach.

3. SAORGHLUAISEACHT CHAIPITIL

An Conradh ar an Aontas Eorpach

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh

1. Na srianta atá leagtha síos ina reachtaíocht atá ann tráth sínithe an Chonartha Aontachais i dtaca le sealúchas talún le haghaidh áiteanna tánaisteacha cónaithe a fháil a mhéad a bhaineann le náisiúnaigh de chuid na mBallstát nó de chuid na Stát is páirtithe sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (CLEE) nach bhfuil cónaí orthu sa Rómáin agus le cuideachtaí arna bhfoirmiú i gcomhréir le dlíthe Ballstáit eile nó Stát CLEE nach bhfuil bunaithe ná cláraithe ar chríoch na Rómáine agus nach bhfuil brainse ná gníomhaireacht ionadaíochta acu inti, féadfaidh an Rómáin iad a choimeád ar bun, d'ainneoin na n-oibleagáidí faoi na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, go ceann cùig bliana ó dháta an aontachais.

Náisiúnaigh de chuid na mBallstát agus náisiúnaigh de chuid na Stát is páirtithe sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bhfuil cónaí orthu go dleathach sa Rómáin, ní bheidh siad faoi réir fhorálacha na fomhíre sin roimhe seo ná aon rialacha agus nósanna imeachta eile seachas rialacha agus nósanna imeachta a bhfuil náisiúnaigh na Rómáine faoina réir.

2. Na srianta atá leagtha síos ina reachtaíocht atá ann tráth sínithe an Chonartha Aontachais i dtaca le talamh talmhaíochta, foraoiseacha agus talamh foraoiseachta a fháil a mhéad a bhaineann le náisiúnaigh de chuid na mBallstát nó de chuid na Stát is páirtithe sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus le cuideachtaí arna bhfoirmiú i gcomhréir le dlithe Ballstáit eile nó Stát CLEE nach bhfuil bunaithe ná cláraithe sa Rómáin, féadfaidh an Rómáin iad a choimeád ar bun, d'ainneoin na n-oibleagáidí faoi na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, ar feadh seacht mbliana ó dháta an aontachais. Ní fhéadfari i gcás ar bith cóir is lú fabhar a chur ar náisiúnach de chuid Ballstáit i leith talamh talmhaíochta, foraoiseacha agus talamh foraoiseachta a fháil ná mar a chuirtear air ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais ná cóir níos sriantaí a chur air ná ar náisiúnach tríú thír.

Feirmeoirí féinfhostaithe is náisiúnaigh de chuid Ballstáit eile ar mian leo iad féin a bhunú agus cónaí a bheith orthu sa Rómáin, ní bheidh siad faoi réir fhorálacha na fomhíre sin roimhe seo ná aon nósanna imeachta seachas nósanna imeachta a bhfuil náisiúnaigh na Rómáine faoina réir.

Déanfar athbhreithniú ginearálta ar na bearta idirthréimhseacha sin sa tríú bliain tar éis dháta an aontachais. Chuige sin, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil don Chomhairle. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh an idirthréimhse atá sonraithe sa chéad fhomhír a ghiorrú nó deireadh a chur léi.

4. BEARTAS IOMAÍOCHTA

A. CABHAIR FHIOSCACH

1. An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, Teideal VI, Caibidil I, Rialacha iomaíochta

- (a) D'ainneoin Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE, i gcás gnóthas a fuair an teastas buan-infheisteora i Limistéar Díothach roimh an 1 Iúil 2003, féadfaidh an Rómáin leanúint de mhaoluithe ar cháin chorparáideach a dheonú ar bhonn Ordanás Éigeandála Uimh. 24/1998 ón Rialtas maidir le Limistéir Dhíothacha, mar atá arna leasú:
- le haghaidh 3 Limistéar Díothach (Brad, Valea Jiului, Bălan) go dtí an 31 Nollaig 2008 agus an dáta sin san áireamh,
 - le haghaidh 22 Limistéar Díothach (Comănești, Bucovina, Altân Tepe, Filipești, Ceptura, Albeni, Schela, Motru Rovinari, Rusca Montană, Bocşa, Moldova Nouă-Anina, Baraolt, Apuseni, Ştei-Nucet, Borod Şuncuiuş-Dobreşti-Vadu Crişului, Popeşti-Derna-Aleşd, Ip, Hida-Surduc- Jibou-Bălan, Şărmăşag-Chiejd-Bobota, Baia Mare, Borşa Vişeu, Rodna) go dtí an 31 Nollaig 2009 agus an dáta sin san áireamh,

- le haghaidh 3 Limistéar Díothach (Cugir, Zimnicea, Copşa Mică) go dtí an 31 Nollaig 2010 agus an dáta sin san áireamh;

faoi na coinníollacha seo a leanas:

- deonaítear an státhabhair le haghaidh infheistíochtaí réigiúnacha:
 - ní rachaidh glandéine na cabhrach réigiúnaí sin thar ráta 50% den Ghlanchoirbhéis Deontas. I gcás gnóthas beag agus meánmhéide, féadfar an uasteorainn sin a mhéadú 15 pointe céatadáin, ar chuntar nach rachaidh an ghlandéine iomlán chabhrach thar 75%,
 - má tá an gnóthas gníomhach in earnáil na mótarfheithiclí¹, ní rachaidh an chabhair iomlán thar mhéid uasta 30% de na costais infheistíochta cháilithe,
 - tosóidh an tréimhse chun cabhair le háireamh faoi na huasteorainneacha thuasluaithe a ríomh ar an 2 Eanáir 2003; eisifíar ón ríomh gach cabhair arna héileamh agus arna fáil ar bhonn brabús arna bhfáil roimh an dáta sin,

¹ De réir bhrí Iarscríbhinn C den Chumarsáid ón gCoimisiún – Clár réime ilearnálach maidir le cabhair réigiúnach do mhórthionscadail infheistíochta (IO C 70, 19.3.2002, lch. 8). Cumarsáid mar atá arna leasú go deireanach agus arna foilsíú in IO C 263, 1.11.2003, lch. 3.

- chun an chabhair iomlán a ríomh, cuirfear san áireamh gach cabhair arna deonú don tairbhí i ndáil le costais cháilithe, lena n-áirítear cabhair arna deonú faoi scéimeanna eile, is cuma an foinsí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta nó Comphphobail a dheonaigh an chabhair,
- saineofar costais cháilithe ar bhonn na dTreoirlínte maidir le cabhair réigiúnach náisiúnta¹,
- is iad na costais cháilithe a fhéadfarr a chur san áireamh na costais arna dtabhú idir an 2 Deireadh Fómhair 1998 (.i. dáta theacht i bhfeidhm na scéime faoi Ordanás Éigeandála Uimh. 24/1998 ón Rialtas maidir le Limistéir Dhíothacha) agus an 15 Meán Fómhair 2004.

(b) Soláthróidh an Rómáin don Choimisiún:

- dhá mhí tar éis dháta an aontachais, faisnéis faoi chomhall na gcoinníollacha atá leagtha amach thuas,

¹ IO C 74, 10.3.1998, lch. 9. Treoirlínte mar atá arna leasú go deireanach agus arna bhfoilsiu in IO C 258, 9.9.2000, lch. 5.

- faoi dheireadh Nollaig 2010, faisnéis faoi na costais infheistíochta chálithe arna dtabhú iarbhír ag na tairbhithe faoi Ordanás Éigeandála Uimh. 24/1998 ón Rialtas maidir le Limistéir Dhíothachá, mar atá arna leasú, agus faoi na méideanna iomlána cabhrach arna bhfáil ag na tairbhithe, agus
- tuarascálacha leathbhliantúla ar fhaireachán ar chabhair arna tabhaint do na tairbhithe in earnáil na mótarfheithiclí.

2. An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, Teideal VI, Caibidil I, Rialacha iomaíochta

(a) D'ainneoin Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE, i gcás gnóthas a shínigh conartháí tráchtála le Riaracháin Limistéar Saorthrádála roimh an 1 Iúil 2002, féadfaidh an Rómáin leanúint, go dtí an 31 Nollaig 2011, de mhaoluithe ar ríchiosa a dheonú ar bhonn Dhlí Uimh. 84/1992 maidir le Limistéir Shaorthrádála, mar atá arna leasú, faoi na coinníollacha seo a leanas:

- deonaíttear an státhabhair le haghaidh infheistíochtaí réigiúnacha:
 - ní rachaidh glandéine na cabhrach réigiúnaí sin thar ráta 50% den Ghlanchóibhéis Deontas. I gcás gnóthas beag agus meánmhéide, féadfar an uasteorainn sin a mhéadú 15 pointe céatadáin, ar chuntar nach rachaidh an ghlandéine iomlán chabhrach thar 75%,

- má tá an gnóthas gníomhach in earnáil na mótarfheithiclí¹, ní rachaidh an chabhair iomlán thar mhéid uasta 30% de na costais infheistíochta cháilithe,
- tosóidh an tréimhse chun cabhair le háireamh faoi na huasteorainneacha thuasluaite a ríomh ar an 2 Eanáir 2003; eisifáid ón ríomh gach cabhair arna héileamh agus arna fáil ar bhonn brabús arna bhfáil roimh an dáta sin,
- chun an chabhair iomlán a ríomh, cuirfear san áireamh gach cabhair arna deonú don tairbhí i ndáil le costais cháilithe, lena n-áirítear cabhair arna deonú faoi scéimeanna eile, is cuma an foinsí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta nó Comphobail a dheonaigh an chabhair,
- saineofar costais cháilithe ar bhonn na dTreoirlínte maidir le cabhair réigiúnach náisiúnta²,

¹ De réir bhrí Iarscríbhinn C den Chumarsáid ón gCoimisiún – Clár réime ilearnálach maidir le cabhair réigiúnach do mhórthionscadail infheistíochta (IO C 70, 19.3.2002, lch. 8). Cumarsáid mar atá arna leasú go deireanach agus arna foilsíú in IO C 263, 1.11.2003, lch. 3.

² IO C 74, 10.3.1998, lch. 9. Treoirlínte mar atá arna leasú go deireanach agus arna bhfoilsíú in IO C 258, 9.9.2000, lch. 5.

- is iad na costais cháilithe a fhéadfá a chur san áireamh na costais arna dtabhú idir an 30 Iúil 1992 (.i. dáta theacht i bhfeidhm na scéime faoi Dhlí Uimh. 84/1992 maidir le Limistéir Shaorthrádála) agus an 1 Samhain 2004.

(b) Soláthroidh an Rómáin don Choimisiún:

- dhá mhí tar éis dháta an aontachais, fainnéis faoi chomhall na gcoinníollacha atá leagtha amach thuas,
- faoi dheireadh Nollaig 2011, fainnéis faoi na costais infheistíochta cháilithe arna dtabhú iarbhir ag na tairbhithe faoi Dhlí Uimh. 84/1992 maidir le Limistéir Shaorthrádála, mar atá arna leasú, agus faoi na méideanna ionlána cabhrach arna bhfáil ag na tairbhithe, agus
- tuarascálacha leathbhliantúla ar fhaireachán ar chabhair arna tabhaint do na tairbhithe in earnáil na mótarfheithiclí.

B. ATHSTRUCHTÚRÚ CRUACH

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, Teideal VI, Caibidil I, Rialacha iomaíochta

1. D'ainneoin Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE, measfar go bhfuil státhabhair arna deonú ag an Rómáin ar mhaithe le hathstruchtúrú do chodanna sonraithe de thionscal cruach na Rómáine ó 1993 go 2004 ag luí leis an gcómhargadh, ar chuntar:

- go bhfadaítar go dtí an 31 Nollaig 2005 an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 9(4) de Phrótacal 2 maidir le táirgí CEGC atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Rómáin, den pháirt eile¹,
- go cloítear i gcaitheamh na tréimhse 2002-2008 leis na téarmaí atá leagtha amach sa phlean um athstruchtúrú agus sna pleananna leithleacha gnó ar ar a mbonn a fadaíodh an Prótacal thuasluaite,

¹ IO L 357, 31.12.1994, lch. 2. Comhaontú mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 2/2003 ó Chomhairle Chomhlachais/AE na Rómáine an 25.9.2003 (gan foilsíú fós san Iris Oifigiúil).

- go gcomhalltar na coinníollacha atá leagtha amach sna forálacha seo agus i bhFoscríbhinn A,
 - nach ndéantar aon státhabhair i bhfoirm ar bith a dheonú ná a íoc do na mulite cruach atá folaithe sa chlár náisiúnta um athstruchtúrú ón 1 Eanáir 2005 go dtí an 31 Nollaig 2008, deireadh na tréimhse don athstruchtúrú, agus
 - nach n-íoctar aon státhabhair um athstruchtúrú do thionscal cruach na Rómáine tar éis an 31 Nollaig 2004. Chun críocha na bhforálacha seo agus Fhoscríbhinn A, tuigfear státhabhair um athstruchtúrú mar aon bheart a bhaineann le cuideachtaí cruach arb é státhabhair de réir bhrí Airteagal 87(1) de Chonradh CE agus nach féidir a mheas go bhfuil sé ag luí leis an gcómhargadh i gcomhréir leis na gnáthrialacha a chuirtear i bhfeidhm sa Chomhphobal.
2. Is iad na cuideachtaí atá liostaithe i gCuid I d'Fhoscríbhinn A (dá ngairtear "cuideachtaí tairbhiúla" anseo feasta), agus iad siúd amháin, a bheidh cáilithe do státhabhair faoi chuimsiú chlár na Rómáine um athstruchtúrú cruach.

3. Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2008 (dá ngairtear "deireadh na tréimhse um athstruchtúrú" anseo feasta), críochnófar athstruchtúrú earnáil chruach na Rómáine, mar atá tuairiscithe i bpleananna leithleacha gnó na gcuideachtaí tairbhiúla agus sa chlár náisiúnta um athstruchtúrú, agus i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha amach sna forálacha seo agus i bhFoscríbhinn A.

4. Ní fhéadfaidh cuideachta thairbhiúil:

- (a) i gcás cumaisc le cuideachta nach bhfuil liostaithe i gCuid I d'Fhoscríbhinn A, tairbhe na cabhrach arna deonú don chuideachta thairbhiúil a chur ar aghaidh;
- (b) sócmhainní aon chuideachta nach bhfuil liostaithe i gCuid I d'Fhoscríbhinn A a ghabháil chuici agus tairbhe na cabhrach arna deonú di sa tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2008 a chur ar aghaidh.

5. Déanfaidh aon athrú iardain ar úinéireacht aon cheann de na cuideachtaí tairbhiúla urramú ar na coinníollacha agus na prionsabail i dtaca le himharthanacht, stáetchabhracha agus laghdú cumais atá sainithe sna forálacha seo agus i bhFoscríbhinn A.

6. Cuideachtaí nach bhfuil liostaithe mar "chuideachtaí tairbhiúla" faoi Chuid I d'Fhoscríbhinn A, ní thairbheoidh siad de stáetchabhair um athstruchtúrú ná d'aon chabhair eile nach meastar a bheith ag luí le rialacha stáetchabhrach Comhphobail agus ní bheidh d'íallach orthu a gcumas a laghdú sa chomhthéacs seo. Ní áireofar aon ghearradh cumais laistigh de na cuideachtaí sin mar chuid den íoslagnádú.

7. Cinnfear méid iomlán na hollchabhrach um athstruchtúrú le formheas le haghaidh na gcuideachtaí tairbhiúla de réir na bhfírinne do gach aon cheann de na bearta cabhrach dá bhforáltear sa chlár náisiúnta críochnaitheach um athstruchtúrú agus sna pleannanna leithleacha gnó lena bhformheas ag údaráis na Rómáine agus faoi réir fhíorúcháin chríochnaithigh maidir le comhall na grítéar atá leagtha amach in Airteagal 9(4) de Phrótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú Eorpach agus faoi réir fhormheas ón gComhairle. I gcás ar bith, ní rachaidh méid iomlán na hollchabhrach um athstruchtúrú arna deonú agus arna híoc sa tréimhse 1993-2004 thar ROL 49 985 billiún. Laistigh den uasteorainn phoriomlán sin, beidh feidhm ag na fotheorainneacha nó méideanna uasta seo a leanas maidir le státhabhair arna deonú agus arna híoc do gach cuideachta thairbhiúil sa tréimhse 1993-2004:

Ispat Sidex Galați	ROL 30 598 billiún
Siderurgica Hunedoara	ROL 9 975 billiún
CS Reșița	ROL 4 707 billiún
IS Câmpia Turzii	ROL 2 234 billiún
COS Târgoviște	ROL 2 399 billiún
Donasid (Siderca) Călărași	ROL 72 billiún

Beidh de thoradh ar an státhabhair inmharthanacht faoi ghnáthimthosca margaidh a bheith bainte amach ag na cuideachtaí tairbhiúla ag deireadh na tréimhse um athstruchtúrú. Déanfar méid agus déine na cabhrach sin a theorannú go dian dá bhfuil fior-riachtanach chun an inmharthanacht sin a athbhunú. Cinnfear an inmharthanacht agus aird á tabhaint ar na tagarmharcanna atá tuairiscithe i gCuid III d'Fhoscríbhinn A.

Ní dheonóidh an Rómáin aon stáetchabhair bhreise do thionscal cruach na Rómáine ar mhaithe le hathstruchtúrú.

8. Is é 2,05 milliún tona méid íosta na nglanlaghduithe cumais iomlán a bheidh le baint amach ag na cuideachtaí tairbhiúla do tháirgí críochnaithe i rith na tréimhse 1993-2008.

Tomhasfar na laghduithe cumais sin ar bhonn áiseanna cruach teorollta a dhúnadh go buan trí scrios fisiciúil ar dhóigh nach féidir na háiseanna a athchur i seirbhís. Ní chóileofar mar laghdú cumais cuideachta thairbhiúil do dhearbhú féimheachta¹.

Déanfar an glanlaghdú íosta cumais de 2,05 milliún tona agus na dátaí chun scor de tháirgeadh agus chun na háiseanna atá fothaithe a dhúnadh go buan a bhaint amach ar cothrom leis an amchlár atá leagtha amach i gCuid II d'Fhoscríbhinn A.

¹ Beidh laghduithe cumais buan de réir bhrí Chinneadh Uimh. 3010/91/CEGC ón gCoimisiún (IO L 286, 6.10.1991, lch. 20).

9. Beidh formhuiniú i scríbhinn ó na cuideachtaí tairbhiúla ag gabháil leis na pleannanna leithleacha gnó. Cuirfear chun feidhme iad agus áireofar leo ach go háirithe:

(a) I gcás Ispat Sidex Galați:

- (i) an clár infheistíochta a chur chun feidhme chun an mhonarcha a nuachóiriú, feabhas a chur ar thorthaí, costais a laghdú (go háirithe tomhaltas fuinnimh) agus feabhas a chur ar an gcáilíocht
- (ii) aistriú chuig deighleáin mhargaidh tárgí leata cruach ar mó a mbreisluach
- (iii) feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus bainistíocht eagraíochtúil
- (iv) athstruchtúrú airgeadais na cuideachta a chomhlánú
- (v) na hinfheistíochtaí is gá a chur chun feidhme chun reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh

(b) I gcás Siderurgica Hunedoara:

- (i) na háiseanna a nuachóiriú d'fhonn an plean díolacháin atá beartaithe a ghnóthú
- (ii) feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus bainistíocht eagraíochtúil
- (iii) na hinfheistíochtaí is gá a chur chun feidhme chun reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh

(c) I gcás IS Câmpia Turzii:

- (i) aschur táirgí ar mó a bhreislúach agus táirgí próiseáilte a mhéadú
- (ii) an clár infheistíochta a chur chun feidhme d'fhonn cáilíocht na táirgeachta a fheabhsú
- (iii) feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus bainistíocht eagraíochtúil
- (iv) na hinfheistíochtaí is gá a chur chun feidhme chun reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh

(d) I gcás CS Rešia:

- (i) speisialú ar tháirgí leathchríochnaithe chun soláthar d'earnáil áitiúil na bpíobán
- (ii) cumais neamhéifeachtacha a dhúnadh
- (iii) na hinfheistíochtaí is gá a chur chun feidhme chun reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh

(e) I gcás COS Târgoviște:

- (i) scair na dtáirgí ar mó a bhreisluach a mhéadú
- (ii) an clár infheistíochta a chur chun feidhme chun costais a laghdú, cur le héifeachtacht agus cailíocht a fheabhsú
- (iii) na hinfheistíochtaí is gá a chur chun feidhme chun reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh

(f) I gcás Donasid Cálarași:

- (i) an clár infheistíochta a chur chun feidhme chun an mhonarcha a nuachóiriú
- (ii) scair na dtáirgí críochnaithe a mhéadú
- (iii) na hinfheistíochtaí is gá a chur chun feidhme chun reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh.

10. Ní foláir comhaontú ón gCoimisiún, agus, nuair is iomchuí, ón gComhairle, a bheith le haon athruithe iardain ar an bplean náisiúnta um athstruchtúrú agus ar na pleannanna leithleacha gnó.

11. Cuirfear an t-athstruchtúrú chun feidhme faoi dháláí lán-tréadhearcachta agus ar bhonn phrionsabail fóntha gheilleagar an mhargaidh.

12. Déanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle faireachán géar roimh an aontachas agus ina dhiaidh, go dtí 2009, ar chur chun feidhme an chláir um athstruchtúrú agus na bpleannanna leithleacha gnó agus ar chomhall na gcoinníollacha atá leagtha amach sna forálacha seo agus i bhFoscáibhinn A. Déanfaidh an Coimisiún faireachán, ach go háirithe, ar na príomhghealltanais agus na príomhfhorálacha atá leagtha síos i míreanna 7 agus 8 maidir le státhabhair, inmharthanacht agus laghduithe cumais, ag baint úsáide ach go háirithe as na tagarmharcanna um athstruchtúrú atá leagtha amach i mír 9 agus i gCuid III d'Foscáibhinn A. Chuige seo, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chuig an gComhairle.

13. Áireofar ar an bhfaireachán meastóireacht neamhspleáach a dhéanfar gach bliain ó 2005 go 2009.

14. Comhoibreoidh an Rómáin go hiomlán leis na socruthe faireacháin go léir. Ach go háirithe:

- soláthróidh an Rómáin don Choimisiún tuarascálacha leathbhliantúla tráth nach déanaí ná an 15 Márta agus an 15 Meán Fómhair gach bliain, mura gcinnfidh an Coimisiún a mhalaírt. Soláthrófar an chéad tuarascáil an 15 Márta 2005 agus an tuarascáil dheireanach an 15 Márta 2009;
- beidh sna tuarascálacha an fhaisnéis uile is gá chun faireachán a dhéanamh ar phróiseas an athstruchtúraithe agus ar laghdú agus úsáid cumais agus tabharfar iontu dóthain sonrai airgeadais chun gur féidir measúnú a dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil na coinníollacha agus na ceanglais sna forálacha seo agus i bhFoscríbhinn A comhalla. Beidh sna tuarascálacha ar a laghad an fhaisnéis atá leagtha amach i gCuid IV d'Fhoscríbhinn A, agus forchoimeádann an Coimisiún an ceart an Chuid sin a mhodhnú i gcomhréir lena thaithí i rith an phróisis faireacháin. I dteannta le tuarascálacha leithleacha gnó na gcuideachtaí tairbhiúla, beidh tuarascáil freisin ar staid fhoriomlán earnáil chruach na Rómáine, lena n-áirítear forbairtí maicreacnamaíocha déanacha;

– cuirfidh an Rómáin iallach ar na cuideachtaí tairbhiúla gach sonra is ábhartha a nochtadh a d'fhéadfaí a mheas, i gcúinsí eile, mar shonraí rúnda. Agus tuairisc á tabhairt aige don Chomhairle, áiritheoidh an Coimisiún nach nochtfar faisnéis rúnda atá sonrach do chuideachta.

15. Beidh cruinniú gach sé mhí ag Coiste Comhairleach ar a mbeidh ionadaithe d'údaráis na Rómáine agus don Choimisiún. Féadfaidh an Coiste Comhairleach sin cruinnithe ad hoc a chomóradh freisin má mheasann an Coimisiún gur gá sin.

16. Má shuíonn an Coimisiún, ar bhonn an fhaireacháin, gur tharla diallais shuntasacha ó na réamhaisnéisí maidir le forbairtí maicreacnamaíocha, ó staid airgeadais na gcuideachtaí tairbhiúla nó ón measúnú inmharthanachta, féadfaidh sé a chur de cheangal ar an Rómáin bearta iomchuí a ghlacadh chun bearta um athstruchtúrú de chuid na gcuideachtaí tairbhiúla i dtrácht a athneartú nó a mhodhnú.

17. Má thaispeánann an faireachán:

(a) nár comhallaíonn na coinníollacha atá leagtha amach sna forálacha seo agus i bhFoscábhinn A, nó

- (b) nár comhalladh aon cheann de na gealltanais arna ndéanamh ag an Rómáin faoi chuimsiú fhadú na tréimhse inar féidir leis an Rómáin stáetchabhair a dheonú go heisceachtúil chun a tionscal cruach a athstruchtúrú faoin gComhaontú Eorpach, nó
- (c) go ndearna an Rómáin, i gcaitheamh na tréimhse athstruchtúraithe, stáetchabhair neamhréireach bhreise a dheonú do na cuideachtaí tairbhiúla nó d'aon chuideachta chruach,

glacfaidh an Coimisiún na bearta iomchuí ag cur de cheangal ar aon chuideachta i dtrácht aon chabhair arna deonú de shárú ar na coinníollacha atá leagtha síos sna forálacha seo agus i bhFoscreibhinn A a aisíoc. Nuair is gá, rachfar ar iontaoibh na gclásal cosanta atá leagtha síos in Airteagal 37 den Ionstraim nó faoi Airteagal 39 den Ionstraim.

5. TALMHAÍOCHT

A. REACHTAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

31999 R 1493: Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagraíocht an fhíonmhargaidh (IO L 179, 14.7.1999, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32003 R 1795: Rialachán (CE) Uimh. 1795/2003 ón gCoimisiún an 13.10.2003 (IO L 262, 14.10.2003, lch. 13).

De mhaolú ar Airteagal 19(1) go (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999, féadfaidh an Rómáin aitheantas a thabhairt do chearta athphlandála arna bhfáil ó ghrafadh cineálacha hibrídeacha nach bhféadfar a áireamh i rangú cineálacha fíniúna, arna saothrú ar limistéar 30 000 heicteár. Ní fhéadfar leas a bhaint as na cearta athphlandála sin ach go dtí an 31 Nollaig 2014 agus le haghaidh athphlandála *Vitis vinifera* go heisiach.

Ní bheidh athstruchtúrú agus athchóiriú na bhfiónghort sin cáilithe do thacaíocht Chomhphobail dá bhforáiltear faoi Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999. Féadfar státhchabhair náisiúnta a thabhairt, áfach, i gcás na gcostas a thig óna n-athstruchtúrú agus óna n-athchóiriú. Ní fhéadfaidh cabhair den sórt sin dul thar 75% d'iomlán na gcostas in aghaidh an fhíonghoirt.

B. REACHTAÍOCHT TRÉIDLIACTHA AGUS FÍTEASLÁINTÍOCHTA

I. REACHTAÍOCHT TRÉIDLIACTHA

32004 R 0852: Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

32004 R 0853: Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 ag leagan síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de thionscnamh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55).

- (a) Ní bheidh feidhm go dtí an 31 Nollaig 2009 ag na ceanglais struchtúracha atá leagtha síos in Iarscríbhinn II, Caibidil II, de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus in Iarscríbhinn III, Roinn I, Caibidlí II agus III, Roinn II, Caibidlí II agus III, agus Roinn V, Caibidil I, de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, maidir le bunaíochtaí sa Rómáin atá liostaithe i bhFoscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos thíos.

- (b) Fad a thairbheoidh na bunaíochtaí dá dtagraítear i mír (a) thuas d'fhorálacha na míre sin, ní chuirfear tárgí de thionscnamh na mbunaíochtaí sin ach ar an margadh intíre amháin nó ní úsáidfear iad ach do phróiseáil bhreise i mbunaíochtaí sa Rómáin atá folaithe freisin ag forálacha mhír (a), gan spleáchas don dáta margáiochta. Ní foláir marc sláinte nó sainaitheantaa bheith ar na tárgí sin a bheidh éagsúil leis an marc dá bhforáltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

Tá feidhm ag an bhfomhír sin roimhe seo maidir leis na tárgí go léir de thionscnamh bunaíochtaí ionmlánaithe feola nuair atá cuid den bhunaíocht faoi réir fhorálacha mhír (a).

- (c) Go dtí an 31 Nollaig 2009, féadfaidh na bunaíochtaí próiseála bainne atá liostaithe i bhFoscáibhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo seachadtaí bainne amh a fháil nach gcomhlíonann na ceanglais in Iarscríbhinn III, Roinn IX, Caibidil I, fochaibidlí II agus III, de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 nó nár láimhsíodh i gcomhréir leis an ceanglais sin, ar chuntar go mbeidh na feirmeacha óna seachadfar an bainne lúaite ar liosta arna choimeád ar bun ag na húdaráis Rómánacha chun na críche sin. Déanfaidh an Rómáin tuarascálacha bliantúla a thíolacadh don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn arna dhéanamh in uasghrádú na bhfeirmeacha déiríochta agus an chórais bhailithe bainne.

- (d) Áiritheoidh an Rómáin go gcomhlíonfar de réir a chéile na ceanglais dá dtagraítear i mír (a). Roimh dháta an aontachais, tíolacfaidh an Rómáin don Choimisiún plean uasghrádaithe arna fhormheas ag an údarás inniúil náisiúnta tréidliachta le haghaidh gach ceann de na bunaíochtaí atá folaithe ag an mbeart atá leagtha síos i mír (a) agus atá liostaithe i bhFoscábhinn B. Beidh sa phlean liosta de na heasnaimh go léir i dtaca leis na ceanglais dá dtagraítear i mír (a) agus an dáta a phleanáiltear iad a cheartú. Déanfaidh an Rómáin tuarascálacha bliantúla a thíolacadh don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn arna dhéanamh i ngach ceann de na bunaíochtaí. Áiritheoidh an Rómáin gurb iad na bunaíochtaí a chomhlíonfaidh na ceanglais sin go hiomlán faoin 31 Nollaig 2009, agus iad sin amháin, a fhéadfaidh leanúint de bheith ag oibriú.
- (e) I gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002¹, féadfaidh an Coimisiún Foscábhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo a thabhairt suas chun dáta roimh an aontachas agus go dtí an 31 Nollaig 2009, agus sa chomhthéacs sin féadfaidh sé bunaíochtaí leithleacha a chur léi nó a scríosadh, i bhfianaise an dul chun cinn arna dhéanamh maidir le heasnaimh atá ann a cheartú agus i bhfianaise thoradh an phróisis faireacháin.

Féadfar rialacha mionsonraithe cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 58 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, chun oibriú rianúil an chórais idirthréimhsigh thusa a áirithiú.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaímint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 ag leagan síos phriónsabail agus cheanglais ghinearálta dhlí an bhia, ag bunú an Údarás Eorpaigh um Shábháilteacht Bia agus ag leagan síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1). Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1642/2003 (IO L 245, 29.9.2003, lch. 4).

II. REACHTAÍOCHT FÍTEASLÁINTÍOCHTA

31991 L 0414: Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le tárgí cumhdaigh plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32004 L 0099: Treoir 2004/99/CE ón gCoimisiún an 1.10.2004 (IO L 309, 6.10.2004, lch. 6).

De mhaolú ar Airteagal 13(1) de Threoir 91/414/CEE, féadfaidh an Rómáin na teorainneacha ama a chur siar maidir le soláthar na faisnéise dá dtagraítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Treoir 91/414/CEE i gcás tárgí cumhdaigh plandaí a údaraítear faoi láthair sa Rómáin agus a mhargaítear go heisiach ar chríoch na Rómáine agus a bhfuil comhdhúile copair (sulfait, ocsaclóiríd nó hidracsaíd), sulfar, aicéiteaclór, démheitiáit agus 2,4-D iontu, ar chuntar go mbeidh na comhbáhair sin liostaithe an tráth sin in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin. Féadfar na teorainneacha thuasluaite a chur siar go tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2009, ach amháin i gcás 2,4-D a bhféadfar an teorainn ama ina leith a chur siar go tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2008. Ní bheidh feidhm ag na forálacha thus ach amháin maidir leis na cuideachtaí iarrthacha a thosaigh ag obair iarbhír ar na sonraí is gá a ghiniúint nó a fháil roimh an 1 Eanáir 2005.

6. BEARTAS IOMPAIR

1. 31993 R 3118: Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 1993 ag leagan síos na gcoinníollacha faoina bhféadfaidh carraeirí neamhchónaitheacha seirbhísí náisiúnta iompair tharlaithe de bhóthar a oibriú laistigh de Bhallstát (IO L 279, 12.11.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:
 - 32002 R 0484: Rialachán (CE) Uimh. 484/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 1.3.2002 (IO L 76, 19.3.2002, lch. 1).
 - (a) De mhaolú ar Airteagal 1 de Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 agus go dtí deireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais, eisiasfar carraeirí arna mbunú sa Rómáin ó sheirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a oibriú sna Ballstáit eile agus eisiasfar carraeirí arna mbunú sna Ballstáit eile ó sheirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a oibriú sa Rómáin.
 - (b) Roimh dheireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais, tabharfaidh Ballstáit fógra don Choimisiún á rá cé acu an bhfadóidh siad an tréimhse sin ar feadh dhá bliain ar a mhéid nó an gcuirfidh siad Airteagal 1 den Rialachán i bhfeidhm go hiomlán feasta. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán. Carraeirí arna mbunú sna Ballstáit sin ina bhfuil feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán, is iad amháin a fhéadfaidh seirbhísí tarlaithe náisiúnta de bhóthar a oibriú sna Ballstáit eile sin ina bhfuil feidhm freisin ag Airteagal 1 den Rialachán.

- (c) Na Ballstáit ina bhfuil feidhm, de bhua mhír (b) thusas, ag Airteagal 1 den Rialachán, féadfaidh siad dul ar iontaoibh an nós imeachta atá leagtha amach thíos go dtí deireadh an chúigiú bliain tar éis dháta an aontachais.

Nuair a tharlaíonn suaitheadh tromchúiseach ar mhargadh náisiúnta de chuid Ballstáit dá dtagraítear san fhomhír sin roimhe seo nó ar chodanna de de bharr cabatáiste nó arna ghéarú aige, ar nós farasbairr thromchúisigh soláthair thar éileamh nó baol do chobhsaíocht airgeadais nó do mharthanás líon suntasach gnóthas tarlaithe de bhóthar, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi agus déanfaidh sé na sonraí uile ábhartha a sholáthar dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh an Ballstát a iarraidh ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm Airteagal 1 den Rialachán a fhionraí go hiomlán nó go páirteach, d'fheann an staid a athbhunú ina gnáthriocht.

Scrúdóidh an Coimisiún an staid ar bhonn na sonraí arna soláthar ag an mBallstát i dtrácht agus cinnfidh sé laistigh de mhí ón iarraidh a fháil an gá bearta coimirce a ghlacadh. Beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha síos sa dara fomhír, sa tríú fomhír agus sa cheathrú fomhír de mhír 3 agus i míreanna 4, 5 agus 6 d'Airteagal 7 den Rialachán.

I gcásanna práinneacha agus eisceachtúla, féadfaidh Ballstát dá dtagraítear sa chéad fhomhír thusas cur i bhfeidhm Airteagal 1 den Rialachán a fhionraí agus fógra réasúnaithe ex-post a thabhairt don Choimisiún ina dhiaidh sin.

- (d) Fad nach gcuirfear Airteagal 1 den Rialachán i bhfeidhm de bhua mhíreanna (a) agus (b) thuas, féadfaidh Ballstáit rochtain ar a seirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a rialú trí údaruithe cabatáiste a mhalartú go comhleanúnach ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha. Féadfaidh caoi an léirscaoilte ionmláin a bheith san áireamh.
- (e) Ní fhéadfaidh rochtain níos sriantaí ar sheirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar ná mar atá ann ar dháta síntíche an Chonartha Aontachais leanúint ó éifeacht míreanna (a) go (c) a chur i bhfeidhm.
2. 31996 L 0053: Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 ag leagan síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59), mar atá arna leasú go deireanach le
- 32002 L 0007: Treoir 2002/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18.2.2002 (IO L 67, 9.3.2002, lch. 47).

De mhaolú ar Airteagal 3(1) de Threoir 96/53/CE, ní fhéadfaidh feithiclí a chomhlíonann na luachanna teorantacha d'aicmí 3.2.1, 3.4.1, 3.4.2 agus 3.5.1 atá sonraithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin na codanna neamh-uasghrádaithe de ghréasán bóithre na Rómáine a úsáid go dtí an 31 Nollaig 2013 ach amháin má chomhlíonann siad teorainneacha Rómánacha ar ualach acastóirí.

Amhail ó dháta an aontachais, ní fhéadfar aon srianta a fhorchur ar fheithiclí a chomhlíonann ceanglais Threoir 96/53/CE na príomhbhealaí idirthurais a úsáid atá leagtha amach in Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Comhaontú AE/na Rómáine maidir le hIompar¹ agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1692/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 1996 maidir le treoirlínte Comhphobail le haghaidh an gréasán traseorpach iompair a forbairt², agus atá liostaithe thíos:

1. Alba Iulia – Turda – Zalău – Satu Mare – Halmeu (bóthar E 81)
2. Zalău – Oradea – Borș (bóithre 1 H and E 60)
3. Mărășești – Bacău – Suceava – Siret (bóthar E 85)
4. Tișița – Tecuci – Huși – Albița (bóthar E 581)
5. Simeria – Hațeg – Rovinari – Craiova – Calafat (bóthar E 79)
6. Lugoj – Caransebeș – Drobeta-Turnu Severin – Filiași – Craiova (bóthar E 70)
7. Craiova – Alexandria – București (bóthar 6)
8. Drobeta-Turnu Severin – Calafat (bóthar 56 A)
9. București – Buzău (bóithre E 60/E 85)
10. București – Giurgiu (bóithre E 70/E 85)
11. Brașov – Sibiu (bóthar E 68)
12. Timișoara – Stamora Moravița

¹ Comhaontú um Idirthuras de Bhóthar an 28 Meitheamh 2001 idir an Comhphobal Eorpach agus an Rómáin maidir le hiompar earraí (IO L 142, 31.5.2002, lch.75).

² IO L 228, 9.9.1996, lch. 1. Cinneadh mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh Uimh. 884/2004/CE (IO L 167, 30.4.2004, lch. 1).

Cloífidh an Rómáin leis an amchlár atá leagtha amach sa tábla thíos le haghaidh a gréasán bóithre tanaisteacha a uasghrádú mar a thaispeántar sa léarscáil thíos. Áiritheoidh aon infheistíochtaí sa bhonneagar lena ngabhann úsáid cistí ó bhuiséad an Chomhphobail go ndéanfar na hartairí a thógáil nó a uasghrádú go dtí cumas ualachiompartha de 11,5 tona in aghaidh an acastóra.

De réir mar a chríochnófar an t-uasghrádú, déanfar gréasán bóithre tanaisteacha na Rómáine a oscailt go comhleanúnach d'fheithiclí sa trácht idirnáisiúnta a chomhlíonann luachanna teorantacha na Treorach. Chun críocha luchtú agus díluchtú, nuair is féidir sin go teicniúil, ceadófar codanna neamh-uasghrádaithe den ghréasán bóithre tanaisteacha a úsáid i rith na hidirthréimhse ar fad.

Amhail ó dháta an aontachais, beidh na feithiclí uile sa trácht idirnáisiúnta a chomhlíonann luachanna teorantacha Threoir 96/53/CE faoi réir muirear sealadach breise ar ghréasán bóithre tanaisteacha na Rómáine má théann siad thar theorainneacha náisiúnta ualach acastóra. Ní bheidh na feithiclí sin faoi réir muirear sealadach breise ar ghréasán bóithre tanaisteacha na Rómáine má théann siad thar theorainneacha náisiúnta i dtaca le toise nó meáchan foriomlán na feithicle. Fairis sin, beidh na feithiclí sin sa trácht idirnáisiúnta a chomhlíonann luachanna teorantacha Threoir 96/53/CE agus atá feistithe le córas aerchrochta faoi réir muirear de 25% níos lú ar a laghad.

Déanfar muirir shealadacha breise a thobhach ar dhóigh neamh-idirdhealaitheach ar úsáid na gcodanna neamh-uasgrádaithe den ghréasán tánaisteach ag feithicíl sa trácht idirnáisiúnta a chomhlíonann luachanna teorantacha na Treorach. Beidh an córas gearrtha muirear trédhearcach agus ní chuirfidh íocaíocht na muirear sin ualach míchuí riarracháin nó moill mhíchuí ar an úsáidire ná ní leanfaidh ó íocaíocht na muirear sin seiceáil chórasach ar theorainneacha ualach acastóra ag an teorainn. Áiritheofar forghníomhú teorainneacha ualach acastóra ar dhóigh neamh-idirdhealaitheach ar fud na críche agus beidh sé éifeachtúil freisin i ndáil le feithicíl arna gclárú sa Rómáin.

Ní rachaidh na muirir ar fheithicíl gan chóras aerchrochta a chomhlíonann na luachanna teorantacha atá leagtha amach i dTreoir 96/53/CE thar an leibhéal muirear atá leagtha amach sa tábla thíos (arna sonrú i bhfigíúirí 2002). Beidh feithicíl atá feistithe le córas aerchrochta agus a chomhlíonann na luachanna teorantacha atá leagtha amach i dTreoir 96/53/CE faoi réir muirear de 25% níos lú ar a laghad.

Uasleibhéal muirear (figiúirí 2002) le haghaidh feithicíl gan chóras aerchrochta a chomhlíonann na luachanna teorantacha atá leagtha amach i dTreoir 96/53/CE

Ualach aon-acastóra i bhfeithicil ó – go	Méid an mhuiirir bħreise in euro (figiúirí 2002) chun aon chiliméadar de bhóthar neamh-uasgrádaithe (a bhfuil cumas uasta iompair 10 tona in aghaidh an acastóra aige) a úsáid
ó 10 tona in aghaidh an acastóra go 10,5 tona in aghaidh an acastóra	0,11
ó 10,5 tona in aghaidh an acastóra go 11 tona in aghaidh an acastóra	0,30
ó 11 tona in aghaidh an acastóra go 11,5 tona in aghaidh an acastóra	0,44

Amchlár le haghaidh uasghrádú an ghréasáin bhóithre tánaisteacha ar a mbeidh oscailt chomhleanúnach d'fheithiclí a chomhlíonann luachanna teorantacha Threoir 96/53/CE

Tréimhse	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	IOMLÁN
Km idir lámha ¹	3 031	2 825	1 656	1 671	1 518	1 529	1 554	
Km arna gcur i seirbhís ²	960	1 674	528	624	504	543	471	
Oibreacha carnacha (i km)	3 916	5 590	6 118	6 742	7 246	7 789	8 260	8 260

¹ Km idir lámha = codanna den bhóthar a ndéantar obair ina leith sa bhliain tagartha. Féadfaidh na hoibreacha sin tosú sa bhliain tagartha nó féadfaidh siad a bheith tosaithe sna blianta roimhe sin.

² Km arna gcur i seirbhís = codanna den bhóthar ar críochnaíodh an obair ina leith nó a cuireadh i seirbhís i rith na bliana tagartha.



3. 31999 L 0062: Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar thromfheithicíl earraí (IO L 187, 20.7.1999, lch. 42), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 12003 T: Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oriúnuithe na gConarthaí – Aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice (IO L 236, 23.9.2003, lch. 33).

De mhaolú ar Airteagal 6(1) de Threoir 1999/62/CE, ní bheidh feidhm sa Rómáin go dtí an 31 Nollaig 2010 ag na rátaí íosta cánach, atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir, maidir le feithicíl a ghabhann go heisiach d'oibríochtaí iompair intíre.

I rith na tréimhse sin, sroichfidh na rátaí a bheidh le cur i bhfeidhm ag an Rómáin maidir leis na feithicíl sin na rátaí íosta cánach atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir i gcomhréir leis an amchlár seo a leanas:

- faoin 1 Eanáir 2007, ní bheidh na rátaí a bheidh le cur i bhfeidhm ag an Rómáin níos lú ná 60% de na rátaí íosta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir,
- faoin 1 Eanáir 2009, ní bheidh na rátaí a bheidh le cur i bhfeidhm ag an Rómáin níos lú ná 80% de na rátaí íosta atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir.

7. CÁNACHAS

1. 31977 L 0388: Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhainneann le cánacha láimhdeachais – Comhchóras cánach breisluacha: aonbhonn measúnachta (IO L 145, 13.6.1977, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32004 L 0066: Treoir 2004/66/CE ón gComhairle an 26.4.2004 (IO L 168, 1.5.2004, lch. 35).

D'fhonn Airteagal 28(3)(b) de Threoir 77/388/CEE a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Rómáin díolúine ó cháin bhrefsluacha a choimeád ar bun maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí dá dtagraítear i bpointe 17 d'Iarscríbhinn F a ghabhann leis an Treoir go dtí go gcomhallfar an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 28(4) den Treoir nó fad a chuirfidh aon cheann de na Ballstáit láithreacha an díolúine chéanna i bhfeidhm, cibé acu is túisce.

2. 31992 L 0079: Treoir 92/79/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le cánacha ar thoitní a chomhfogasú (IO L 316, 31.10.1992, lch. 8), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32003 L 0117: Treoir 2003/117/CE ón gComhairle an 5.12.2003 (IO L 333, 20.12.2003, lch. 49).

De mhaolú ar Airteagal 2(1) de Threoir 92/79/CEE, féadfaidh an Rómáin cur i bhfeidhm na dleachta máil foriomláine íosta ar an bpraghás miondíola (lena n-áirítéar gach cáin) do thoitíní san aicme phraghais is mó éileamh a chur siar go dtí an 31 Nollaig 2009, ar chuntar go ndéanfaidh an Rómáin a rátaí dleachta máil a choigeartú de réir a chéile i rith na tréimhse sin ionsar an dleacht mháil fhioriomlán íosta dá bhforáltear sa Treoir.

Gan dochar d'Airteagal 8 de Threoir 92/12/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 maidir leis na socruithe ginearálta do tháirgí atá faoi réir dleachta máil agus maidir le táirgí den sórt sin a shealbhú agus a bhogadh agus faireachán a dhéanamh orthu¹, agus tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas, féadfaidh Ballstáit, fad atá feidhm ag an díolúine thuas, na teorainneacha cainníochtúla céanna a choimeád ar bun do thoitíní a fhéadtar a bhreith isteach ina gcríocha ón Rómáin gan breis dleachta máil a íoc is a chuirtear i bhfeidhm ar allmhairí ó thríú tíortha. Féadfaidh Ballstáit a bhaineann leas as an gcaoi seo na seiceálacha is gá a dhéanamh ar chuntar nach ndéanfaidh na seiceálacha sin difear d'oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

¹ IO L 76, 23.3.1992, lch. 1. Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 807/2003 (IO L 122, 16.5.2003, lch. 36).

3. 32003 L 0049: Treoir 2003/49/CE ón gComhairle an 3 Meitheamh 2003 maidir leis an gcóras coiteann cánachais is infheidhme ar íocaíochtaí úis agus ríchiosa arna ndéanamh idir cuideachtaí comhlachaithe Ballstát éagsúil (IO L 157, 26.6.2003, lch. 49), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32004 L 0076: Treoir 2004/76/CE ón gComhairle an 29.4.2004 (IO L 157, 30.4.2004, lch. 106).

Údarófar don Rómáin gan forálacha Airteagal 1 de Threoir 2003/49/CE a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2010. I rith na hidirthréimhse sin, an ráta cánach ar íocaíochtaí úis agus ríchiosa arna ndéanamh chuitg cuideachta chomhlachaithe de chuid Ballstáit eile nó chuitg buanbhunaíocht is de chuid cuideachta chomhlachaithe Ballstáit agus atá suite i mBallstát eile, ní rachaidh sé thar 10%.

4. 32003 L 0096: Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 ag athstruchtúrú an chreata Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 32004 L 0075: Treoir 2004/75/CE ón gComhairle an 29.4.2004 (IO L 157, 30.4.2004, lch. 100).

- (a) De mhaolú ar Airteagal 7 de Threoir 2003/96/CE, féadfaidh an Rómáin na hidirthréimhsí seo a leanas a chur i bhfeidhm:
- go dtí an 1 Eanáir 2011 chun an leibhéal náisiúnta cánachais ar pheitreal gan luaidhe arna úsáid mar thiomántán a choigeartú go dtí íosleibhéal EUR 359 in aghaidh 1 000 l. Ní bheidh an ráta éifeachtúil cánach arna chur i bhfeidhm ar pheitreal gan luaidhe arna úsáid mar thiomántán níos lú ná EUR 323 in aghaidh 1 000 l amhail ón 1 Eanáir 2008,
 - go dtí an 1 Eanáir 2013 chun an leibhéal náisiúnta cánachais ar ola gháis arna húsáid mar thiomántán a choigeartú go dtí íosleibhéal EUR 330 in aghaidh 1 000 l. Ní bheidh an ráta éifeachtúil cánach arna chur i bhfeidhm ar ola gháis arna húsáid mar thiomántán níos lú ná EUR 274 in aghaidh 1 000 l amhail ón 1 Eanáir 2008 agus EUR 302 in aghaidh 1 000 l amhail ón 1 Eanáir 2011.
- (b) De mhaolú ar Airteagal 9 de Threoir 2003/96/CE, féadfaidh an Rómáin na hidirthréimhsí seo a leanas a chur i bhfeidhm:
- go dtí an 1 Eanáir 2010 chun an leibhéal náisiúnta cánachais ar ghás nádúrtha arna úsáid chun críocha téimh nach críocha gnó a choigeartú go dtí an t-íosleibhéal cánachais atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, Tábla C,

- go dtí an 1 Eanáir 2010 chun an leibhéal náisiúnta cánachais ar thromola bhreosla arna húsáid chun críocha téimh cheantair a choigeartú go dtí na híosleibhéil chánachais atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, Tábla C,
- go dtí an 1 Eanáir 2009 chun na leibhéal náisiúnta cánachais ar thromola bhreosla arna húsáid chun críocha seachas téamh ceantair a choigeartú go dtí na híosleibhéil chánachais atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, Tábla C.

Ní bheidh an ráta éifeachtúil cánach arna chur i bhfeidhm ar na táirgí tromola breosla i dtrácht níos lú ná EUR 13 in aghaidh 1 000 kg amhail ón 1 Eanáir 2007.

- (c) De mhaolú ar Airteagal 10 de Threoir 2003/96/CE, féadfaidh an Rómáin idirthréimhse go dtí an 1 Eanáir 2010 a chur i bhfeidhm chun an leibhéal náisiúnta cánachais ar leictreachas a choigeartú go dtí na híosleibhéil chánachais atá leagtha síos in Iarscríbhinn I, Tábla C. Ní bheidh na rátaí éifeachtúla cánach arna gcur i bhfeidhm ar leictreachas níos lú ná 50% den iosráta Comhphobail ábhartha amhail ón 1 Eanáir 2007.

8. FUINNEAMH

31968 L 0414: Treoir 68/414/CEE ón gComhairle an 20 Nollaig 1968 ag forchur oibleagáide ar Bhallstáit CEE stoic íosta amhola agus/nó tárgí peitriliam a choinneáil (IO L 308, 23.12.1968, lch. 14), mar atá arna leasú go deireanach le:

- 31998 L 0093: Treoir 98/93/CE ón gComhairle an 14.12.1998 (IO L 358, 31.12.1998, lch. 100).

De mhaolú ar Airteagal 1(1) de Threoir 68/414/CEE, ní bheidh feidhm sa Rómáin ag an íosleibhéal stoc de thárgí peitriliam go dtí an 31 Nollaig 2011. Áiritheoidh an Rómáin go gcomhfhereagraíonn a híosleibhéal stoc de thárgí peitriliam, i gcás gach ceann de na haicmí tárgí peitriliam atá liostaithe in Airteagal 2, ar a laghad do mheántomhailt inmheánach laethúil an mhéid laethanta seo a leanas, mar atá sainithe in Airteagal 1(1):

- 68,75 lá faoin 1 Eanáir 2007,
- 73 lá faoin 31 Nollaig 2007,
- 77,25 lá faoin 31 Nollaig 2008,
- 81,5 lá faoin 31 Nollaig 2009,
- 85,45 lá faoin 31 Nollaig 2010,
- 90 lá faoin 31 Nollaig 2011.

9. COMHSHAOL

A. CÁILÍOCHT AN AEIR

31994 L 0063: Treoir 94/63/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le rialú astaíochtaí de chomhdhúile soghalaithe orgánacha (CSO) a thig ó stóráil peitril agus óna dáileadh ó theirminéil go stáisiúin seirbhíse (IO L 365, 31.12.1994, lch. 24), mar atá arna leasú le:

- 32003 R 1882: Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29.9.2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

1. De mhaolú ar Airteagal 3 agus Iarscríbhinn I de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm sa Rómáin ag na ceanglais d'fhearaí stórála atá ann ag teirminéil:

- go dtí an 31 Nollaig 2007 maidir le 115 fearas stórála ag 12 teirminéal agus go dtí an 31 Nollaig 2008 maidir le 4 fearas stórála ag 1 teirminéal a bhfuil acu tríchur arna luchtú is mó ná 25 000 tona in aghaidh na bliana ach nach mó ná 50 000 tona in aghaidh na bliana;
